| Opening Balance at 20/12/2021 | | | | | | |
| Assets Transferred | | | 47,962 | 43,466 | 175,869 | 267,297 |
| Additions | 11,010,661 | 16,614,952 | | | | 27,625,613 |
| Reclassification | | | | | | 1,105,840 |
| Closing Balance at 31/12/2022 | 11,010,661 | 17,720,792 | 47,962 | 43,466 | 175,869 | 28,998,750 |
| Depreciation | | | | | | |
| Opening Balance at 20/12/2021 | | | | | | |
| Charge for the period | 25,326 | | 4,496 | 4,052 | 76,814 | 110,688 |
| Closing Balance at 31/12/2022 | 25,326 | | 4,496 | 4,052 | 76,814 | 110,688 |
| Net Book Value at 31/12/2022 | 10,985,335 | 17,720,792 | 43,466 | 39,414 | 99,055 | 28,888,062 |

14. Property, Plant, and Equipment (continued)

Assets under Construction includes construction works in progress and design costs incurred at sites when it is deemed probable that future economic benefits associated with the project will flow to the Company and costs can be measured reliably. This comprises the projects at Shanganagh Castle in Shankhill, Co. Dublin, St. Kevin's Hospital in Co. Cork, Devoy Barracks in Naas, Co. Kildare, Castletlands in Balbriggan, Co. Dublin, Hacketstown in Skerries Co. Dublin, St. Teresa's Gardens in Dublin 8, Cromcastle in Dublin 17, Clongriffin in Dublin 13, Bluebell in Dublin 12, Dyke Road, Co. Galway, Cherry Orchard in Dublin 10, and CMH Dundrum in Dublin 14.

Assets Under Construction includes Land of €56,140,863 at 31 December 2023 (2022: €1,105,840) at Thomas Court in Dublin 8, St. Kevin's, Clongriffin, Devoy Barracks, and Clonsilla in Dublin 15.

Assets Under Construction also includes a reclassification related to a site purchased at Thomas Court in 2021, previously classified as investment property by the predecessor LDA entity. On review of the accounting treatment the Company has reclassified the asset as property, plant and equipment.

In December 2023, the Company requested to drawdown of €4,068,461 from Dun Laoghaire-Rathdown County Council who are in receipt of the Serviced Sites Fund for the Shanganagh Castle Estate Project in Shankill, Co. Dublin. The drawdown is in relation to the value of site infrastructure works completed to date to accommodate the construction of 306 Cost Rental residential units. The units are being developed by the Land Development Agency in partnership with Dun Laoghaire Rathdown County Council.

Key accounting policies regarding the treatment of Property, Plant and Equipment are outlined in Note 2.

15. Intangible Assets

| | Register of Relevant Public Lands | Software Development | Total |
|--------------------------------------|--|-----------------------------|----------------|
| Cost | € | € | € |
| Opening Balance at 01/01/2023 | 304,697 | 60,192 | 364,889 |
| Additions | | | |
| Closing Balance at 31/12/2023 | 304,697 | 60,192 | 364,889 |

| Amortisation | | | |
|--------------------------------------|----------------|---------------|----------------|
| Opening Balance at 01/01/2023 | 66,885 | | 66,885 |
| Charge for the period | 89,179 | | 89,179 |
| Closing Balance at 31/12/2023 | 156,064 | | 156,064 |
| Net Book Value at 31/12/2023 | 148,633 | 60,192 | 208,825 |

(continued)

15. Intangible Assets (continued)

| | Register of Relevant Public Lands | Software Development | Total |
|--------------------------------------|-----------------------------------|----------------------|----------------|
| Cost | € | € | € |
| Opening Balance at 20/12/2021 | | | |
| Assets Transferred | 304,697 | 60,192 | 364,889 |
| Additions | | | |
| Closing Balance at 31/12/2022 | 304,697 | 60,192 | 364,889 |
| Amortisation | | | |
| Opening Balance at 20/12/2021 | | | |
| Charge for the period | 66,885 | | 66,885 |
| Closing Balance at 31/12/2022 | 66,885 | | 66,885 |
| Net Book Value at 31/12/2022 | 237,812 | 60,192 | 298,004 |

In 2022, the Company began the implementation of accounting software and is capitalising the development costs. Amortisation of software development costs will commence when the asset is available for use.

16. Debtors and other receivables

| | Year ended 31 December 2023 € | Nine months ended 31 December 2022 € |
|-------------------------------------|----------------------------------|---|
| Amounts receivable within one year: | | |
| Prepayments and Deposits | 16,487,684 | 13,048,748 |
| Other Debtors | 12,990,721 | 1,183,753 |
| Accrued Grant Income | | 268,475 |
| Total | 29,478,405 | 14,500,976 |

(continued)

17. Stock

| | Affordable for Sale | Social Housing | Total |
|--|---------------------|----------------|-------------------|
| Cost | € | € | € |
| Opening Balance at 01/01/2023 | 1,502,287 | 657,551 | 2,159,838 |
| Additions | 28,116,813 | | 28,116,813 |
| Construction costs incurred | 12,061,830 | 23,532,629 | 35,594,459 |
| Costs recharged (Turnover Note 4) | | (24,086,391) | (24,086,391) |
| Construction costs incurred and not recharged | 41,680,930 | 103,789 | 41,784,719 |

| | Affordable For Sale | Social Housing | Total |
|--|---------------------|----------------|------------------|
| Cost | € | € | € |
| Opening Balance at 20/12/2021 | | | |
| Construction costs incurred | 1,502,287 | 2,960,557 | 4,462,844 |
| Costs recharged (Turnover Note 4) | | (2,303,006) | (2,303,006) |
| Construction costs incurred and not recharged | 1,502,287 | 657,551 | 2,159,838 |

Stock relates to additions and construction costs incurred for Affordable For Sale housing units in the LDA's Shanganagh Castle, Navan, Kilbarry, and Clonmore sites, plus the Social Housing portion of construction at the Shanganagh Castle site incurred but not yet invoiced to Dún Laoghaire-Rathdown County Council. In relation to stock held as Affordable For Sale, construction costs will be recovered through either sales to Affordable for Sale purchasers or an alternative strategy as required.

(continued)

18. Cash and cash equivalents

| | Year ended 31 December 2023 € | Nine months ended 31 December 2022 € |
|-------------------------------|----------------------------------|---|
| Cash | 124,280,039 | 54,126,292 |
| NTMA Exchequer Bonds | 300,250,078 | - |
| Funds held by solicitors | 2,477,208 | - |
| Funds held by managing agents | 177,776 | - |
| Total | 427,185,101 | 54,126,292 |

19. Trade and other payables

| | Year ended 31 December 2023 € | Nine months ended 31 December 2022 € |
|---|----------------------------------|---|
| Amounts payable within one year: | | |
| Accruals | 21,509,344 | 9,152,112 |
| Trade Creditors | 7,054,897 | 773,136 |
| VAT | 1,228,500 | 587,450 |
| PSWT | 319,140 | 185,417 |
| PAYE/PRSI | 323,717 | 204,564 |
| Cost rental deposits held | 176,455 | - |
| Total | 30,612,053 | 10,902,679 |

(continued)

20. Share Capital and Reserves

| | Year ended 31 December 2023 € | Nine months ended 31 December 2022 € |
|--|----------------------------------|---|
| Opening Balance | 100,000,000 | - |
| Issued during the period of €1.00 each | 825,000,000 | 100,000,000 |
| Closing Balance | 925,000,000 | 100,000,000 |

During the period the company issued 825 million ordinary shares at €1.00 each (2022: 100 million ordinary shares at €1.00 each) to finance the Company's capital commitments and ongoing general operations. The ultimate beneficial ownership of the Company is held by the Minister for Public Expenditure, National Development Plan Delivery and Reform by means of 9 million nominal shares and the Minister for Housing, Local Government and Heritage by means of 1 million nominal shares. Further share drawdowns are disclosed under Note 24 "Post Balance Sheet Events". The Company has one class of ordinary shares which carry no right to fixed income and all share capital amounts were fully paid.

The Company's authorised share capital is €5,000,000,000 divided into 5,000,000,000 ordinary shares of €1.00 each.

The Land Development Act 2021 (LDA Act) provides that the Minister for Housing, Local Government and Heritage, and the Minister for Public Expenditure, National Development Plan Delivery and Reform shall subscribe to the constitution of the Company; and that only those two Ministerial officeholders shall hold the whole of the issued share capital of the Company, at any one time.

Upon incorporation of the Agency as a designated activity company, both Ministers subscribed for shares in accordance with section 25(2) of the LDA Act. The subscription monies were paid on behalf of the Ministers, by the Ireland Strategic Investment Fund (ISIF), managed and controlled by the National Treasury Management Agency (NTMA), on foot of a direction by the Minister for Finance under Section 42B of the NTMA (Amendment) Act 2014.

Only the Minister for Public Expenditure, National Development Plan Delivery and Reform may subscribe for further shares in the Company. Section 25(3) of the LDA Act enables the Company, with the prior consent of the Minister for Housing, Local Government and Heritage to issue further shares to the Minister for Public Expenditure, National Development Plan Delivery and Reform, with the subscription monies to be paid by ISIF under Section 42B of the NTMA (Amendment) Act 2014.

(continued)

21. Capital Contribution

The Company assumed the relevant assets and liabilities of the predecessor entity. The net asset position of €245,869 is deemed to be a Capital Contribution to the Company.

The capital contribution consisted of the transfer of the following assets and liabilities from the previous Agency at 31 March 2022:

| | Year ended 31 December 2023 € | Nine months ended 31 December 2022 € |
|--|--|---|
| Non-Current Assets | 1,738,026 | 1,738,026 |
| Current Assets | 1,649,562 | 1,649,562 |
| Trade and other payables | (2,626,380) | (2,626,380) |
| Net Retirement Benefit Obligation | (515,339) | (515,339) |
| Total Capital Contribution | 245,869 | 245,869 |

A grant receivable from the DHLGH in the amount of €976,818 was not transferred from the predecessor entity. A pension liability and matching asset of €627,226 were transferred from the predecessor entity; however, they are netted off in the above table under "Net Retirement Benefit Obligation".

22. External Audit Remuneration

Forvis Mazars, Chartered Accountants, is the Company's appointed statutory auditor. The Company accrued €41,820 (2022: €41,820) inclusive of VAT for the estimated cost of the statutory audit of the Company's financial statements for the year ended 31 December 2023. Forvis Mazars does not provide any other assurance, tax advisory or other non-audit services to the Company.

The Company is subject to the audit of the Comptroller and Auditor General pursuant to the Act. The Company accrued €17,600 (2022: €16,000) for the estimated cost of the audit by the Comptroller and Auditor General for the year ended 31 December 2023.

(continued)

23. Lease Commitments

The Company has commitments in respect of a lease on office accommodation at Ashford House, Tara Street, Dublin 2 which is held on a ten-year lease starting in January 2020.

At 31 December 2023, the Company had the following future minimum lease payment commitments under non-cancellable leases:

| | Year ended 31 December 2023 € | Nine months ended 31 December 2022 € |
|---------------------------------|--|---|
| Payable within 1 year | 369,747 | 363,690 |
| Payable within 2–5 years | 1,451,189 | 1,432,976 |
| Payable after 5 years | 358,244 | 716,488 |

The costs in relation to the fit-out and certain other matters, other than normal establishment and operating costs, were allocated for capital purposes and included under Leasehold Improvements in Fixed Assets. Ongoing improvements to the premises are treated in a similar manner.

24. Related Party Transactions/Disclosure of Interests

The Company is a State-owned Irish company and therefore is a related party of the Government of Ireland. 99.89% of the issued share capital is held by the Minister for Public Expenditure, National Development Plan Delivery and Reform, a further 0.11% of the issued share capital is held by the Minister for Housing, Local Government and Heritage (see note 18 for further details on share-based transactions during the period).

During the period there were two wholly owned subsidiaries incorporated namely LDA Public Services DAC and LDA Residential Holdings DAC on 11 October 2023. The companies are inactive and not trading at the date of signing the financial statements.

The Directors had no beneficial interest in the Company at any time during the year.

The Company complies with the Code of Practice for the Governance of State Bodies issued by the DPENDR in relation to the disclosure of interests of Company members and its staff. Formal procedures exist to ensure adherence with this requirement of the Code.

The Company has entered into an agreement with The Housing Agency and Louth County Council whereby those entities have provided the Company with one employee each on a secondment arrangement.

The Company has also entered into an agreement with Cork City Council, whereby the Company is providing two employees on secondment arrangements.

24. Related Party Transactions/Disclosure of Interests (continued)

The Company also had projects in progress with local authorities as follows:

- **Shanganagh, Dublin:** In partnership with Dún Laoghaire-Rathdown County Council, the LDA will deliver 597 homes on the Shanganagh site in Shankill, with two thirds to be delivered as cost rental homes (affordable rents) or as affordable for sale homes.
- **St Kevin's, Cork:** with the support of Cork City Council, the LDA is repurposing this well-known Cork landmark into a residential development with over 260 homes across a mix of social, affordable, and private tenures.
- **St Teresa's Gardens (Donore Project):** In partnership with Dublin City Council, the LDA is progressing the development of 543 new homes, along with commercial/retail space, a crèche, and community/cultural/arts space which, together, will form a backbone for a new distinct, integrated, urban community. Site work is expected to commence in 2024, following the successful grant of permission in 2023.
- **Cherry Orchard:** In partnership with Dublin City Council, the LDA is progressing plans for the development of lands in Dublin 10 to create a new, large, mixed-use residential development comprising over 1,100 homes over multiple phases, along with public amenity, community, retail, and commercial spaces
- **Cromcastle:** In partnership with Dublin City Council, the LDA is developing 146 new residential homes (both cost rental and social), along with community, arts, and cultural space on lands in Dublin 5. Work on site is expected to commence in 2024.
- **Cork Docklands:** The LDA and Cork City Council are jointly resourcing the Cork Dockland Delivery office which is progressing the infrastructure required to unlock critical delivery in the Cork Docklands.
- **Dyke Road, Galway:** Progressing to planning application stage with Galway City Council for a residential-led regeneration scheme in the heart of Galway City.
- **Carey's Road, Limerick:** Progressing site assembly and design brief with Limerick City and County Council for the Carey's Road site which is the first development project out of the Colbert planning framework. LDA are also supporting Limerick City and County Council in the delivery of the Munget Affordable for Sale scheme expected to go to site during 2024.
- **North Docks, Waterford:** Engaging with Waterford City and County Council and lead developer on the residential element of the North Docks regeneration.

25. Capital Commitments

At the balance sheet date, the Company had entered into contracts for the construction of housing on direct delivery projects and the forward purchase of homes under the Project Tosaigh initiative for aggregate value of €413 million.

26. Post Balance Sheet Events

On 6 March 2024, legislative amendments were enacted which committed a further €1.25bn of share equity to the LDA as set out in Note 2 Going Concern.

On 25 April 2024, the Directors approved the allotment and issue of shares in the Company of 325 million ordinary shares of €1 at a subscription price of €1 being an aggregate subscription price of €325 million. The Company has yet to receive the proceeds of the share issue.

On the 25 April 2024, the Directors approved the application for Secure Tenancy Affordable Rental Investment Scheme (STAR) via an Equity Participation Agreement. The contract has been executed and funding of €60 million was received from the Housing Agency during May 2024.

27. Contingent Liabilities

The Company has entered into contracts with delivery partners, the terms of which provide that they will build affordable for sale units for an agreed price. If homebuyers are not sourced for the units, the contracts provide that the Company may be obligated to purchase and take ownership of the units. As at 31 December 2023 the cost of this obligation, should it arise, amounts to €18 million. Should this contractual obligation arise, the Company will review the usage of such housing under the various affordable or cost rental schemes that it operates.

During the year the Company was granted planning permission for 852 homes on its Dundrum Central site. Judicial review proceedings were initiated by an individual and the matter is ongoing. Legal costs that may arise as a result could be in the region of €324,000.

28. Approval of Financial Statements

The Financial Statements were approved and authorised for issue by the Board on 14 June 2024.



An Ghníomhaireacht Forbartha Talún
The Land Development Agency

Annual Report 2023

The Land Development Agency DAC



Tuarascáil Bhliantúil 2023

The Land Development Agency DAC

Tuarascáil Bhliantúil 2023

The Land Development Agency DAC

Clár Ábhar

| | |
|---|-----|
| RÉAMHRÁ | 1 |
| Ár bhFís | 2 |
| Ár gCuspóir | 2 |
| PRÍOMHÉACHTAÍ SA BHLIAIN 2023 | 3 |
| COMHRÁITEAS ÓN GCATHAOIRLEACH AGUS ÓN BPRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN | 5 |
| Ár Luachanna | 15 |
| Tosaíochtaí Straitéiseacha | 17 |
| ÁR STRAITÉIS I NGNÍOMH | 19 |
| RIALACHAS AGUS COMHLÍONADH | 71 |
| RÁITIS AIRGEADAIS | 79 |
| Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile | 80 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 81 |
| Ráiteas Rialachais | 91 |
| Ráiteas faoi Rialú Inmheánach | 101 |
| Ráiteas faoi Fhreagracht na Stiúrthóirí | 107 |
| Tuarascáil an Ard-Reachaire Cuntas agus Ciste | 108 |
| Tuarascáil Iniúchóireachta Forvis Mazars | 110 |
| Ráitis Airgeadais | 113 |
| Ráiteas loncaim | 114 |
| Ráiteas faoi loncam Cuimsitheach | 115 |
| Ráiteas faoin Staid Airgeadais | 116 |
| Ráiteas faoi Athruithe i gCothromas | 117 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 118 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 119 |


Réamhrá

Is comhlacht tráchtála Stáit í an Ghníomhaireacht um Fhorbairt Talún (“The Land Development Agency DAC”), a cruthaíodh chun talamh a chomhordú ar mhaithe le húsáid bharrmhaith a bhaint as nuair is cuí, agus díriú á leagan ar an soláthar tithíochta.

Uiscebealaí an Chloigín Ghoirm
bluebellwaterways.ie



Fearann na Páirce, Baile Átha Cliath



Ár bhFís

Is é an fhís atá againn tithíocht inacmhainne agus shóisialta a sholáthar chun freastal ar na riachtanais atá ag an náisiún agus, an tráth céanna, toradh sóisialta a sholáthar trí phobail a fhorbairt agus a athnuachan agus trí acmhainn chobhsaí náisiúnta a bheith againn chun tacú le pobail atá inbhuanaithe, cuimsitheach agus bríomhar.



Ár gCuspóir

Is é cuspóir na Gníomhaireachta um Fhorbairt Talún “an soláthar tithe inacmhainne agus sóisialta ar thalamh poiblí a uasmhéadú ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de, le linn tacú le pobail bhisiúla a chruthú agus tionchar sóisialta dearfach leanúnach a sholáthar”.

Príomhéachtaí sa bhliain 2023

Téama 1

Tithíocht a Bhrostú – Soláthar Díreach

1000

Breis agus 1,000 teach á dtógáil.

1850

Deonaíodh céad pleanála sa bhliain 2023 do bheis agus 1,850 teach.

5600

Breis agus 5,600 teach i gcéim na pleanála agus an deartha.

900

Taisceadh iarratais phleanála sa bhliain 2023 ar thart ar 900 teach ar fud láithreáin éagsúla.

650

Soláthraíodh thart ar 650 teach ar Cíos de réir Costais trí 'Project Tosaigh' sa bhliain 2023.

200

Soláthraíodh thart ar 200 teach Inacmhainne ar Díol trí 'Project Tosaigh' sa bhliain 2023.



Téama 2

Acmhainn Talún a Mhéadú – Bunachar Talún

Bunaíodh bunachar talún lena dtacaitear le breis agus 20,000 teach a sholáthar.

Sa bhliain 2023, sheol an Ghníomhaireacht tionscnamh um fháil talún príobháidí trína bhféadfadh an Ghníomhaireacht láithreán atá faoi úinéireacht phríobháideach a fháil le haghaidh tithíocht inacmhainne a sholáthar.

Foilsíodh Máistirphlean do Thrasian na gCrann Piorraí (An Mol Digiteach, Baile Átha Cliath 8) i mí na Bealtaine 2023.

Soláthraíodh an chéad Tuarascáil ón nGníomhaireacht ar Thailte Poiblí lomchui.

Forbraíodh dréacht-Chreat Spáis do Cheathrú an Ghainimh i nGaillimh le haghaidh comhairliúchán poiblí le linn na bliana 2023.

Le linn na bliana 2023, forbraíodh Plean um Fhorbairt agus Soláthar Bonneagair do Cheathrú Cholbaird i Luimneach.



Téama 3

Comhoibriú

Chomhoibrigh an Ghníomhaireacht le raon príomh-gheallsealbhóirí ar fud roinnt forbairtí éagsúla le linn na bliana 2023, lenar áiríodh Seangánach, Ospidéal Naomh Caoimhín, Gairdíní San Treasa, Caisleán na Croma, Gort na Silíní, Bóthar na Díge, Bóthar Uí Chiara, agus na Dugaí Thuaidh.



Téama 4


Bealaí a Aimsiú



Le linn na bliana 2023, ghlac an Ghníomhaireacht Creat Tuairiscithe NewERA (An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021: Gníomh 55: Creat don Earnáil Tráchtála Leath-Stáit)



Ní eile ar diríodh go mór air le linn na bliana ba ea Beartas agus Straitéis Forbartha Inbhuanaithe a fhorbairt.



Tháinig fás ar an eagraíocht, ó 70 duine go 112 dhuine, le linn na bliana 2023



Neartaíodh an creat rialachais agus an creat bainistíochta riosca

Comhráiteas ón gCathaoirleach agus ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Thóg an Ghníomhaireacht céim mhór chun tosaigh i dtreo tithe nua a sholáthar sa bhliain 2023. Bhain an Ghníomhaireacht roinnt garspriocanna amach le linn na bliana, lenar áiríodh iad seo a leanas:



Cormac O'Rourke
An Ghníomhaireacht um Fhorbairt
Talún - Cathaoirleach



John Coleman
An Ghníomhaireacht um Fhorbairt
Talún - Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

- Thart ar 850 teach a sholáthar
- Tús a chur leis an tógáil ar dhá láithreán bhereise ag Ospidéal Chaoimhín i gCorcaigh agus ag Dún Uí Dhubhuí i gCill Dara
- Píblíne soláthair a fhorbairt ina bhfuil breis agus 10,000 teach
- An chéad fhardal riamh ar Thailte Stáit a fhoilsiu
- Mórláithreán a fháil i gCluain Ghrífín i mBaile Átha Cliath, áit a bhfuil an acmhainneacht breis agus 2,300 teach a sholáthar

“

CROÍTHOSAÍOCHT
STRAITÉISEACH GO FÓILL
IS EA COMHOIBRIÚ LENÁR
NGEALLSEALBHÓIRÍ UILE,
AGUS CUIRTEAR TUILLEADH
BÉIME AIR SIN MAR CHEANN
AMHÁIN DE NA LUACHANNA
CORPARÁIDEACHA ATÁ
AGAINN.

Cuan na Gaillimhe
Luath-lomhá Ríomhghinte Léiritheach

Soláthraíodh tithe nua agus inacmhainne i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i bPort Láirge, i gCill Mhantáin, i gCill Dara, agus ar an Mí. Bhíothas in ann na tithe sin a sholáthar go luath trí 'Project Tosaigh', ar tionscnamh é atá ina chuid de bheartas an Rialtais um Thithíocht do Chách.

Ina theannta sin, rinne an Ghníomhaireacht dul chun cinn suntasach ar a sruth soláthair dhírigh, rud a bhfuil sé i gceist leis tithe nua a thógáil ar thalamh atá faoi úinéireacht an Stát nó ar thalamh faigthe eile.

Cuireadh túis leis an tógáil ar dhá láithreán nua – Ospidéal Chaoimhín i gCorcaigh agus Dún Uí Dhúbhúi i gCill Dara – agus tá na tithe nua le críochnú faoin mbliain 2025 sa dá láthair. Idir an dá linn, leanadh ar aghaidh leis an tógáil ag an gcéad láithreán soláthair dhírigh riamh de chuid na Gníomhaireachta i Seangánach, Co.

Bhaile Átha Cliath, áit a soláthrófar 597 dteach nua ó dheireadh na bliana 2024 ar aghaidh.

Tá píblíne mhór tithe soláthair dhírigh amach anseo á forbairt lena críochnú idir seo agus an bhliain 2028/29, agus tá mórhionscadail ag céimeanna éagsúla dá bhforbairt, idir dheardadh, phleanáil agus réamhthóngál. Áirítear leis an bpíblíne breis agus 10,000 teach faoi láthair, agus beidh leibhéal méadaithe tógála ar thailte Stát ag baint léi. Tá an sruth soláthair sin chun gabhláil thar 'Project Tosaigh' ó thaobh aschuir de agus chun an Ghníomhaireacht a chur ar an mbóthar ceart i dtreo a bheith ar an tógálaí is mó tithe in Éirinn.



Chun príomhthailte atá faoi úinéireacht an Stát a shainaithint ar an mbealach is fearr, d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht Tuarascáil ar Thalamh Poiblí lomchuí i mí an Mhárta 2023. Tháinig an tuarascáil nua fardail sin sna sála ar an gcéad léarscáiliú riamh ar an talamh ar fad atá faoi úinéireacht an Stát, agus ba é a bhí i gceist léi an chéad mheasúnú riamh a dhéanamh ar thailte áirithe lena n-úsáid le haghaidh tithíocht inacmhainne a sholáthar. Agus an tuarascáil á hullmhú, rinneadh athbhreithniú ar bhreis agus 180,000 fóilió ar leith le haghaidh talún.

Sa tuarascáil, cuireadh an rialtas ar an eolas faoin acmhainneacht atá ann 67,000 teach a sholáthar ar 83 láithreán thearcúsáidte atá faoi úinéireacht an Stát. Úsáidtear an tuarascáil anois mar bhunús do dhíospóireachtaí leanúnacha le comhlacthaí poiblí maidir le talamh a aistriú chuig an nGníomhaireacht, agus aistríodh roinnt dáileachtaí chuig an nGníomhaireacht cheana féin.

Chuir an Ghníomhaireacht in iúl i mí lúil 2023 freisin go bhfuil sé ar intinn aici talamh príobháideach a fháil le haghaidh tithíocht a sholáthar, agus d'iarr sí léirithe

spéise do láithreán oriúnacha, arb fhearr iad a bheith suite i gcúig phríomhchathair na tíre agus cead pleánála a bheith acu cheana do bheiris agus 200 teach.

Mar chuid den tionscnamh sin, d'fhogair an Ghníomhaireacht gur cheannaigh sí láithreán mór i gCluain Ghrifín i gContae Bhaile Átha Cliath thuaidh ón nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní i mí na Nollag 2023. Cé go bhfuil an acmhainneacht ann breis agus 2,300 teach a sholáthar ar an talamh sin, tá sé díomhaoin le roinnt mhaith blianta anuas d'ainneoin cead pleánála a bheith aige. Mar gheall ar scála an láithreán, tóigfaidh sé suas

le 10 mbliana chun an láithreán a fhorbairt. Mar sin féin, cuirfidh sé ar chumas na Gníomhaireachta pobal nua dea-nasctha a ndéanfar freastal maith air a chruthú i limistéar de Bhaile Átha Cliath ar féidir leis fás den sórt sin a éascú agus a bhainfidh tairbhe sa deireadh as tithe inacmhainne agus taitneamhachtaí pobail a bhfuil géaraghá leo a chríochnú.

I gcás roinnt tionscadal eile den scála sin, creideann an Ghníomhaireacht gur féidir go mbeidh idirghabháil ón Stát ag teastáil ar mhaithé lena n-acmhainneacht fhadtéarmach a bhaint amach. Faoi réir cistíú a bheith ar fáil ón Rialtas, creideann an Ghníomhaireacht gur cheart don Stát breithniú a dhéanamh ar láithreán ghátaracha den chineál céanna a fháil toisc go bhfuil siad rómhór lena bhforbairt ag a n-úinéirí reatha.



“

NÍ FHÉADFAIMIS AON CHEANN DE NA NITHE THUAS A BHAINT AMACH GAN FUINNEAMH, CAIDREAMH NÁ TIOMANTAS LEANTACH ÁR NDAOINE. THÁINIG FÁS AR ÁR N-EAGRAÍOCHT AGUS NEARTAÍODH Í LE LINN NA BLIANA 2023, AGUS AN MÉID SIN INA LÉIRIÚ AR AN MÉADÚ A THÁINIG AR ÁR NGNÍOMHAÍOCHT AGUS AR A AIBÍ ATÁIMID ARAON.

Forbairt Dhíreach

Tá breis agus 1,000 teach á dtógáil ag an nGníomhaireacht ar fud trí láithreán forbartha díri faoi láthair, lena n-áirítear Seangánach i mBaile Átha Cliath, Ospidéal Chaoimhín i gCorcaigh, agus Dún Uí Dhubhuí i gCill Dara.

Tá sé beartaithe aici go mbeidh ocht láithreán soláthair dhírigh á dtógáil faoi dheireadh na bliana 2024. Tá forbairt Sheangánaí ar an scéim is mó tithíochta poiblí sa Stát le blianta beaga anuas, agus í ar an gcéad tionscadal soláthair dhírigh riamh de chuid na Gníomhaireachta. Tá 597 dteach á bhforbairt - 306 theach ar cíos de réir costais, 91 theach ceannaigh inacmhainne, agus 200 teach sóisialta.

Tá scéim Sheangánaí á forbairt ag an nGníomhaireacht i gcompháirt le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Bhí an scéim sin ar an gcéad chompháirtíocht riamh a comhaontaíodh idir an Gníomhaireacht agus údarás áitiúil nuair a fógraíodh sa bhliain 2022 í, agus ba chomhartha í gur ann do bhealach nua chun cinn do chuid mhór údarás áitiúil atá ag iarraidh tionscadail tithíochta a thosú ar thalamh atá faoi úinéireacht acu.

Ag deireadh na bliana 2023, bhí an Gníomhaireacht ag obair ar chompháirtíochtaí a chothú le gach ceann de na ceithre údarás áitiúla i mBaile Átha Cliath. Bhí sí ag obair leis an dá údarás i gCorcaigh freisin, mar aon leo sin i Luimneach, i gCill Dara, ar an Mí, ar an Iarmhí, agus i nGaillimh ar thionscadail tithíochta a phleanáil.

Le tacaíocht ó Chomhairle Cathrach Chorcaí, tá an Gníomhaireacht ag athfhorbairt Ospidéal Chaoimhín. Tá an foirgneamh sin, ar sainchomhartha tíre é, á athchuspórú ina fhorbairt chónaithe tharraingteach ina mbeidh 265 theach, a chuimseoidh meascán d'aonaid shóisialta, d'aonaid ar cíos de réir costais agus d'aonaid cheannaigh inacmhainne.

Bhí an obair ar láithreán Ospidéal Chaoimhín dúshlánach go dtí seo, agus roinnt déanmhas cosanta mór suite air. Cuiréadh oibreacha cumasúcháin agus cobhsúcháin i gcrích le linn na bliana 2023, agus ceapadh príomhchonraitheoir ina dhiaidh sin. Cuiréadh túis leis an tógáil ar an gcéad chéim de thithe i mí Lúnasa 2023, agus táthar ag súil leis go soláthrófar na chéad tithe sa bhliain 2025.

I mí na Nollag 2023, chuir an Gníomhaireacht túis leis an tógáil ar fhorbairt chónaithe nua ar láithreán ag Dún Uí Dhuhuí ar an Nás, Co. Chill Dara. Chuir an Gníomhaireacht Tithíochta an láithreán sin ar fáil, agus cuimseoidh sé 219 gcinn de thithe sóisialta agus inacmhainne nuair a bheidh an obair críochnaithe. Is é atá i gceist leis an bhforbairt meascán de thithe sraithe, d'árasán dhá urlár, agus d'árasán. Tá na chéad tithe le críochnú sa bhliain 2025.

I dteannta an mhéid thusa, rinneadh dul chun cinn suntasach réamhthógála ar an líon méadaitheach láithreán soláthair dhírigh atá ar bun ag an nGníomhaireacht ar fud na bliana 2023.

I mí an Mhárta 2023, tugadh reachtaíocht (alt 179A) isteach san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000. Leis an bhforáil nua sin, cumasaíodh do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus don Gníomhaireacht cead pleanála a fháil i mí na Nollag 2023 le haghaidh forbairt tithíochta i gCaisleán na Croma, Co. Bhaile Átha Cliath. Tá an obair thógála ar 146 theach le tosú go mall sa bhliain 2024, lena n-áireofar tithe sóisialta agus tithe ar cíos de réir costais, mar aon le spásanna nua pobail, cultúir agus oscailte.

Deonaíodh cead pleanála freisin le haghaidh Forbairt Tithíochta Straitéisearcha i mBaile Átha Cliath, áit a soláthrófar 345 theach ag Baile an Haicéadaigh ar na Sceirí, 817 dteach ag Fearann an Chaisleáin i mBaile Brigín, agus 543 theach ag Gairdíní San Treasa i mBaile Átha Cliath 8.

I mí na Bealtaine, fuair an Gníomhaireacht ceadú le haghaidh 852 theach a fhorbairt ag iarláithreán an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar i nDún Droma i mBaile Átha Cliath 14. Nil aon dul chun cinn á dhéanamh ar an tionscadal sin faoi láthair, mar thoradh ar Athbhreithniú Breithiúnach a thionscain duine aonair amháin ina leith.

Idir an dá linn, i mí na Nollag 2023, rinneadh iarratas pleanála ar 700 ceann de thithe ar cíos de réir costais agus de thithe sóisialta ag Rinn Ghort na Silíni i mBaile Átha Cliath thiar.

Tá méid suntasach tithíochta nua i gceist le gach ceann de na tionscadail sin, agus is féidir leo go léir ról ríthábhachtach a imirt maidir leis an uaillmhian atá ag an nGníomhaireacht 2,000 teach nua in aghaidh na bliana a sholáthar faoin mbliain 2029 a chomhlíonadh.

“

Le tacaíocht ó Chomhairle Cathrach Chorcaí, tá Ospidéal Chaoimhín, ar sainchomhartha tíre aithnidiúil i gCorcaigh é, á athchuspórú ag an nGníomhaireacht ina fhorbairt chónaithe tharraingteach ina mbeidh 265 theach a chuimseoidh meascán de thionachtaí sóisialta, inacmhainne agus príobháideacha.

Amharc ar Chathair Chorcaí ón aer



'Project Tosaigh'

Limistéir Straitéiseacha

Is é an aidhm atá leis an tionscnamh 'Project Tosaigh' forbairt tionscadal tithíochta a chríochnú ar thalamh príobháideach a bhfuil cead pleána aige agus a bhfuil staid curtha le hé a sholáthar ar chúiseanna inmharthanachta nó inacmhainneachta.

Ó bunaíodh é, gineadh leis an tionscnamh píblíne de 2,500 ceann de thithe inacmhainne ar díol agus de thithe ar cíos de réir costais ag forbairt i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i bPort Láirge, i gCill Mhantáin, ar an Mí, agus i gCill Dara. Tríd an tionscnamh seo, agus faoi réir cistíú a fháil, tá an Ghníomhaireacht ag súil leis go soláthrófar níos mó ná 8,000 teach faoin mbliaín 2028, ar tithe iad a bheidh de bhréis orthu sin atá beartaíthe lena sholáthar óna punann láithreach de thalamh atá faoi úinéireacht an Stáit agus de thalamh faigte eile.

Le linn na bliana 2023, d'éirigh leis an nGníomhaireacht 369 dteach a sholáthar sa Cheathrú in larthar na Cathrach, Baile Átha Cliath. Tá na hárasáin aon seomra leapa, dhá sheomra leapa agus trí sheomra leapa sin á gcur ar fáil faoin scéim tithíochta ar cíos de réir costais agus mar thithe sóisialta. Tá an Cheathrú suite in áit mhaith, agus tá raidhse taitneamhachtaí suite in aice láimhe, lena n-áirítear siopaí, giomnáisiamaí, bialanna, scoileanna, agus naisc iompair.

Chomh maith leis sin, chuaigh an Ghníomhaireacht i gcompháirt le tógáil títhe chun 50 teach a sholáthar ag Halla an Bháicéara ar an Uaimh, Co. na Mí, agus chuaigh sí i gcompháirt le Comhairle Contae na Mí ina dhiaidh sin chun na tithe a chur ar fáil do cheannaitheoirí incháilithe faoi scéim ceannaigh inacmhainne.

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar fud gach ceann de na ceithre 'limistéar straitéiseacha' mhóra de chuid na Gníomhaireachta sa bhliain 2023.

Foilsíodh máistirphlean do champa an Mhoil Digitsigh i mí na Bealtaine 2023. Tá an Mol Digiteach mar chuid de Limistéar Forbartha agus Athbheochana Straitéisí 15 i mBaile Átha Cliath 8. Bhí dréachtú an mháistirphlean do Thrasian na gCrann Piorrai ar an gcéad chéim thábhachtach sa phróiseas chun tithe nua tionachta measctha agus inacmhainne a sholáthar i gcuid thábhachtach de Bhaile Átha Cliath. Táthar tar éis foireann tionscadail a cheapadh chun pleanná a chur ar aghaidh don láithreán agus chun an straitéis cheadaithe forbartha a chur chun feidhme.

Foilsíodh Creat Spáis do Cheathrú Cholbaird i Luimneach i mí na Nollag 2022, rud ina leagtar amach fír don limistéar mór sin. Mionsonraítear ann na prionsabail a theastaíonn chun forbairt na Ceathrún sa todhcháí a threorú, áit a bhféadfaí suas le 2,800 teach nua a sholáthar. Forbraíodh Plean um Forbairt agus Soláthar Bonneagair le linn na bliana 2023, mar aon le máistirphlean do thalamh atá faoi úinéireacht FSS ag Ospidéal Naomh Seosamh. Reáchtáladh príoseas comhairliúcháin phoiblí i ndáil leis an máistirphlean sin go mall sa bhliain 2023. Iarradh ar an bpobal i gcoitinne agus ar gheall sealbhóirí a gcuide aiseolais a thabhairt ar phleananna do suas le 600 ceann de thithe sóisialta agus inacmhainne agus do shaoráidí agus taitneamhachtaí nua pobail.

Forbraíodh dréacht-Chreat Spáis do Cheathrú an Ghainimh i nGaillimh le haghaidh comhairliúchán poiblí le linn na bliana 2023. Tá sé mar chuspóir leis an gCreat Spáis fír chuimsitheach, téamaí pleána, prionsabail agus treoirlíní a forbairt le haghaidh comharsanacht nua úsáide measctha a forbairt ag Bóthar an Ghainimh. Tá an acmhainneach aige suas le 750 teach, páirc nua, cearnóg phoiblí agus spás oifige agus tráchtála ardchaighdeáin a sholáthar. Beidh comhoibriú leis an earnáil phríobháideach ag teastáil ón spás oifige agus tráchtála.

Le linn na bliana 2023, lean an Ghníomhaireacht le caidreamh a dhéanamh le Córás Iompair Éireann (ClÉ), le Bord Soláthair an Leictreachais (BSL) agus le hOifig na nOibreacha Poiblí i ndáil le tailte in Inse Chór. Tá sé mar aidhm leis an príoseas leanúnach sin tuiscint níos fearr a ghnóthú ar riachtanais oibróchtula, ar dheiseanna comhdhlúthaithe nó athlonnaithe, agus ar scaileadh céimnithe roinnt tailte le haghaidh tithíochta inacmhainne agus athbheochan úsáide measctha. Dírofar in iarrachtaí amach anseo ar raon leathan suirbhéanna a choimisiúnú chun tosca teicniúla, comhshaoil agus bonneagair a shuí.

Cóimeáil Fhadtearmach Talún

D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht an chéad tuarascáil riamh ó Éirinn maidir le thalamh atá faoi úinéireacht an Stáit i mí an Mhárta 2023, rud arb é an Tuarascáil ar Thalamh Poiblí Iomchuí an teideal foirmíúil atá air. B'ionann an tuarascáil agus an toradh ar chlár ilbhliantúil gníomhaiochta chun baliú agus measúnú a dhéanamh ar shonraí bunúsacha a bhaineann le tailte Stáit. Agus í á cur le chéile, baineadh leas díreach as an bhfaisnéis atá i mbunachar sonraí an Chláir Tailte Poiblí Iomchuí a d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht go mall sa bhliain 2022.

Cumhdaíodh sa tuarascáil tionscnaimh na cúig chathair agus na cúig láirionad réigiúnacha sa tir, agus measúnú á dhéanamh ar thart ar 75% den bhunachar sonraí tailte poiblí. Sa chéad tuarascáil nuashonraithe eile, atá le foilsíú sa bhliain 2025, breithneofar na bailte daonáirimh eile – iad sin ar mó a ndaonra ná 10,000 duine – agus cumhdófar an 25% eile de thalamh poiblí iomchuí. Tabharfar inti freisin an t-eolas is deireanaí ar na tailte atá ann cheana.

Sa tuarascáil a foilsíodh sa bhliain 2023, sainaithníodh dáileachtaí de thalamh poiblí iomchuí i bpriomhlimistéir uirbeacha a bhféadfaí iad a dhíghlasáil agus a athchuspórú chun tithe nua inacmhainne agus sóisialta a sholáthar idir an meántearma agus an fadtearma. Is é atá i gceist leis na láithreáin sin a dhíghlasáil ina lán cásanna ná bonneagar nó oibróchtaí gnó atá ann cheana a bhogadh. D'fhéadfadh an príoseas sin a bheith casta agus costasach, agus beidh comhar

ar fud roinnt gníomhaireachtaí agus Ranna Ríaltais ag teastáil chun an t-athlónnú a chistíú. Déantar an príoseas níos casta fós mar gheall ar an bhfíoras nach bhfuil sé de chumhacht ag an nGníomhaireacht iallach a chur ar Ghníomhaireachtaí eile Stáit a dtalamh a dhíol. Aithníonn an Ghníomhaireacht na ceanglais rialachais atá ar ghníomhaireachtaí eile, agus creideann sí go bhfuil cur chuige uile-Ríaltais ag teastáil chun thalamh a sholáthar don Ghníomhaireacht ar phraghas barainneach.

Is í an tuarascáil an pointe tosaithe le haghaidh díospóireachtaí mionsonraithe ar conas is féidir an úsáid is fearr a bhaint as na tailte sin amach anseo. Sainaithníodh inti thalamh ar a bhféadfaí thart ar 10,000 teach a forbairt idir an chéad chúig bliana eile agus an chéad deich mbliana eile, faoi réir thalamh a bheith ar fáil agus faoi réir an phróisis pleána. Sainaithníodh thalamh fadtearmach breise ar a bhféadfaí 57,000 teach eile a forbairt, a fhágann go bhféadfaí beagnach 67,000 teach san iomlán a sholáthar.

Glacann an Ghníomhaireacht leis nach mbeidh sé indéanta rochtain a fháil ar an thalamh ar fad a sainaithníodh mar thalamh ar a bhféadfaí tithíocht inacmhainne agus shóisialta a forbairt. Mar sin féin, tá an tuarascáil ina huirlis ríthábhachtach maidir le cabhrú le píblíne tailte a ainmníú agus a chur le chéile a bhféadfad an Ghníomhaireacht úsáid a bhaint aisti chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais tithíochta na tíre.

Rud eile a thacaigh le cóimeáil fhadtearmach talún ba ea gur sheol an Ghníomhaireacht príoseas 'Léirithe Spéise' i mí lúil 2023 d'fhonn láithreán atá faoi úinéireacht phríobháideach a cheannach le haghaidh tithíochta

inacmhainne a sholáthar. Faoi bríseas sin, d'íarr an Ghníomhaireacht ar úinéirí talún leasmhara na tograí uathu a chur isteach lena mbreithniú in aghaidh critéir shainithe mheasúnaithe. Trí thalamh príobháideach a fháil chun soláthar díreach na Gníomhaireachta ar thailte atá faoi úinéireacht an Stáit a forbíonn, is féidir cabhrú le tógáil tithíochta inacmhainne a bhrostú sa ghearrthéarma.

Mar chuid den phróiseas sin, chríochnaigh an Ghníomhaireacht ceannach tailte i gCluain Ghrífin i mBaile Átha Cliath thuaidh go mall sa bhliain 2023. Fuarthas an láithreán agus cead pleána aige cheana do bhréis agus 1,800 teach. Tá acmhainneach ann breis agus 2,300 teach san iomlán a sholáthar air freisin. Beidh an forbairt atá ar feitheamh ar an tionscadal is mó tithíochta de chuid an Stáit le blianta fada anuas. Cabhríodh sí le pobal nua bríomhar a ndéanfar dea-fhreastal air a sholáthar, agus tacóidh sí le mórspriocanna straitéiseacha na Gníomhaireachta a bhaint amach. Tá sé beartaithe ag an nGníomhaireacht tú a chur leis an tógáil ar an láithreán sin a luaithe is féidir.

Inbhuanaitheacht Shóisialta agus Comhshaoil

Tá Straitéis maidir le Caidreamh leis an bPobal agus le Geallsealbhóirí i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht, rud lena gcurtear chun cinn cur chuige réamhghníomhach, cuimsitheach agus comhreireach i leith caidrimh. Is treochlár í an Straitéis, ina leagtar amach caidreamh dea-chleachtais ó na céimeanna is luaithe den phleanál agus den dearadh, chuir céim na tógála agus ar aghaidh chuig áitiú na forbartha titheochta sa deireadh.

Neartaigh an Gníomhaireacht an Straitéis ar fud na bliana 2023 trí thuilleadh nósanna imeachta agus beartas a forbairt chun cabhrú lena chinntí go bhfuil próiseas láidir i bhfeidhm le haghaidh caidreamh poiblí, ar próiseas é lena bhféadtar comhoibriú dearfach a éascú agus rioscaí a laghdú.

Baineadh leas as an gcur chuige sin i leith comhairliúcháin i gcás mháistirphlean na Gníomhaireachta do Thrasrian na gCrann Piorraí ag an Mol Digiteach agus i gcás mháistirphlean na Gníomhaireachta do Cheathrú an Ghainimh i nGaillimh. Reáchtáladh an comhairliúchán sin trí bhealaí éagsúla cumarsáide, lenar áiríodh cruinnithe poiblí agus ceardlanna le linn Earrach na bliana 2023.

Tá Grúpa Oibre Inbhuanaitheachta i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht freisin, agus é de dhualgas air a chinntí go ndéantar inbhuanaitheacht a chur san áireamh agus a chomhtháthú ar fud gach réimse feidhme, ar aon dul le hoibleagáidí reachtúla agus le huailmhianta straitéiseacha.

Sa bhliain 2023, leanadh ar aghaidh leis an obair chun Beartas Straitéis Forbartha Inbhuanaithe na Gníomhaireachta a forbairt. Tá an dá cheann dióbh á bhforbairt le hionchur ó Bhord agus Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta, agus táthar ag súil leis go ndéanfar iad a thabhairt chun críche agus a fhoilsíú sa bhliain 2024.

Ina theannta sin, chuaigh an Gníomhaireacht i mbun raon tionscnamh difriúil ar fud na bliana 2023 a bhí deartha chun tacú le cuspóirí inbhuanaitheachta a bhaint amach. Áiríodh leo sin clár a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar chreatlach foirgnimh agus feidhmíocht córais árasáin na Gníomhaireachta i nDeilgne, Co. Chill Mhantáin, i gcompháirt le Construct Innovate agus le Cairn Homes.

Cuirfear an taighde i gcrích faoi Chlár Taighde HeatCheck ar mhaithe le heolas a chothú ar fud an tionscail. Ar an tsúi sin, cuirfear roinnt de na cuspóirí straitéiseacha atá ag an nGníomhaireacht ar aghaidh, lena n-áirítear carbón oibríochtúil a laghdú, maoirseacht uisce a fheabhsú, agus tacú le folláine tionontaí. Suiteáladh braiteoirí sa cheathrú ráithe den bhliain 2023, agus tá faireachán le tosú sa chéad ráithe den bhliain 2024.

An Eagraíocht

Tá an Gníomhaireacht tiomanta d'áit oibre atá oscailte, dearfach agus cuimsitheach a sholáthar, áit a gcothaítear comhoibriú, nuálaocht, agus díriú ar thorthaí.

Tháinig athrú suntasach ar an nGníomhaireacht sa bhliain 2023, ar lena linn a mhéadaigh an lín ionmlán fostaithe atá aici faoi 60% go 112 dhuine san ionmlán. Cé gur cuireadh baill foirne nua leis na foirne uile, sannadh go próimha iad do na feidhmeanna seo a leanas: Soláthar; Tógáil; Forbairt; Pleanál Straitéiseach; agus Bainistíocht Sócmhainní. Leanadh le buíon tallainne oilte éagsúla na Gníomhaireachta a neartú a bhui leis na baill foirne nua sin.

Tá an Gníomhaireacht tiomanta d'fhorbairt ghairmiúil leantach na príomhshócmhainne atá aici – a daoine – agus rinne sí bearta sa bhliain 2023 chun tacú le comhghleacaithe tabhairt faoi dheiseanna oiliúna agus forbartha. Ag breathnú ar aghaidh, leanfaidh an foireann Foghlama agus Forbartha le teacht ar bhealaí inar féidir an t-eispéireas foghlama is fearr is féidir a sholáthar trí mheascán d'oiliúint inmheánach agus d'oiliúint sheachtrach.

Breathnú ar Aghaidh go dtí an Bhliain 2024

Éachtaí suntasacha ba ea éachtaí na bliana 2023, de réir mar a thóg an Gníomhaireacht céimeanna móra i dtreo na spriocanna straitéiseacha agus an fhís uileghabhálach atá aici a chomhlíonadh.

Agus sinn ag breathnú ar aghaidh go dtí an bhliain 2024, leanfaidh an Gníomhaireacht le dea-thorthaí a bhaint amach ar fud na gcroíthéamaí straitéiseacha atá aici. Áireofar leis sin na nithe seo a leanas:

- » Luas, scála agus infhaighteacht na titheochta inacmhainne agus sóisialta a bhfuil géarghá léi in Éirinn a bhrostú trí chláir sholáthair dhírigh na Gníomhaireachta a chur ar aghaidh agus trí leanúint le dea-thorthaí a bhaint amach trí 'Project Tosaigh'
- » Cur chuige diríthe a stiúradh i leith cóimeáil talún ó fhoinsí Stáit agus ó fhoinsí margaidh ar aon chun píblíne chomhsheasmhach láithreán a chinntí sna limistéir ina bhfuil an t-éileamh is mó
- » Máistirphleananna a chur ar aghaidh do mhórláthreán straitéiseacha, agus an dara leagan den Tuarascáil ar Thalamh Poiblí lomchuí a fhoilsíú
- » Struchtúir bhainistíochta a fhás agus a neartú i leith na dtithe ar cíos de réir costais a soláthraíonn an Gníomhaireacht iad, agus aitheantas a thabhairt don ról éiritheach atá ag an nGníomhaireacht mar mhóroibrithoир tithe inacmhainne ar cíos
- » Dúshláin a shárú agus tortháil a bhrú chun cinn trí comhoibriú le compháirt the soláthair, le soláthraí agus le geallsealbhóirí eile
- » Nuálaocht a chothú agus inniúlacht a fheabhsú sa chóras titheochta. Oibreoidh an Gníomhaireacht chun soláthar leanúnach forbairt inacmhainne, ísealcharbóin agus aeráid-díonacha a éascú, agus
- » Cumás, struchtúr agus méid eagraíochta na Gníomhaireachta a scálú chun a chinntí go mbeidh sí breá-ábalta a sainordú ionmlán soláthair a chomhlíonadh. Oibreoidh freisin chun ár gcumas oibriúcháin a bharrfheabhsú don tionacht éiritheach nua ar Cíos de réir Costais.
- » Caidreamh a dhéanamh leis an Rialtas maidir leis an tacaíocht leanúnach a thugann sé i leith riachtanais fhairsinge chistiúcháin na Gníomhaireachta.

Buíochas lenár nGeallsealbhóirí

Tá an obair a rinne an Gníomhaireacht sa bhliain 2023 agus forbairt leanúnach a píblíne titheochta ar aon ina léiriú ar na hiarrachtaí suntasacha atá ar bun ag baill foirne, compháirt the soláthair agus príomh-gheallsealbhóirí na Gníomhaireachta. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leo as a n-obair chrua leanúnach agus a dtiomantas leanúnach sa bhliain seo a chuaigh thart, agus ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin leis na hiarchomhultaí den Bhord as an rannchuidiú suntasach a rinne siad leis an nGníomhaireacht.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin leis an Aire Titheochta, Rialtais Áitiúil agus Oidreachta as an tacaíocht dhiongbháilte a thug sé d'obair na Gníomhaireachta le linn na bliana. Is an-mhór againn freisin an chomhairle agus an tacaíocht a fuaireamar ó bhaill foirne na Roinn.



Ár Luachanna

Is iad na croíluachanna a threoraíonn sinn ná ionracas, torthaí, comhoibriú, nuálaíocht, agus inbhuanaitheacht.



Cuirimid ár gcuid fuinnimh, saineolais agus acmhainní i dtreo torthaí a bhaint amach lena gcothaítear an soláthar tithíochta inacmhainne agus sóisialta ardchaighdeáin...



Ionracas

Is é ár meon seirbhíse poiblí a threoraíonn sinn chun toradh sóisialta inbhuanaithe a sholáthar do mhuintir na hÉireann. Freastalaímid ar an bpobal agus coinnímid sinn féin cuntasach, agus sinn ag cloí leis na caighdeáin ghairmiúla is airde.



Torthaí

Cuirimid ár gcuid fuinnimh, saineolais agus acmhainní i dtreo torthaí a bhaint amach lena gcothaítear an soláthar tithíochta inacmhainne agus sóisialta ardchaighdeáin, ar tithíocht í a sholáthraítear i gcomhréir le caighdeán láidre sláinte agus sábháilteachta ar thalamh poiblí faoi láthair agus a sholáthrófar i gcomhréir leo san fhadtéarma.



Comhoibriú

Cothaímid iontaobh trí thiomantas agus solúbthacht a thaispeáint mar a chéile. Déanaimid caidreamh agus comhoibriú cuiditheach lenár ngeallsealbhóirí uile ar mhaithé le réitigh níos fearr a bhaint amach.



Inbhuanaitheacht

Is ionann inbhuanaitheacht comhshaoil, agus gach cineál eile inbhuanaitheachta, agus na bunchlocha lena gcuirtear bonn eolais faoi na tosaíochtaí a leagaimid síos, faoi na bealaí ina n-oibrímid agus faoi na torthaí a sholáthraímid.



Nuálaíocht

Tá sé de mhisneach againn smaoineamh ar bhealach eile, foghlaim agus bheith cruthaitheach agus seiftíúil sa dóigh a soláthraímid torthaí. Glacaimid le bealaí nua chun ár spriocanna a bhaint amach, agus sinn ag oriúnú agus ag athrú de réir mar a théimid ar aghaidh. Is mór againn éagsúlacht de gach cineál.

Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha

Tá ár Straitéis dírithe ar thithíocht inacmhainne agus shóisialta a sholáthar chun cabhrú le freastal ar na riachtanais atá ag muintir na hÉireann. Déanfaimid é sin trí thógáil ar thailte Stát agus tailte príobháideacha sa ghearrthéarma nuair is féidir agus trúna chinntiú go mbeidh ag an Stát dóthain talún atá ar fáil go réidh lena forbairt san fhadtéarma. Ar mhaithe leis an bhFís atá againn a shaothrú, cuimsíonn an Straitéis cláir uaillmhianacha atá eagraithe timpeall ar chuíg phríomhthéama straitéiseacha. Trí na cuspóirí atá againn faoi gach ceann de na réimsí straitéiseacha sin a bhaint amach, cumasófar don Gníomhaireacht rannchuidiú go mór le spriocanna náisiúnta ó thaobh forbartha agus beartais tithíochta de a chomhlíonadh, le pobail bhisíula a chruthú, agus le tionchar sóisialta dearfach leanúnach a sholáthar.

Acmhainn Talún a Mhéadú



Cur chuige dírithe a stiúradh i leith cóimeáil talún straitéisí chun píblíne chomhsheasmhach láithreán a chinntiú sna limistéir ina bhfuil an t-eileamh is mó.



Soláthar Tithíochta a Bhrostú



Luas, scála agus infhaighteacht na titíochta inacmhainne agus sóisialta in Éirinn a bhrostú.



Comhoibriú a Chothú

Dúshlán a dhíghlasáil agus torthaí a bhrú chun cinn trí chomhoibriú le compháirtithe soláthair, le soláthróirí agus le geallsealbhóirí eile a bhfuil baint acu le tithe inacmhainne agus sóisialta a forbairt agus a bhainistiú ar fud na hÉireann.



An Creat Eagraíochta a Neartú




Bealaí a Aimsiú

Cumas, struchtúr agus méid eagraíochta na Gníomhaireachta a scálú chun a chinntiú go mbeidh sí breá-ábalta a sainordú iomlán a chomhlíonadh, agus í ag oibriú go freagrach agus ag freastal ar a geallsealbhóirí ar bhealach tréadhearcach éifeachtach.

Nuálaíocht a chothú agus inniúlacht a fheabhsú sa chóras titíochta chun soláthar leanúnach forbartha inacmhainne, ísealcharbón agus aeráid-díonaí a éascú atá deartha chun freastal ar riachtanais an phobail ar bhealach éifeachtúil inbhuanaithe.

Ár Straitéis i nGníomh

| Téama 1 | Téama 2 | Téama 3 |
|--|--|---|
| Soláthar Tithíochta a Bhrostú  | Acmhainn Talún a Mhéadú  | Comhoibriú a Chothú  |
| Sprioc Luas, scála agus infhaighteacht na tithíochta inacmhainne agus sóisialta in Éirinn a bhrostú. | Sprioc Cur chuige dírithe a stiúradh i leith cóimeáil talún straitéisí chun píblíne chomhsheasmhach láithreán a chinntí sna limistéir ina bhfuil an t-éileamh is mó. | Sprioc Dúshlán a dhíghlasáil agus tortháil a bhrú chun cinn trí chomhoibriú le compháirtithe soláthair, le soláthróirí agus le geallsealbhóirí eile a bhfuil baint acu le tithe inacmhainne agus sóisialta a fhorbairt agus a bhainistiú ar fud na hÉireann. |
| Tionchar Beartaithe Beidh sé mar phríomhthosaíocht ag an nGníomhaireacht thar an gcéad trí bliana eile roghanna tithíochta ardchaighdeáin, inacmhainne agus inbhuanaithe a sholáthar. A bhui le soláthar méadaithe, a bhainfear amach trí iarrachtaí comhcheangailte na bpriomh-chompháirtithe soláthair tithíochta, cabhrófar le heasnaimh sa mhargadh reatha a shárú agus maolófar brúphointí sa mhargadh tithíochta. | Tionchar Beartaithe Faoin mbliain 2025: <ul style="list-style-type: none">» Beidh méadú déanta ag an nGníomhaireacht ar chobhsaíocht, intuarthacht agus athléimneacht na píblíne soláthair talún le haghaidh tithíochta phoiblí; agus» Beidh an timthriall forbartha stiúrtha go cuí ag an nGníomhaireacht, i bhfianaise timthriallta eacnamaíocha athraitheacha. | Tionchar Beartaithe Faoin mbliain 2025: <ul style="list-style-type: none">» Beidh rannchuidiú déanta ag an nGníomhaireacht le soláthar méadaithe trí obair i gcomhar le príomh-gheallsealbhóirí chun láithreán a dhíghlasáil agus chun soláthar tithíochta a chur ar aghaidh, agus» Beidh caidrimh éifeachtacha bhuaná forbartha ag an nGníomhaireacht le raon príomh-gheallsealbhóirí dá cuid chun tacú le soláthar leanúnach tortháil comhroinnte. |

| Téama 4 | Téama 5 |
|--|--|
| Bealaí a Aimsiú  | An Creat Eagraíochta a Neartú  |
| Sprioc Nuálaíocht a chothú agus inniúlacht a fheabhsú sa chóras tithíochta chun soláthar leanúnach forbartha inacmhainne, ísealcharbón agus aeráid-díonaí a éascú atá deartha chun freastal ar riachtanais an phobail ar bhealach éifeachtúil inbhuanaithe. | Sprioc Cumas, struchtúr agus méid eagraíochta na Gníomhaireachta a scálú chun a chinntí go mbeidh sí breá-ábalta a sainordú iomlán a chomhlíonadh, agus í ag oibriú go freagrach agus ag freastal ar a geallsealbhóirí ar bhealach tréadhearcach éifeachtach. |
| Tionchar Beartaithe Faoin mbliain 2025, beidh deimhin déanta de ag an nGníomhaireacht go mbeidh réitigh thithíochta inacmhainne agus shóisialta inmharrthana, inbhuanaithe agus ar ardchaighdeán trí an nuálaíocht a chur chun cinn i réimsí amhail iad seo a leanas: <ul style="list-style-type: none">» Dearadh agus tógáil tithíochta, agus» Soláthar foirgníochta | Tionchar Beartaithe Déanfaidh an Gníomhaireacht a struchtúr eagraíochta agus a hacmhainní a scálú chun comhordú agus soláthar éifeachtach a cuid cuspóirí agus gníomhaíochtaí beartaithe, agus formhaoirseacht ar na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí sin, a chinntí. |

“

...cumasófar don Ghníomhaireacht rannchuidiú go mór le spriocanna náisiúnta ó thaobh forbartha agus beartais tithíochta de a chomhlíonadh, le pobail bhisiúla a chruthú, agus le tionchar sóisialta dearfach leanúnach a sholáthar.

Téama 1 Soláthar Tithíochta a Bhrostú



Sprioc

LUAS, SCÁLA AGUS
INFHAIGTHEACHT NA TITHÍOCHTA
INACMHAINNE AGUS SÓISIALTA IN
ÉIRINN A BHROSTÚ



Dul Chun Cinn

Le linn na bliana 2023, lean an Ghníomhaireacht le síneadh starrach dírithe a punainne tionscadal reatha a sholáthar do thithíocht agus forbairt úsáide measctha agus lena cumas a mhéadú chun tacú le haschur tithíochta beartaithe foriomlán an Stáit a sholáthar amach anseo. Is é atá sa mhéid seo a leanas ná forbreathnú ar chláir sholáthair tithíochta na Gníomhaireachta le linn na bliana 2023.

1. An Phunann Soláthair Dhírigh

Seangánach, Seanchill,
Baile Átha Cliath

597
dTeach

Tá forbairt Sheangánaí i Seanchill, Baile Átha Cliath, ar an scéim is mó tithíochta poiblí sa Stát le blianta beaga anuas, agus í ar an gcéad tionscadal soláthair dhírigh riamh de chuid na Gníomhaireachta. Cuimseoidh an forbairt 597 dteach – a mbeidh gach ceann díobh inacmhainne – agus is tithe ar cíos de réir costais a bheidh i thart ar 51% díobh, is tithe ceannaigh inacmhainne a bheidh i 15% díobh, agus is tithe sóisialta a bheidh i 34% díobh.

Beidh an forbairt ar an scéim is mó chónaithe riamh a bhainfidh caighdeán ísealúsáide fuinnimh an ‘tí éigníomhaigh’ amach, rud ar lú i bhfad an tomhaltas fuinnimh agus na costais ghaolmhara téimh a ghabhann leis ná iad sin a ghabhann le foirgnimh nua eile. I measc na ngnéithe eile inbhuanaitheachta tá éileamh an-íseal ar fhuinneamh, ísealsoláthar spásanna páirceála carranna, ardsoláthar spásanna páirceála rothar (níos mó ná 1,300 spás), agus gnéithe deartha atá ceaptha chun obair ón mbaile a éascú.

Déantar dea-fhreastal ar Sheangánach leis an iompar poiblí atá ann cheana, agus cabhróidh raon taitneamhachtaí – lena n-áireofar spás fairising pobail, clós súgartha, creis, siopa áise, agus caifé – le braistint dhearfach phobail agus folláine áitiúil a chothú.



Dul chun cinn le linn na bliana 2023

Tá scéim Sheangánaí á forbairt ag an nGníomhaireacht i gcomhpháirt le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, an chéad chomhpháirtíocht dá cineál.

Ceapadh Walls Construction mar phríomhchonraitheoir ar an tionscadal tar éis próiseas tairisceana poiblí. Cuireadh túis leis an tógáil go mall sa bhliain 2022, agus cuireadh ar aghaidh go dearfach í de réir an phlean agus an bhuiséid le linn na bliana 2023.

Pleananna don bhliain 2024

Is ar bhonn céimnithe a sholáthrófar na tithe, agus tá an clár ar an mbóthar ceart chun na chéad tithe dá chuid a sholáthar i mí Mheán Fómhair 2024.

1. An Phunann Soláthair Dhírigh

Ospidéal Chaoimhín,
Corcaigh

265
Theach

Tá Ospidéal Chaoimhín suite achar gairid siar ó lár cathrach Chorcaí ar láithreán mór taobh cnoic a bhfuil a agaidh ó dheas, in aice le Droichead Wellington agus Halla Contae Chorcaí. Cuimsíonn an láithreán iar-Ospidéal Chaoimhín, atá tréigtheanois.

Le tacaíocht ó Chomhairle Cathrach Chorcaí, tá an sainchomhartha tíre aithnidíúil seo i gCorcaigh á athchuspóru ag an nGníomhaireacht ina fhorbairt chónaithe tharraingteach ina mbeidh 265 theach a chuimseoidh meascán de thionachtaí sóisialta, inacmhainne agus príobháideacha. Áireofar leis an bhforbairt athúsáid oiriúnaitheach a bhaint as Eaglais Chaoimhín atá ann cheana, agus cuimseoidh sí roinnt taitneamhachtaí pobail.

Tá Ospidéal Chaoimhín lonnaithe i ngar do mhór-láirónaíd fostáiochta, d'instiúidí tríú leibhéal agus do shaoráidí áitiúla, a fhágann gur roghanna tarraingteacha iad an siúl agus an rotháiocht. Beidh fuinneamh inbhuanaithe ina ghné lárnach den fhorbairt bheartaithe freisin: comhlíonfaidh na foirgnimh na rialacháin um Foirgnimh Nach Mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh de ina n-iomláine, agus rátáil fuinnimh foirgnimh (BER) A3 ar a laghad acu.



Dul chun cinn le linn na bliana 2023

Is láithreán dúshlánach é láithreán Ospidéal Chaoimhín, áit a bhfuil roinnt déanmhas cosanta mór, topagrafaíochta an-chlaonta, agus láithreacha éagsúla ina bhfuil speicis ionracha plandaí i láthair.

Deonaíodh cead planála i mí Aibreán 2021, agus an bealach á réiteach le haghaidh oibreacha cumasúcháin agus cobhsúcháin a dhéanamh. Críochnaíodh na hoibreacha sin le linn na bliana 2023.

Is ina céimeanna a sholáthrófar an fhorbairt.

Ceapadh MMD Construction Ltd mar phríomhchonraitheoir ar an tionscadal i mí an Mheithimh 2023 tar éis próiseas tairisceana oibreacha poiblí. Cuireadh túis leis an tógáil i mí Lúnasa 2023.

Pleananna don bhliain 2024

Leanfar le hoibreacha tógála a chur ar agaidh ar fud na bliana 2024. Is ar bhonn céimnithe a sholáthrófar na tithe, agus na chéad tithe á soláthar sa bhliain 2025.

1. An Phunann Soláthair Dhírigh

Dún Uí Dhubhuí, an Nás,
Cill Dara

219
dTeach

Tá láithreán Dhún Uí Dhubhuí lonnaithe ar an taobh thiar theas de Lár Baile an Nás i gCill Dara. Ar an talamh seo atá faoi úinéireacht an Stáit, soláthróidh an Gníomhaireacht forbairt chónaithe dhea-nasctha nua ina mbeidh 219 gcinn de thithe sóisialta agus inacmhainne a chuimseoidh meascán de thithe sraithe, d'árasáin dhá urlár, agus d'árasáin a bheidh idir dhá stór agus cúig stór ar airde.

Maidir leis na tithe atá á dtógáil agus a mbeidh rátáil A acu, bhí siad mar chuid d'ionad Dhún Uí Dhubhuí roimhe seo, ar thalamh a chuir an Gníomhaireacht Tithíochta ar fáil don Gníomhaireacht um Fhorbairt Talún.

Tá príomhbhailte, amhail an Nás, sainithe mar bhailte contae móra atá gníomhach ón taobh geilleagrach de ag a bhfuil naisc iompair ardchaighdeáin agus an cumas chun gníomhú mar spreagthaí fáis ar mhaithe le Baile Átha Cliath agus na Láirónaíd Fáis Réigiúnacha a chomhlánú. Tacaíonn forbairt ina leith sin le roinnt Tortháil Straitéiseacha Náisiúnta atá leagtha amach i dTionscadal Éireann 2040, lena n-áirítear tacú le dlúthfhás, cathracha a athnuachan ar féidir leo méadú sa daonra cónaithe agus i ggníomhaíocht gheilleagrach a eáscú, agus áiteanna uirbeacha a chruthú atá tarraingteach, inchónaithe, dea-dhearthá agus ar ardchaighdeán agus atá mar bhaile do phobail éagsúla chomhtháite.



Dul chun cinn le linn na bliana 2023

Deonaíodh cead planála Forbartha Tithíochta Straitéisí i mí Dheireadh Fómhair 2022 le haghaidh láithreán Dhún Uí Dhubhuí a fhorbairt.

Ceapadh Andrews Construction Ltd, an príomhchonraitheoir, i mí na Samhna 2023 tar éis próiseas tairisceana oibreacha poiblí. Cuireadh túis leis an tógáil i mí na Nollag 2023.

Pleananna don bhliain 2024

Leanfar ar agaidh le hoibreacha tógála ar fud na bliana 2024, agus na chéad tithe le soláthar sa bhliain 2025.

1. An Phunann Soláthair Dhírigh

Baile an Haicéadaigh,
Na Sceirí, Baile Átha Cliath

345 Theach

Tá láithreán Bhaile an Haicéadaigh ionnaithe ar na Sceirí, Baile Átha Cliath, agus ba í an Ghníomhaireacht Tithíochta a chuir an láithreán ar fáil don Ghníomhaireacht um Fhorbairt Talún. Tá an fhorbairt ina léiriú ar dhlúth-chomhoibriú ó thaobh deartha agus pleanála de idir an Ghníomhaireacht um Fhorbairt Talún, an Ghníomhaireacht Tithíochta agus Comhairle Contae Fine Gall, agus soláthrófar léi 345 cinn de thithe ar cíos de réir costais agus de thithe ceannaigh inacmhainne, a chuimseoidh tithe, árasán dhá urlár, agus árasán de mhéideanna éagsúla.

Is spás oscailte poiblí, ina mbeidh fearann páirce agus cearnóg phoiblí nua, a bheidh i thart ar cheathrú d'achar foriomlán an láithreán, agus tabharfar tús áite don siúl, don rothaíocht agus don iompar poiblí laistigh den fhorbairt. Mar aon leis an mbonneagar nua agus uasghrádaithe do choisithe agus do rothaithe, beidh creis ann sna saoráidí nua pobail freisin.



Dul chun cinn le linn na bliana 2023

Deonaíodh cead pleanála Forbartha Tithíochta Straitéisí don láithreán i mí an Mhárta 2023.

Pleananna don bhliain 2024

Cuireadh an obair chun comhpháirtí forbartha a áirithíú do chéim 1 den chead deonaithe Forbartha Tithíochta Straitéisí ar aghaidh sa chéad ráithe den bhliain 2024, d'fheonn tús a chur le hoibreacha ar an láithreán níos déanaí sa bhliain.

1. An Phunann Soláthair Dhírigh

An Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar, Dún Droma

852 Theach

Ba sa bhliain 1850 a osclaíodh láithreán an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar ar dtús. Tar éis do FSS a chinneadh oibríochtaí an ospidéil a aistriú chuig saoráid nua shaintógtha i bPort Reachrann, Baile Átha Cliath Thuaidh, chuir an Rialtas an láithreán ar fáil don Ghníomhaireacht le haghaidh athfhorbairt chónaithe.

Tar éis próiseas fairsing comhairliúcháin, caidrimh agus deartha, cuirtear san áireamhanois sa Mháistirphlean atá i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht don láithreán rochtain ar spásanna glasa, bonneagar pobail, laghdú ar úsáid carranna/trácht, agus inbhuanaitheacht, agus é mar aidhm leis an tráth céanna cuspoíri foriomlána an láithreáin a bhaint amach.

Tá an tionscadal seo ar an tionscadal is mó soláthair dhírigh de chuid na Gníomhaireachta go dtí seo, agus é ceaptha chun tithe ardchaighdeáin agus inacmhainne a sholáthar trí thalamh Stáit a úsáid. Cuimseoidh an fhorbairt bheartaithe árasán, árasán dhá urlár, agus tithe a bheidh idir dhá stór agus seacht stór ar airde.

Leis an raon tithe a sholáthrófar, freastalófar ar dhaoine ag gach céim den saol-teaghlaigh agus cónaitheoirí scothaosta ina measc. Cuimseoidh an fhorbairt freisin saoráidí fairsinge do chóinéireoirí agus don mhórphobal, lena n-áireofar ionad pobail ina mbeidh saoráidí spóirt laistigh, liachtann, caifé, agus saoráid cúram leanáí.



Dul chun cinn le linn na bliana 2023

Cuireadh an t-iarratas pleanála isteach i mí an Mhárta 2022, agus Tuarascáil iomlán ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta ag gabháil leis. Sna pleananna, tugtar tús áite do spásanna glasa a mbeidh rochtain ag an bpobal orthu, lena n-áirítear limistéir shúgartha, glasbhealaí fairsinge, agus feabhsú ar an ngarraí daingean atá ann cheana. Tabharfar tús áite don bhithéagsúlacht, agus caomhnófar formhór na gcrann fásta atá ann cheana ar an láithreán, agus déanfar plandú forlíontach.

Leagtar amach sa Mháistirphlean cur chuige céimníthe i leith an láithreán ar fad a athfhorbairt. Áireofar leis sin athúsáid oiriúnaitheach iogair a bhaint as an bhfoirgneamh ospidéil atá ann cheana. Tá sé mar aidhm leis an bhforbairt bheartaithe cuid de Bhaile Átha Cliath atá dúnta le 170 bliain anuas a oscailt an athuair. Gheofar réidh le codanna de bhalla imlíneach láithreach an ospidéil chun feabhas a chur ar rochtain phoiblí agus ar thréscailteacht.

D'fhág FSS an láithreán i mí Feabhra 2023, agus deonaíodh cead pleanála do 852 theach ar an láithreán don Ghníomhaireacht i mí na Bealtaine 2023. Cuimseoidh an fhorbairt sin 819 n-árasán, 15 árasán dhá urlár, agus 18 dteach.

Pleananna don bhliain 2024

Comhdaíodh athbhreithniú breithiúnach i mí lúil 2023, agus táthar ag coinne leis go n-éistfear sa dara leath den bhliain 2024 é.

1. An Phunann Soláthair Dhírigh

Fearann an Chaisleáin,
Baile Brigín

817
dTeach

Is láithreán úrnua atá suite os cionn Mhuiр Éireann é Fearann an Chaisleáin, agus é ionnaithe i mbailte fearainn Dhiméin Hampton, Choill Seoch Thuaidh agus Bhaile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath. Ba í an Ghníomhaireacht Tithíochta a chuir an láithreán ar fáil don Ghníomhaireacht um Fhorbairt Talún.

Tá sé beartaithe ag an nGníomhaireacht forbairt tithíochta straitéiseach a sholáthar ar an láithreán seo, rud a chuimseoidh 817 gcinn de thithe cónaithe ar cíos de réir costais agus de thithe cónaithe inacmhainne ar fud tionachtaí eagsúla. Cuimseoidh an fhorbairt spás oscailte poiblí, creis, agus spás miondíola agus oifige freisin. Gné lárnoch den fhorbairt is ea ceathrú uirbeach nua a chruthú, ina mbeidh saoráidí miondíola, saoráidí cúram leanaí, agus conair għlas lena soláthrófar nasc ar fud na forbartha.

D'oibrigh an Ghníomhaireacht um Fhorbairt Talún, an Ghníomhaireacht Tithíochta agus Comhairle Contae Fine Gall i ndlúthchomhar le cheile chun an fhorbairt a dhearadh agus a phleanáil, agus iarratas pleinála a chur isteach acu sa deireadh i mí Aibreán 2022.



Dul chun cinn le linn na bliana 2023

Dheonaigh an Bord Pleanála cead pleanála don scéim an 16 Márta 2023. Cuireadh Dearadh Mionsonraithe ar aghaidh don phacáiste Ardoibreaccha Bonneagair, lenar áiríodh caidreamh fairsing le hUisce Éireann, le hlarnród Éireann agus le Comhairle Contae Fine Gall. Tosaíodh gníomhaíocht Réamhcháiliúchán don Chonraitheoir Bonneagair i mí lúil 2023.

Pleanannadon bhliain 2024

Tá bonneagar chéim 0 le cur amach ar tairiscint sa chéad leath den bhliain 2024. Ina dhiaidh sin, ceapfar príomhchonraitheoir roghnaithe agus cuirfear túis le gníomhaíocht ar an láithreán – tá sé beartaithe an dá rud sin a dhéanamh sa dara leath den bhliain 2024.

1. An Phunann Soláthair Dhírigh

Tionscadal Dhún Uabhair,
Gairdíní San Treasa

543
Theach

Tá athfhorbairt thailteiar-Ghairdíní San Treasa im Baile Átha Cliath 8, cóngarach do na Saoirsí stáiriúla, á cur ar aghaidh ag an Gníomhaireacht i gcomhpháirtle Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Leis an tionscadal, cuirfear athfhorbairt an láithreán seo ar aghaidh chun 154 theach shóisialta agus 389 dteach ar cíos de réir costais a sholáthar ar fud meascán de chineálacha cóiríochta mar chuid de phlean cuimsitheach chun pobal inbhuanaithe comhtháite a chruthú sa limistéar seo. Cuimsíonn na tográí freisin spásanna ealaón, cultúir agus pobail, lena n-áirítear creis, aonad cúraim/miondíola agus mol soghluisteachta chun tacú leis an gcomharsanacht mhéadaitheach.

In éineacht leis na spásanna oscailte leathphríobháideacha do chónaitheoirí, soláthrófar leis an bhforbairt bheartaithe spásanna oscailte poiblí agus saoráidí áineasa a bheidh deartha chun forbairt comharsanacha a chomhlánú.

Threoraigh an Ghníomhaireacht an tionscadal ón bpróiseas pleanála chuig céim an iarratais pleanála i mí na Nollag 2022. Cuireadh an tionscadal faoi réir comhairliúchán mionsonraithe ag gach céim thábhachtach d'fhorbairt an deartha.

Ag breathnú ar aghaidh, oibreoidh an Ghníomhaireacht agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gcomhar le geallsealbhóirí eile chun plein barrmhaith cistiúcháin agus soláthair a chur le cheile don láithreán straitéiseach seo, ar plein é a bheidh faoi réir na gceaduithe reachtúla riachtanacha uile.



Dul chun cinn le linn na bliana 2023

I mí an Mheithimh 2023, ceadaíodh an t-iarratas pleanála ar 543 theach a fhorbairt, mar aon le creis, spás tráchtála/ miondíola, spás pobail/cultúir/ealaón agus spás oscailte poiblí gaolmhar.

Is é an chéad chéim eile don tionscadal ná dearadh níos mine a chur ar aghaidh. Go mall sa bhliain 2023, eisíodh doiciméad réamhcháiliúchán don phróiseas le haghaidh príomhchonraitheoir a roghnú.

Pleanannadon bhliain 2024

Tá an tionscadal le cur amach ar tairiscint do liosta réamhcháilíthe de phríomhchonraitheoirí. Tá Deimhnithe ar Shábháilteacht ó Dhóiteán agus Deimhnithe um Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas le háirithiú do na foirgnimh aonair. Tá an conraitheoir roghnaithe le ceapadh chun an fhorbairt fioriomlán a sholáthar, agus tá tógáil ar an láithreán le tosú i mí na Nollag 2024.

1. An Phunann Soláthair Dhírigh

Caisleánna Croma,
Baile Átha Cliath

146

Theach

Tá Tionscadal Chaisleán na Croma á fhorbairt ag an nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún i gcompháirt le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Is scéim nua é atá ceaptha chun 146 cinn de thithe inacmhainne agus de thithe sóisialta a sholáthar i mBaile Átha Cliath 5.

Tá sé beartaithe 146 theach cónaithe nua (idir thithe ar cíos de réir costais agus thithe sóisialta) a thógáil, mar aon le spás breise Pobail, Ealaíon agus Cultúir.

Iarradh ionchur ón bpobal agus ó gheallsealbhóirí le linn chéim an chomhairliúcháin, agus nuashonraíodh an dearadh chun an t-aiseolas sin a léiriú.



Dul chun cinn le linn na bliana 2023

Ordaíodh don fhoireann deartha an próiseas deartha agus tairisceana a thosú i mí Mheán Fómhair 2023. Fuarthas aighneachtaí chuig an bpróiseas le haghaidh príomhchonraitheoir a roghnú ina dhiaidh sin.

Pleananna don bhliain 2024

Cuirfidh an fhoireann tionscadail dearadh mionsonraithe agus tairiscint mhionsonraithe le chéile, agus an tairiscint le heisiúint faoi mhí na Bealtaine 2024.

Táthar ag súil leis go gcríochnófar an próiseas meastóireachta don straitéis soláthair agus go gcuirfear túis leis an tógáil ag deireadh na bliana 2024.





Is ina gcéimeanna a fhorbrófar na pleannaná don láithreán, agus áireofar leo aonaid tithíochta agus aonaid tráchtála araon. Meastar go bhfuil spás ann do 1,100 teach san iomlán ar na tailte.

Cuimsíonn Céim 1, mar atá beartaithe, 547 dteach ar cíos de réir costais agus 161 theach shóisialta. Cuimsíonn sí freisin spás oscailte poiblí tírdhreachaithe ina bhfuil plás agus clós súgartha, i measc taitneamhachtaí eile. Beidh rátáil A ag na tithe beartaithe, agus críochnófar iad chun ardchaighdeán éifeachtúlachta fuinnimh agus inbhuanaitheachta a chomhlíonadh.

Seoladh comhairliúchán poiblí fairsing i ndáil leis an bhforbairt bheartaithe, agus aiseolas ón muintir áitiúla, ó ghrúpaí ionadaíocha agus ó gheallsealbhóirí eile á gcur a áireamh san iarratas pleannála.

Dul chun cinn le linn na bliana 2023

Rinneadh iarratas pleannála ar 708 gcinn de thithe ar cíos de réir costais agus de thithe sóisialta ag Rinn Ghort na Silíní i mí na Nollag 2023.

Pleananna don bhliain 2024

Tá cinneadh pleannála le heisiúint i mí an Mheithimh 2024 maidir leis na 708 dteach agus na spásanna gaolmhara.

Tá sé beartaithe dara iarratas pleannála a dhéanamh faoi Chuid X chuig an mBord Pleanála faoin tríú ráithe den bhliain 2024, rud a bhainfidh le Céim 2. Áireofar leis an iarratas sin thart ar 150 teach nua inacmhainne ar díol a mbeidh a ndoras féin acu.

Is é an chéad chéim eile don tionscadal ná dearadh níos mine agus straitéis soláthair a chur ar aghaidh do Chéim 1, agus an méid céanna a dhéanamh ina dhiaidh sin do Chéim 2.

1. An Phunann Soláthair Dhírigh


Bóthar na Díge,
Gaillimh

220

Teach

Tá láithreán Bhóthar na Díge ina chuid de bhunachar talún athfhorbraíochta straitéiseach ar imeall Lár Cathrach na Gaillimhe ar shainaithin Comhairle Cathrach na Gaillimhe go bhféadfaí athfhorbairt chuimsitheach a dhéanamh air. Tugann sé deis uathúil chun forbairt a bheidh faoi stiúir ag tithíocht chónaithe a sholáthar ag a bhfuil nascachtaí leis an Lár Cathrach bunaithe.

Ag obair di i gcomhpháirt le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, tá sé beartaithe ag an nGníomhaireacht pleannána athbheochana a thabhairt ar aghaidh le haghaidh forbairt úsáide measctha a bheidh faoi stiúir ag tithíocht chónaithe ar an láithreán, a meastar go bhfuil spás aige do 220 teach.



Corrib Causeway Tóchar na Coiribe

Vision for the Proposed Development of the Dyke Road Car Park Site



Get involved and have your say as the consultation evolves in the coming months.

www.corribcauseway.ie

+353 (91) 534 664



Dul chun cinn le linn na bliana 2023

Ceapadh an fhoireann tionscadail chun an t-uillmhúchán do Mháistirphlean don láithreán agus dearadh agus iarratas pleinála Chéim 1b d'fhorbairt chónaithe a chur ar aghaidh do Chéim 1 den láithreán. I mí Mheán Fómhair 2023, rinne an Ghníomhaireacht agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe Litir Comhaontaithe chun an Máistirphlean a chur ar aghaidh, rud lena n-áirítear úsáidí tráchtála, cultúir agus pobail, mar aon leis na tograi le haghaidh athbheochan a bheidh faoi stiúir ag tithíocht chónaithe laistigh de Chéim 1.

Pleananna don bhliain 2024

Tá sé mar sprioc ag an bhfoireann Céim 1a a thabhairt chun críche sa chéad ráithe den bhliain 2024. Cuirfear gníomhaíochtaí deartha chéim 1b ar aghaidh ina dhiaidh sin, agus é beartaithe aighneacht pleinála a dhéanamh sa cheathrú ráithe den bhliain 2024.



2. 'Project Tosaigh'

Fógraíodh 'Project Tosaigh' sa bhliain 2021 mar chuid de straitéis tithíochta an Rialtais dar teideal 'Tithíocht do Chách', chun forbairtí a dhíghlasáil agus a chur ar aghaidh atá faoi úinéireacht phríobháideach, a bhfuil cead pleanála acu agus a bhfuil stad curtha le hiad a sholáthar. Is tionscnamh margadhbhunaithe é atá dírithe ar thithe inacmhainne a bhfuil daingneacht tionachta ag baint leo a sholáthar – idir thithe ar cíos de réir costais agus thithe inacmhainne ar díol.

Seoladh an chéad chéim ag deireadh na bliana 2021, agus díriodh lena linn ar dheiseanna atá dea-scapithe ón taobh réigiúnach de ar fud Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Phort Láirge, Chill Mhantáin, na Mí, agus Chill Dara. Seoladh gníomhaíocht thánaisteach i mí Dheireadh Fómhair 2022, agus díriú á leagan an athuair ar forbairtí ard-dlúis laistigh de Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath agus de Chorcaigh, chun na riachtanais reatha mhargaidh atá le tithe ar cíos de réir costais a léiriú agus a chomhlíonadh.



2. 'Project Tosaigh'

Ar Cíos de réir Costais – Scéimeanna léiritheacha

An Cheathrú, larthar na Cathrach



Rinn an Bhearnbhálaigh, Páirc Hans, Baile Átha Cliath 15



Lána an Harpúraigh, Léim an Bhradáin, Co. Chill Dara



2. 'Project Tosaigh'

Inacmhainne ar Díol – Scéimeanna léiritheacha

Soláthraíodh scéimeanna tithíochta inacmhainne ar díol i gcomhar leis na húdaráis áitiúla iomchuí, lenar áiríodh iad seo a leanas:

Mala, Co. Chorcaí (95 aonad)



An Uaimh, Co. na Mí (50 aonad)



Cill Bharra, Co. Phort Láirge (92 aonad)



Tá sé beartaithe ag an nGníomhaireacht bealaí breise soláthair a éascú faoin gclár 'Project Tosaigh' trí shocruithe réamhchistiúcháin, áit a gceannóidh an Gníomhaireacht láithreán ó fhorbróir agus a dhéanfaidh sí comhaontú forbartha agus cistiúcháin leis, ar faoina bhun a chisteoidh an Gníomhaireacht an forbróir sin chun tithe ar cíos de réir costais a thógáil.

Faoi dheireadh na bliana 2023, d'éirigh leis an nGníomhaireacht thart ar 1,000 teach a sholáthar tríd an gClár 'Project Tosaigh'. Tríd an tionscnamh seo, agus faoi réir cistiú a fháil, tá an Gníomhaireacht ag súil leis go soláthrófar níos mó ná 8,000 teach faoin mbliain 2028, ar tithe iad a bheidh de bhréis orthu sin atá beartaithe lena soláthar óna punann láithreach de thalamh atá faoi úinéireacht an Stáit agus de thalamh faigthe eile.



2. 'Project Tosaigh'

Cás-Staidéar maidir le 'Project Tosaigh'

COILL AN ÁIRSÉARAIGH

Deilgne, Co. Chill Mhantáin

Bhí Coill an Áirséaraigh, Deilgne, ar an gcéad scéim tithíochta ar cíos de réir costais a sholáthair an Ghníomhaireacht faoin gClár 'Project Tosaigh'. I gcomhar le Cairn Homes, tairgeadh 142 theach lena nglacadh ar cíos sa láthair seo i gCill Mhantáin thuaidh. Tairgeadh 48 dteach sa chéad dá chéim (árasáin dhá urlár ina bhfuil dhá sheomra leapa nó trí sheomra leapa), agus tairgeadh 94 cinn d'árasáin aon seomra leapa i gcéim 3 (Aibreán 2023).



“

Tá sárdheارadh ar na tithe ag Coill an Áirséaraigh. Soláthraíodh gan troscán iad, agus cistin lánfheistithe agus earraí bána, feistis chomhtháite, feistis seomra folchta, dallóga, agus urlárlach ar a bhfuil.

Tá sárdheارadh ar na tithe ag Coill an Áirséaraigh. Soláthraíodh gan troscán iad, agus cistin lánfheistithe agus earraí bána, feistis chomhtháite, feistis seomra folchta, dallóga, agus urlárlach ar a bhfuil. Is trí theaschайдíl aeir sceite aonair atá lonnaithe i ngach aonad a sholáthraítear téamh tí atá an-eifeachtúil agus a bhfuil rátail A2 aige agus aer te. Seachadtar téamh trí radaitheoirí ísealteocheata atá cóimeáilte ar bhalla, agus criossanna téimh a rialaítear le teirmeastat ag gach aonad. Agus iad 'úrscothach' agus 'curtha air i gconaí', tá na córais sin deartha chun bheith eifeachtúil agus chun ardleibhéal chompoird a sholáthar d'áititheoirí.

Is é is tionacht 'Ar Cíos de réir Costais' ann ná tionacht tithíochta nua a cruthaíodh faoin Acht um Thithíocht Inacmhainne, 2021. Tairgtear léi rogha fhaadtéarmach shlán cíosa agus rannchuidítear léi le margadh tithíochta inbhuanaithe a fhorbairt in Éirinn, ar margadh é ina soláthraítear roghanna ar fud gach cineáil tionachta. Is bunaithe ar an gcostas atá i gceist leis na tithe a thógáil, a bhainistiú agus a chothabháil atá an cíos ar na tithe sin, agus tá an cíos do gach teach ar cíos de réir costais faoi bhun chíosanna an mhargaidh sa limistéar ina bhfuil an scéim lonnaithe.

Sampla de leagan amach na cistine agus an tseomra suí



Sampla de leagan amach an tseomra suí



Comhpháirtíochtaí faoi 'Project Tosaigh'

Tionscadal / Láthair

Comhpháirtí Soláthair An Lón Tithe

| | | | | |
|----|--|-----------------------|------------|--|
| 1 | Páirc Hans, Baile Átha Cliath | McGarrell Reilly | 247 | |
| 2 | Clonmore, Mala, Corcaigh | O'Flynn | 95 | |
| 3 | Cill Bharra, Port Láirge | Whitebox | 92 | |
| 4 | Deilgne, Cill Mhantáin | Cairn | 142 | |
| 5 | Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath | Harcourt | 55 | |
| 6 | Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath | Cairn | 236 | |
| 7 | Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath | Cairn | 133 | |
| 8 | Léim an Bhradáin, Co. Chill Dara | Cairn | 73 | |
| 9 | Caladh an Treoigh, Luimneach (Comhaontaíodh Téarmaí) | Cairn | 81 | |
| 10 | Baile an Chócaigh, Tamhlacht | Willow Street Capital | 204 | |
| 11 | Dun Óir, Cill Tiarnáin, Baile Átha Cliath | B&C Contractors | 86 | |
| 12 | Baile an Alabhdóidigh, Baile Átha Cliath | Glenveagh | 69 | |
| 13 | An Uaimh, Co. na Mí | Glenveagh | 50 | |
| 14 | Baile Adaim, Baile Átha Cliath | Quintain Ireland Ltd | 392 | |
| 15 | Taobh na Páirce, Baile Átha Cliath (Comhaontaíodh Téarmaí) | Cairn | 210 | |
| 16 | Cé Uí Argáin, Corcaigh (Comhaontaíodh Téarmaí) | Bam/Clarendon | 302 | |
| 17 | Cearnóg na Corónach, Gaillimh (Comhaontaíodh Téarmaí) | JJ Rhatigan | 345 | |
| | | lomlán 2,812 | | |



3. Limistéir Straitéiseacha

An Mol Digiteach, Baile Átha Cliath 8

Tá an Mol Digiteach mar chuid de Limistéar Forbartha agus Athbheochana Straitéisí 15 i mBaile Átha Cliath 8, ar an taobh thiar de lár na cathrach.

Ghlac an Ghníomhaireacht an príomhról i leith Tailte an Mhoil Dhigitigh a mháistirphleanáil, agus é sin mar chéad chéim thábhachtach i dtreo na tailte Stáit sin a athfhorbairt chun tithe nua inacmhainne tionachta measctha a sholáthar. Is é an aidhm atá le cóiríocht a chur ar fáil d'fhorraíocht agus do thráchtáil agus le spásanna taitneamhachta, cultúir, pobail agus oscailte a chruthú ná tairbhí inbhráite sóisialta, eacnamaíocha agus pobail a sholáthar sna Saoirsí.

Tríd an tionscadal athbheochana seo, bunathrófar sócmhainní oidhreachta ina bpobal bríomhar inbhuanaithe nua, a bheidh bunaithe ar athbheochan a bheidh faoi stiúir ag tithíocht chónaithe nua. Cinnfear cineál beacht agus méid beacht na n-úsáidí beartaithe mar chuid de na hiarratais phleanála, ar aon dul leis an Straitéis cheadaithe Forbartha.



Dul chun cinn le linn na bliana 2023

Foilsíodh an Máistirphlean i mí na Bealtaine 2023. Ina dhiaidh sin, ceapadh an foireann tionscadail chun an tionscadal a chur ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile, a bhfuil mar aidhm léi an Straitéis cheadaithe Forbartha a chur chun feidhme.

Pleananna don bhliain 2024

Chuir an Fhoireann Deartha staidéir dhearda ar aghaidh do gach ceann de na ceapacha laistigh den Mháistirphlean, agus úsáidfear sraith roghanna mar bhonnlíne do Chéim 1a. Leanfaidh an foireann le gníomhaíochtaí deartha a sheoladh ar na ceapacha uile ar fud an Mháistirphlean le linn na bliana 2024, agus é mar aidhm aici iarratas cumasúcháin a ullmhú agus a chur isteach do Cheapach C. Tabharfaidh an foireann Céim 1a chun críche ar na ceapacha uile le linn na bliana 2024 freisin, mar aon le dul chun cinn a dhéanamh i dtreo Chéim 1b ar Cheapacha A agus B. Leanfar ar aghaidh le díospóireachtaí ar an Aistriú Talún freisin, agus caidreamh leantach á dhéanamh le geallsealbhóiri.



3. Limistéir Straitéiseacha

Inse Chór, Baile Átha Cliath 8

Tá na tailte de chuid Chóras Iompair Éireann (CIÉ), Bhord Soláthair an Leictreachais (BSL) agus Oifig na nOibreacha Poiblí in Inse Chór liostaithe sa phlean ón Rialtas dar teideal 'Tithíocht do Chách' (2021) lena n-aistriú chuig an nGníomhaireacht le haghaidh athbheochan a bheidh faoi stiúir ag an tithíocht. Bíonn an Gníomhaireacht ag déanamh caidreamh gníomhach leis na húinéirí talún iomchuí chun tuiscint níos fearr a ghnóthú ar riachtanais oibríochta, ar dheiseanna comhdhlúthaithe agus athlonnaithe, agus ar scaoileadh céimnithe roinnt tailte le haghaidh athbheochan úsáide measctha a bheidh faoi stiúir ag tithíocht inacmhainne.



Dul chun cinn le linn na bliana 2023

Leanadh le caidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí (úinéirí talún) agus le tabhairt faoi staidéir theicniúla bhonnlíne le linn na bliana 2023.

Pleananna don bhliain 2024

Sa bhliain 2024, coimisiúnóidh an Gníomhaireacht raon leathan suirbhéanna agus anailísí chun tosca teicniúla, comhshaoil agus bonneagair a shuí a theastaíonn chun bonn eolais a chur faoi chomhairliúchán poiblí amach anseo, faoi chaidreamh le geallsealbhóirí i gcoitinne, agus faoi phróiseas ariallach máistirphleanála.

3. Limistéir Straitéiseacha

Ceathrú an Ghainimh, Gaillimh

Ag obair di i gcomhpháirt le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, d'ullmhaigneach an Gníomhaireacht um Fhorbairt Talún Creat Spáis le haghaidh tailte atá thart ar Bhóthar an Ghainimh, Gaillimh.

Agus ceathrú uirbeach nua á forbairt ag Bóthar an Ghainimh sa todhchaí, díreofar ar limistéir athfhobraíochta agus thearcúsáidte a bharrfheabhsú.

Beidh ómós láidir áite ag Ceathrú an Ghainimh don phobal áitiúil ar fad. Beidh sé éasca ag daoine a mbealach a dhéanamh tríd an gCeathrú trí bhealaí nua coisithe agus rothathe, lena gcruthófar comharsanacht insíulta ina mbeidh príomhshráid áitiúil nua, éadanais ghníomhacha agus saoráidí nua pobail, agus fás athnuaithe á spreagadh ar fud an limistéir ar fad.



Tar éis na céime sin, cheap an Gníomhaireacht foireann ildisciplíneach deartha atá faoi stiúir ag Reddy Architecture + Urbanism chun an dréachtchreat spáis a fhorbairt.

Tá sé mar chuspóir leis an gGreat Spáis na trí phrionsabal struchtúraithe seo a leanas a fhorbairt le haghaidh comharsanacht nua úsáide measctha a fhorbairt ag Bóthar an Ghainimh:

- Fís chuimsitheach;
- Téamaí máistirphleanála; agus
- Eochairphrionsabail agus treoirláinte.

Dul chun cinn le linn na bliana 2023

Ba í an chéad chéim i dtreo acmhainneacht chlaochlaintheach limistéar Bhóthar an Ghainimh a sholáthar ná Athbhreithniú ar an Dearadh a ullmhú. Choimisiúnaigh an Gníomhaireacht an t-athbhreithniú sin agus reáchtáil Institiúid Ríoga Ailtirí Éireann (RIAI) é chun físeanna ardleibhéal cruthaitheacha le haghaidh an láithreáin, agus tuairimí táscacha ar acmhainn fhéideartha an láithreáin, a sholáthar.

Agus ceathrú uirbeach nua á forbairt ag Bóthar an Ghainimh sa todhchaí, díreofar ar limistéir athfhobraíochta agus thearcúsáidte a bharrfheabhsú chun an fhís a bunaíodh san Athbhreithniú ar an Dearadh a chomhlionadh.

Forbraíodh an dréacht-Chreat Spáis le haghaidh comhailriúchán poiblí le linn na bliana 2023.

3. Limistéir Straitéiseacha

Ceathrú Cholbaird, Luimneach

D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Fhorbairt Talún an Creat Spáis do Cheathrú Cholbaird i Luimneach i mí na Nollag 2022. Leagtar amach sa Chreat Spáis sin fís don limistéar agus prionsabail chun forbairt an limistéir sa todhchaí a threorú. Leis an gCreat Spáis, ailínítear leis na príomhchuspóirí agus na príomhbheartais atá i bPlean Forbartha Luimnigh 2022-2028. Leis an gCreat Spáis freisin, tacáítear agus ailínítear leis na pleananna uaillmhianacha fáis do Luimneach maidir le dlúthfhás uirbeach agus maidir le talamh athfhorbraíochta a bharrfheabhsú, mar atá leagtha amach sa Chreat Náisiúnta Pleanála.

Bunathrófar an chuid seo de chathair Luimnigh a bhúi le tionscadal Cheathrú Cholbaird. Cuimseoidh an tionscadal ceantair uirbeacha nua atá le forbairt le himeacht ama, agus an acmhainneacht ann 2,800 teach a sholáthar, mar aon le spás urláir tráchtála, spásanna poiblí, agus roghanna iompair inbhuanaithe.



Dul chun cinn le linn na bliana 2023

Le linn na bliana 2023, forbraíodh Plean um Fhorbairt agus Soláthar Bonneagair, agus forbraíodh Máistirphleán do na tailte de chuid FSS, agus comhairliúchán á sheoladh ina leith sa cheathrú ráithe den bhliain 2023. Ina theannta sin, comhaontaíodh le FSS méid na dtailte de chuid FSS atá le haistriú, agus tá an próiseas díchill chuí don aistriú ar siúl.



THE LAND DEVELOPMENT AGENCY DAC


Amharc ar Chathair Luimnigh ón aer
Os cionn na Sionainne





Téama 2

Acmhainn Talún a Mhéadú



Sprioc

Cur chuige dírithe a stiúradh i leith cóimeáil talún straitéisí chun píblíne chomhsheasmhach láithreán a chinntíú sna limistéir ina bhfuil an t-éileamh is mó.

Dul Chun Cinn

Tá an Ghníomhaireacht dírithe ar chur chuige fadtéarmach a fhorbairt i leith an phíblíne straitéiseach tailte Stáit a fhorbairt agus a bhainistiú ar mhaithe le soláthar tithe inacmhainne agus sóisialta a bhostú. Ceann amháin de na priomhchuspóirí atá aici is ea bunachar talún cobhsaí a áiritíu chun forbairt leanúnach pobal agus tithe a éascú ar aon dul leis an éileamh.

Is é atá i gceist le tacú leis na spriocanna sin a ghnóthú, i measc nithe eile, an Tuarascáil ar Thalamh Poiblí lomchuí a fhoilsiú, rud arb é an chéad tuarascáil dá chineál agus lena gcuirtear leis an gClár Tailte lomchuí a forbraíodh cheana féin. Is é atá sa Chlár Tailte lomchuí ná clár cuimsitheach poiblí de na tailte uile atá faoi úinéireacht ag comhlacthaí poiblí i mbailte ar mó a ndaonra ná 10,000 duine.

Ina theannta sin, tá an Ghníomhaireacht ag féachaint ar na deiseanna atá ann talamh a cheannach ó úinéirí talún príobháidí chun a clár Tailte Stáit a fhorlónadh agus chun cabhrú le tithíocht inacmhainne a sholáthar ar bhealach níos tapa sa ghearrthéarma.

Tá an t-eolas is deireanaí agus an dul chun cinn i ndáil le sprioc agus cuspóirí an téama seo le linn na bliana 2023 tugtha thíos.

Gníomhaíocht a Cuireadh i gCrích sa bhliain 2023:

Tuarascáil ar Thailte Poiblí lomchuí

Sócmhainn an-tábhachtach don Stát is ea talamh poiblí, rud lena gcumasaítear dó seirbhísí agus feidhmeanna éagsúla a sholáthar agus pleanál do thodhchaí an náisiúin. Leis an Acht fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún, 2021, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht Clár Tailte lomchuí agus Tuarascáil ar Thalamh Poiblí lomchuí a tháirgeadh. Éascaítear leis an dá urlis sin sainaithint agus measúnú a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ag talamh poiblí lomchuí tithíocht inacmhainne a sholáthar anois agus sa todhchaí araon.

Is é atá sa Chlár Tailte lomchuí ná léarscáil Ghréasáin phoiblí lena léirítear na tailte poiblí lomchuí uile. Leis an Acht fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún, 2021, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht clár a bhunú agus a chothabháil den talamh poiblí lomchuí ar fad agus den talamh ar fad atá faoi úinéireacht ag an nGníomhaireacht nó ag aon chuideachta gníomhaíochta ainmnithe is fochuideachta dá cuid. Leanfaidh an Ghníomhaireacht leis an gclár a nuashonrú de réir mar is gá.

Tá an chéad Tuarascáil ar Thalamh Poiblí lomchuí, a tugadh chun críche agus a foilsíodh sa bhliain 2023, deartha chun próiseas straitéiseach leanúnach a sholáthar chun measúnú a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ag tailte tearcúsáidte atá faoi úinéireacht an Stáit agus chun tacú le píblíne tailte féideartha a thógáil le haghaidh tithíocht inacmhainne a sholáthar sa todhchaí.

Leis an Tuarascáil, úsáidtear an Clár Tailte lomchuí chun sainaithint agus measúnú a dhéanamh ar thalamh poiblí a d'fhéadfá a úsáid chun tithíocht a fhorbairt agus

chun dlúthfhorbairtuir beach agus athbheochanuir beach a sholáthar. Tá roinnt céimeanna i gceist leis an modheolaíocht le haghaidh talamh a shainainthint. Leis an modheolaíocht, scagtar amach talamh poiblí nach dóigh dó a bheith oiriúnach do thithíocht, agus measúnaítear saintréithe pleanála, saintréithe comhshaoil agus saintréithe eile talún chun a chinneadh cé chomh hoiriúnach atá sé do thithíocht.

Sainaithníodh sa Tuarascáil 83 dháileacht ar a bhfuil an acmhainneacht suas le 67,000 teach nua inacmhainne a sholáthar idir an meántéarma agus an gearrthéarma, ar fud deich gcinn de chathracha agus de bhailte réigiúnacha in Éirinn.

Soláthroidh an Ghníomhaireacht tuilleadh tuarascálacha ar thalamh poiblí don Rialtas gach dhá bhliain ar a laghad. Chun a chinntíú go leagfáidíriú tosaíochta ar na limistéir ina bhfuil an gá is mó agus a meastar go mbeidh an fás is mó iontu sa todhchaí, diríodh sa chéad tuarascáil ar na cúig chathair (Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh, agus Port Láirge) agus ar na cúig láirionad réigiúnacha (Droichead Átha, Dún Dealgan, Baile Átha Luain, Leitir Ceanainn, agus Sligeach).

San iomlán, is sna cathracha agus sna limistéir fáis sin atá thart ar 75% den talamh poiblí lomchuí ar fad a sainaithníodh ar fud na tíre. Tá sé sin ag teacht leis na cuspóirí atá sa Chreat Náisiúnta Pleanála chun dlúthfhás inbhuanaithe agus forbairt réigiúnach chothromaithe a bhaint amach. Is iad na lonnaíochtaí eile ar mó a ndaonra ná 10,000 duine a bhreithneofar sa chéad tuarascáil eile ón nGníomhaireacht chuig an Rialtas, atá le foilsíú sa bhliain 2024. Áireofar leis sin breithniú a dhéanamh ar an 25% ar fad den talamh poiblí lomchuí atá fágtha.

An Tionscnamh um Fháil Talún Príobháidí

Ar mhaite le píblíne tailte a fhorbairt chun tacú leis an gconair soláthair tithíochta amach anseo, bíonn an Ghníomhaireacht ag obair le comhlacthaí poiblí chun sainaithint a dhéanamh ar thalamh a bheidh oiriúnach d'fhorbairtí móra tithíochta sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma, lena n-áirítear dáileachtaí casta straitéiseacha atá faoi úinéireacht an Stáit.

Ina theannta sin, tá an Ghníomhaireacht ag féachaint ar na deiseanna atá ann talamh a cheannach ó úinéirí talún príobháidí chun a clár Tailte Stáit a fhorlónadh agus chun cabhrú le tithíocht inacmhainne a sholáthar ar bhealach níos tapa sa ghearrtéarma. Leis an gclár leanúnach sin um fháil talún, tacófar leis an gcuispóir atá ag an nGníomhaireacht méadú a dhéanamh ar an lón tithe a sholáthraíonn sí gach bliain trí shásraí soláthair dhírigí, agus forlónfar an cuspóir sin.

Cuireadh túis le próiseas tosaigh Léirithe Spéise i mí an Mheithimh 2023. Measúnaíodh na tográí a fuarthas de réir critéir éagsúla ansin, lenar áiríodh láthair, cóngaracht don iompar, méid scéime, stádas pleanála, éifeachtúlacht costais ó thaobh cursaí deartha agus oibríochtúla de, agus luach ar airgead. Tugadh túis áite do thograí le haghaidh tithe ard-dlúis sna cúig phríomhchathair, is iad sin: Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh, agus Port Láirge.

Sa bhliain 2023, rinneadh thart ar 60 aighneacht lenar sásáíodh na critéir shonraithe. Chuaigh roinnt diobh ar aghaidh chuir céim an díchill chuí ansin, agus is féidir go ndámhfar conarthaí dóibh sa bhliain 2024.



Téama 3

Comhoibriú a Chothú



Sprioc

Dúshlán a dhíghlasáil agus torthaí a bhrú chun cinn trí chomhoibriú le compháirtithe soláthair, le soláthróirí agus le geallsealbhóirí eile a bhfuil baint acu le tithe inacmhainne agus sóisialta a forbairt agus a bhainistiú ar fud na hÉireann.

Dul Chun Cinn

Aithníonn an Gníomhaireacht a thábhachtaí atá comhoibriú le príomh-gheallsealbhóirí trí chomhairliúchán agus trí chaidreamh chun dul chun cinn a dhéanamh ar phleananna le haghaidh tithíocht a sholáthar agus pobail inbhuanaithe chuimsitheacha a chruthú.

Is é atá sa mhéid seo a leanas ná forbreathnú ar na gníomhaíochtaí a rinneadh sa bhliain 2023 faoin téama straitéiseach seo.

Gníomhaíocht a Cuireadh i gCrích sa bhliain 2023:

Straitéis maidir le Caidreamh leis an bPobal agus le Geallsealbhóirí

Agus dul chun cinn á dhéanamh aici ar a cuid pleannanna agus tográí, cuireann an Gníomhaireacht

cur chuige réamhghníomhach cuimsitheach chun cinn i leith caidreamh leis an bpobal agus le geallsealbhóirí, idir na céimeanna is luaithe den phróiseas pleánala agus deartha, chéim na tógála agus áitiú na scéime tithíochta sa deireadh.

Tacaíonn an Gníomhaireacht le próisis chomhréireacha chaidrimh, agus é mar aidhm aici deiseanna a sholáthar chun éisteacht le tuairimí pobal ag príomhchéimeanna. Creideann an Gníomhaireacht gurb é an toradh a bheidh ar an éiteas sin a ghlacadh ná go dtacófar le torthaí deartha agus pleánala níos fearr agus, sa deireadh, go soláthrófar forbairtí inbhuanaithe cuimsitheacha atá dea-chomhtháite le pobail atá ann cheana.

Bíonn éagsúlacht ann i dtuairimí geallsealbhóirí – tá an Gníomhaireacht tiomanta do theacht ar réitigh lena gcothromáitear ábhair imní choiteanna agus lena léirítear mórleas an phobail ar bhealach atá comhsheasmhach leis an sprioc arb é atá ann forbairt tithíochta inbhuanaithe agus forbairtí tithíochta inacmhainne a thógáil. Glacann an Gníomhaireacht cur chuige atá saincheaptha agus sonrach don tionscadal i leith na bpróiseas uile um chaidreamh leis an bpobal agus le geallsealbhóirí a ghabhann sí de láimh. Bíonn éagsúlacht ann sa scála, sa scóip agus sna modhanna a úsáidtear, agus iad ag brath ar cheanglais shonracha agus ar choinníollacha sonracha.

Doiciméadaíodh ‘Straitéis maidir le Caidreamh leis an bPobal agus le Geallsealbhóirí’ chun éiteas agus tiomantas na Gníomhaireachta do phobail a forbairt agus do chomhfhorbairt áite a léiriú. Leagtar amach inti cuspóir, ról agus feidhm na Gníomhaireachta, agus soláthraítear inti faisnéis don phobal faoi cén uair agus conas is féidir leis caidreamh a dhéanamh leis an nGníomhaireacht ar a cuid tionscadal.

Cuspóirí na Straitéise maidir le Caidreamh leis an bPobal agus le Geallsealbhóirí

Tríd an Straitéis seo maidir le Caidreamh leis an bPobal agus le Geallsealbhóirí agus ar thionscadail uile na Gníomhaireachta, tá an Gníomhaireacht tiomanta d'obair i gcomhar le pobail agus le geallsealbhóirí chun go mbainfí amach an sprioc lárnach atá aici, eadhon tithe nua a sholáthar. Chuige sin, tá trí chuspóir ann a bhrúnn ár Straitéis maidir le Caidreamh leis an bPobal agus le Geallsealbhóirí chun cinn:

An pobal a chur ar an eolas faoi chuspóir na Gníomhaireachta, faoinár bpleannanna agus faoinár dtionscadail agus faoinár dtiomantas do chaidreamh fiúntach, do chomhfhorbairt áite, do phobail inbhuanaithe agus d'ardchaighdeáin.

Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leis an bpobal, tuiscint a mhéadú agus deiseanna le haghaidh caidrimh a thabhairt le linn príomhchéimeanna. Is é atá i gceist leis sin éisteacht leis na tuairimí agus na moltaí ó gheallsealbhóirí pobail agus iad a bhreithniú go cúramach de réir mar a dhéanaimid ár bhforbairtí a phleanál agus a dheardadh.

An pobal a chur ar an eolas faoi chuspóir na Gníomhaireachta, faoinár bpleannanna agus faoinár dtionscadail.

Prionsabail Chaidrimh



Cabhraíonn ár bPrionsabail Chaidrimh linn an dóigh a bpleanálaimid, a bhforbraímid agus a soláthraímid ár bhforbairtí a mhúnlú agus cabhraíonn siad linn cinntí níos fearr a dhéanamh ar fud an phróisis sin:

Trédhearcach

Cóinníonn an Ghníomhaireacht próiseas trédhearcach pleanála agus deartha ar bun. Cuirtear an t-eolas is deireanaí faoi phleananna agus faoi thionscadail ar fáil don phobal ar bhealach soiléir ag eatraimh thráthrialta agus arna iarraidh sin do gach páirtí leasmhar.



Am

Tógann an Ghníomhaireacht an t-am chun caidreamh a dhéanamh le pobail agus le geallsealbhóirí. Tugtar am don phobal chun pleananna a athbhreithniú ag príomhcháimeanna. Bímid ag iarraidh éisteacht le tuairimí an phobail ag amanna tráthúla i dtimthriall plean nó tionscadail chun gur féidir prósiseas deartha a shaincheapadh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna arna dtarraingt anuas agus chun moltaí a chur san áireamh, i gcás gur cuí déanamh amhlaidh. Rannchuideoidh sé sin le prósiseas phleanála agus deartha níos éifeachtúla agus is é an toradh a bheidh air sa deireadh ná go soláthrófar forbairtí a bheidh níos rathúla, níos comhtháite agus níos inbhuanaithe.



Cuimsitheach

Tá sé mar aidhm ag an nGníomhaireacht dul chomh fada le gach duine den phobal ionas go mbeidh deiseanna ag páirtithe leasmhara agus ag grúpaí leasmhara chun a gcuid tuairimí faoi phleananna agus faoi thionscadail a chur in iúl. Creideann an Ghníomhaireacht go rannchuidíonn prósiseas chuimsitheacha chaidrimh le forbairtí atá níos cuimsithí agus níos comhtháite.



Aiseolas

Tá sé mar aidhm ag an nGníomhaireacht bheith cuntasach maidir le conas a breithníodh príomhréimsí aiseolais agus leis na dóigheanna féideartha a raibh siad mar bhonn eolais faoin bprósiseas forbartha deartha. Sa chuid is mó de chásanna, is forleathan agus éagsúil a bhíonn tuairimí an phobail faoi thionscadail forbartha. Tá sé de fhreagrácht ar an nGníomhaireacht na saincheisteanna arna dtarraingt anuas a chothromú agus cinntí a mhíniú chun go dtuigeann an pobal conas a breithníodh na hábhair imní éagsúla atá aige.



An fáth a bhfuil

Caidreamh

Tábhachtach

AN RÉASÚNAÍOCHT

Baineann caidreamh leis an bpobal agus le geallsealbhóirí leis an iliomad bealaí ina ndéanann an Ghníomhaireacht cumarsáid leis an bpobal faoina tionscadail agus faoina pleannanna. Is príoseas dhá threo é caidreamh, áit a ndéantar idirghníomhú le daoine agus a n-éistear leo, ar mhaithe le tairbhe fhrithpháirteach a ghiniúint sa deireadh. Forbraíonn an Ghníomhaireacht cur chuige atá saincheaptha agus sonrach don tionscadal i leith na bpríoseas uile um chaidreamh leis an bpobal agus le geallsealbhóirí a ghabhaimid de láimh. Bíonn cuid mhór deiseanna ann chun caidreamh a dhéanamh ar bhonn deonach. Is faoi lánrogha na Gníomhaireachta a bhíonn scála agus scóip aon chaidrimh neamhreachtúil a dhéantar agus an tsamhail chaidrimh/an modh caidrimh a roghnaítear. Is ar bhonn cás ar chás a dhéantar an cinneadh ar na gnéithe sin.




An fhreagracht atá orainn caidreamh a dhéanamh



Aithnímid an fhreagracht atá orainn obair i gcomhar le compháirtithe áitiúla chun pobail inbhuanaithe chuimsitheacha a chruthú, ar pobail iad atá dea-chomhtháite agus dea-nascta le comharsanachtaí atá ann cheana. Tá formhór ár láithreán suite i mbailte agus cathracha gnóthacha ina gcónaíonn agus ina n-oibríonn daoine agus ina mbíonn siad ag spraoi. Ba mhaith linn na limistéir sin a fheabhsú tuilleadh agus rannchuidíu lena bhríomhaire atá siad.

Is mór againn an tacaíocht uait



Táimid bródúil as an ról ríthábhachtach a imreoidh ár ngníomhaireacht maidir le feabhas a chur ar rochtain ar thithíocht do dhaoine in Éirinn, agus táimid ag súil go mór le leanúint lenár gcuid oibre a dhéanamh faoi dhlús. Chun ár bpleannanna agus ár dtionscadail a dhearadh, a thógáil agus a bhainistiú, teastaíonn uainn tacaíocht ónár gcomharsana agus ó na mórbhobail ina soláthrófar ár dtithe. Aithnímid na dúshláin a ghabhann le mórchláir thógála tithe. Ba mhaith linn obair i gcomhar le pobail chun sárú a dhéanamh ar aon dúshláin a thiocfaidh chun cinn ionas go n-éireoidh lenár bpróisis phleanála, deartha, tógála agus bhainistíochta, á chinntí go mbeidh na drochthionchair is lú is féidir ann sa ghearrthéarma agus nach mbeidh aon drochthionchair ann san fhadtéarma.

Bogadh níos faide ná ceanglais reachtúla



Cloíonn an Ghníomhaireacht leis na próisis chomhairliúcháin reachtúil uile atá leabaithe isteach sa chóras pleannála. Mar sin féin, tá rún daingean againn dul i mbun próisis chaidrimh a théann níos faide ná na ceanglais reachtúla atá orainn comhairliúchán a dhéanamh. Gabhann an Ghníomhaireacht caidreamh deonach comhréireach de láimh le páirtithe leasmhara ag céimeanna fóirsteanacha nuair a bhíonn plein straitéiseach nó tionscadal forbartha á ullmhú –ní bhíonn sé sin teoranta do cheanglais eigeantacha chomhairliúcháin.

Gníomhú de réir Phrionsabail na Gníomhaireachta



Tá freagracht ar an nGníomhaireacht pobail inbhuanaithe a chruthú, ar pobail iad ina dtacaítear le feabhas ar chálíocht na beatha, le cuimsíú sóisialta, le feabhas ar spásanna agus taitneamhachtaí poiblí, agus le comhtháthú leis an limistéar áitiúil. Ceann amháin de na príomhphrionsabail den straitéis maidir le caidreamh is ea a bheith cuimsitheach i ngach a ndéanaimid – ba mhaith leis an nGníomhaireacht dul i bhfeidhm ar dhéimeagrafach leathan agus cluinstín ó gach duine den phobal, beag beann ar inscne, ar stádas pósta, ar stádas teaghlaigh, ar aois, ar mhíchumas, ar ghnéaschlaonadh, ar chine, ar religiún, agus ar cé acu is den Lucht Siúil iad nó nach ea.

Aithníonn an Ghníomhaireacht a thábhachtaí atá comhairliúchán agus idirchaidreamh maidir le dul chun cinn a dhéanamh ar phleananna le haghaidh tithíocht a sholáthar agus pobail inbhuanaithe chuimsitheacha a chruthú. Is é an toradh a bheidh ar idirchaidreamh fiúntach a bheith againn le pobail agus le geallsealbhóirí ná go gcruthófar torthaí níos fearr agus tuiscint níos fearr i measc na bpáirtithe uile. Seoladh céimeanna dearfacha comhairliúcháin ar fud cuid mhór de na príomhthionscadail de chuid na Gníomhaireachta sa bhliain 2023, lenar áiríodh iad seo a leanas:

TRASRIAN NA GCRANN PIORRAÍ

ag an Mol Digeach

Seoladh próiseas comhairliúcháin tosaigh ar an bhfís agus na haidhmeanna don limistéar i mí Aibreán 2022. Ina dhiaidh sin, rinneadh cumarsáid leanúnach leis an bpobal agus le cónaitheoirí áitiúla de réir mar a forbraíodh an Máistirphlean. Cuireadh comhairliúcháin i gcríoch i rocht ceardlann agus cruinnithe, inar iarradh ranpháirtíocht ó na grúpaí/na heagraíochtaí leasmhara uile.

Cuireadh breis agus 100 ceann de chruinnithe agus de cheardlanna ar siúl le linn na tréimhse caidrimh, agus níos mó ná 120 duine i láthair i bpearsa. Rinne a lán daoine aonair agus grúpaí aonair aighneachtaí foirmiúla trí bhealaí eile cumarsáide freisin, agus smaointe agus moltaí éagsúla á soláthar acu don láithreán stairiúil seo. Foilsíodh tuarascáil iomlán ar an gcomhairliúchán i mí an Mhárta 2023.



Caidreamh
leis an bpobal agus
le Geallsealbhóirí



100+ Cruinniú



120+ Rannpháirtí i
gCruinnithe



230+
Geallsealbhóir



Cumhdach ar: Irish
Times/Extra.ie/The
Journal/Radio Nova/
98FM

Cumhdaíonn an próiseas caidrimh atá doiciméadaithe sa tuarascáil seo an tréimhse ó fhoilsíú an Dréacht-Mháistirphlean an 17 Deireadh Fómhair 2022 go mí Eanáir 2023.

Chuimsigh na gníomhaíochtaí comhairliúcháin sráith cruinnithe agus ceardlann a seoladh le linn na tréimhse sin, mar aon le cumarsáidí agus aighneachtaí a fuarthas trí an ríomhphost agus thar an teileafón.

Tá an tuarascáil seo ceaptha chun an Ghníomhaireacht agus an fhoireann deartha a chur ar an eolas faoin aiseolas tábhachtach a fuarthas le linn an phróisis caidrimh. Soláthraítear inti freisin taifead poiblí ar an bpróiseas caidrimh.

CEATHRÚ AN GHAINIMH

An Creat Spáis

I gcomhpáirt le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, sheol an Ghníomhaireacht na pleananna agus an comhairliúchán do Cheathrú an Ghainimh in Earrach na bliana 2023. Cuireadh túis leis an bpróiseas um chaidreamh le geallsealbhóirí trí fhógraíocht agus cur chun cinn láidir a dhéanamh sa limistéar áitiúil. Áiríodh leis sin suíomh Gréasáin iomlán a sheoladh don tionscadal agus bealaí cumarsáide a chur ar fáil do gach geallsealbhóir. Maidir leis an aiseolas a fuarthas trí ghníomhaíochtaí comhairliúcháin, lenar áiríodh cruinnithe poiblí, ceardlanna, agus bealaí cumarsáide faoi fhaireachán, tiomsaíodh é i dTuarascáil Comhairliúcháin, a bheidh mar chuid den Chreat Spáis atá le foilsíú sa bhliain 2024.

- 50+**
An lín ríomhphost a fuarthas
- 5,237+**
An lín cuairteanna ar an suíomh Gréasáin
- 15+**
An lín cruinnithe díreacha le geallsealbhóirí
- 6**
An lín seisiún i gclinici 'buail isteach'
- 150+**
An lín daoine a ndearnadh caidreamh leo i bpearsa




CEATHRÚ CHOLBAIRD

Ospidéal Naomh Seosamh

Ceathrú Cholbaird

An Tuarascáil maidir le Caidreamh leis an bPobal agus le Geallsealbhóiri An Máistirphlean d'Ospidéal Naomh Seosamh



“

Tá Ceathrú Cholbaird á dearadh d'fhonn ceathrú uirbeach inbhuanaithe agus bhisiúil nua a chruthú do Luimneach, áit a mbeidh dlúthchomharsanachtaí bríomhara ann agus a ndíreofar ar thithíocht inacmhainne a sholáthar i dtimpeallacht dhea-nasctha.

I mí na Samhna 2023, seoladh tréimhse comhairliúcháin phoiblí i gcomhthráth le foilsíú an Dréacht-Mháistirphlean. Roimh an seoladh poiblí, chuathas i mbun comhairliúchán fairsing leis na príomh-chomhpháirtithe, lenar áiríodh FSS, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, agus daoine eile. Foilseofar an tuarascáil Comhairliúcháin sa bhliain 2024 roimh fhoilsíú an Chreat Spáis deiridh.

Ceathrú Cholbaird: Ospidéal Naomh Seosamh
Luath-lómá Ríomhghinte Léiritheach



Tóchar na Coiribe
corribcauseway.ie
lomhá den láithreán ón aer

UISCEBHEALAÍ AN CHLOIGÍN GHOIRM



AGUS TÓCHAR NA COIRIBE



Ag breathnú ar aghaidh, seolfaidh an Ghníomhaireacht, i gcomhpháirt le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, 'Uiscebhealaí an Chloigín Ghoirm' sa bhliain 2024. Tionscadal nua cónaithe i gcroílár an Chloigín Ghoirm, Baile Átha Cliath 12, a bheidh ann, a mbeidh mar aidhm leis tithe sóisialta agus inacmhainne a bhfuil géarghá leo agus taitneamhachtaí pobail a sholáthar.

Iniarthar na hÉireann, seolfaidh an Ghníomhaireacht Tóchar na Coiribe i gcomhpháirt le Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Is é atá i gceist le tionscadal Thóchar na Coiribe pleannanna athbheochana a thabhairt ar aghaidh le haghaidh forbairt úsáide measctha a bheidh faoi stiúir ag tithíocht chónaithe agus a mbeidh mar aidhm léi an bonneagar gorm agus glas atá in aice láimhe a bhreisiú feadh chonair Abhainn na Gaillimhe.

Déanfar comhairliúchán iomlán agus caidreamh iomlán le geallsealbhóiri ar an dá thionscadal.




An tSraith 'Labhairt faoi Thalamh'

I gcomhar leis an nGníomhaireacht Tithíochta agus le hInstitiúid Geary um Beartas Poiblí sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, reáchtáil an Ghníomhaireacht um Fhorbairt Talún sraith de sheacht gcaint i dtús na bliana 2023 inar scrúdaíodh an dóigh a n-idirghabhann rialtais i dtíortha eile i dtailte Stáit agus margáí talún a bhainistiú chun a chinntiú go mbíonn soláthar leordhóthanach tithíochta inacmhainne ann. I measc topaicí eile, labhraíodh faoi cén fáth agus cén dóigh a n-idirghabhann rialtais i margáí talún, i gceannach bunachar talún, i gcáin luacha talún, i ngabháil luacha talún, i léasú talún poiblí, agus i griosú cuimsitheach.

Chomhroinn saineolaithe idirnáisiúnta a gcuid eispéireas le cleachtóirí Éireannacha, agus d'fhéach siad ar an dóigh a bhféadfaí a gcleachtas féin a chur i bhfeidhm in Éirinn. Ag gach imeacht, bhí deis ag cainteoir idirnáisiúnta cás-staidéar maidir le bainistíocht úsáide talún óna thír féin a chomhroinnt. Chualathas ó dhuine a oibríonn i réimse na tithíochta agus na bainistíocha úsáide talún in Éirinn ina dhiaidh sin.



THE LAND DEVELOPMENT AGENCY DAC



Freagracht Shóisialta Chorparáideach


An Lárchathair Thoir Thuaidh: Is é atá i gclár na Lárchathrach Thoir Thuaidh ná tionscnamh athbheochana sóisialta atá formhuinithe ag an Rialtas agus trína n-oibríonn pobail áitiúla, gnólachtaí agus gníomhaireachtaí reachtúla le chéile chun deiseanna a chruthú chun a thrú buan dearfach a bhaint amach sa limistéar.

Dearadh clár Mear-Mheantóireachta na Lárchathrach Thoir Thuaidh chun sraith gearrchruiinnithe ísealbhru aonuaire a sholáthar do dhaltaí ó shé scoil lárchathrach le raon gairmithe seanchleachta a thagann ó chúlraí, gairmeacha agus earnálacha tionsclaíochta éagsúla. Ceann amháin de na croíchuspóirí atá leis an gclár is ea seans a thabhairt do dhaltaí foghlaim faoi raon deiseanna gairme ar mhaith lena nardaídhamh meanna a leathnú agus a ardú araon agus cabhrú le daltaí lónraí gairmiúla a fhorbairt.

Ghlac fostaithe de chuid na Gníomhaireachta páirt sa chlár seo le linn na bliana 2023, agus iad ag tabhairt meantóireacht duine le duine do dhaltaí agus ag tacú lena bhforbairt gairme.

Reáchtáil an Ghníomhaireacht imeachtaí tráthriailta chun tacú le roinnt mhaith carthanas le linn na bliana 2023 freisin, lenar áiríodh LauraLynn, Cúnamh do Mhná, Cumann Ailse na hÉireann, agus Cumann Alzheimer na hÉireann.

Ag breathnú ar aghaidh, tá sé beartaithe ag an nGníomhaireacht deiseanna socrúcháin oibre a thairiscint do dhaltaí meánscoile, agus leanfaidh sí le tacáiocht a thabhairt do roinnt carthanas roghnaithe.



Téama 4 Bealaí a Aimsiú

Sprioc

Nuálaíocht a chothú agus inniúlacht a fheabhsú sa chóras tithíochta chun soláthar leanúnach forbartha inacmhainne, ísealcharbóin agus aeráid-díonaí a éascú atá deartha chun freastal ar riachtanais an phobail ar bhealach éifeachtúil inbhuanaithe.

Dul Chun Cinn

Rinne an Gníomhaireacht dul chun cinn ar fhurbairt na Straitéis Inbhuanaitheachta uaithi sa bhliain 2023, rud atá dírithe ar fhurbairt tithíochta ísealcharbóin agus forbairt pobail inbhuanaithe a chur chun cinn agus ar a chinntíú go n-ailíníonn gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta leis an reachtaíocht éabhlóideach aeráide agus inbhuanaitheachta ar leibhéal an Aontais Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta araon agus go gcomhlíonann siad an reachtaíocht sin. Is é atá sa mhéid seo a leanas ná forbreathnú ar an ngníomhaíocht a cuireadh i gCrích sa bhliain 2023.




Gníomhaíocht a Cuireadh i gCrích sa bhliain 2023:

Inbhuanaitheachta

Le linn na bliana 2023, lean an Gníomhaireacht leis an Innéacs Feidhmíochta Tí a úsáid chun a tionscadail forbartha a mheasúnú. Seoladh leagan 3.0 den Innéacs i mí Eanáir 2023, agus tá sé ailínithe go dlúth leis an Rialachán ón Aontas Eorpach maidir le Tacsanomaíocht, rud ar riachtanas straitéiseach tábhachtach don Gníomhaireacht é. Cláraíodh na tionscadail forbartha uile atá faoi stiúir ag an nGníomhaireacht leis an Innéacs, agus tá gach tionscadal ar an mbóthar ceart anois chun deimhniú a bhaint amach.

Tá Grúpa Oibre Inbhuanaitheachta i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht, agus é de dhualgas air a chinntíú go ndéantar inbhuanaitheachta chur san áireamh agus a chomhtháthú ar fud gach réimse feidhme, ar aon dul le hoibleagáidí reachtúla agus le huallmhianta straitéiseacha. Chomh maith leis sin, déanann an Grúpa faireachán agus tuairisciú ar an mbeartas agus an reachtaíocht éabhlóideach a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide agus le hinbhuanaitheachta agus ar an dóigh a dtéann na nithe sin i bhfeidhm ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta.


Sa bhliain 2023, leanadh ar aghaidh leis an obair chun Beartas agus Straitéis Forbartha Inbhuanaithe na Gníomhaireachta a fhurbairt. Tá siad sin á bhforbairt le hionchur ó Bhord agus Foireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta, agus táthar ag suíl leis go ndéanfar iad a thabhairt chun críche agus a fhoilsíú sa bhliain 2024. Meastar go leagfar amach sa Bheartas croíchuspóirí straitéiseacha ó thaobh na hinbhuanaitheachta de. Beidh na cuspóirí sin dírithe ar charbón corporaithe agus oibríochtúil a laghdú, ar mhaoirseacht uisce a chur chun cinn, ar úsáid inbhuanaithe talún agus soghluaiseacht inbhuanaithe a bharrfheabhsú, ar an mbithéagsúlacht agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a bhreisiú, ar chiorcláiocht a chur chun cinn, agus ar thacú le luach sóisialta a chruthú.




I dteannta an mhéid thus, tá an Gníomhaireacht i mbun raon tionscnamh difriúil atá deartha chun tacú le cuspóirí inbhuanaitheachta a bhaint amach, lena n-áirítear iad seo a leanas:

I gcompháirt le Construct Innovate agus le Cairn Homes, bhunaigh an Gníomhaireacht clár chun faireachán a dhéanamh ar chreatlach foirgnimh agus feidhmíocht córais árasáin na Gníomhaireachta i nDeilgne, Co. Chill Mhantáin, ar árasáin iad a ghnóthaigh an Gníomhaireacht faoin scéim 'Project Tosaigh'. Cuirfear an taighde i gcrích faoi Chlár Taighde HeatCheck ar mhaithe le heolas a chothú ar fud an tionscail agus ar mhaithe le cuspóirí straitéiseacha na Gníomhaireachta a chur ar aghaidh, lena n-áirítear carbón oibríochtúil a laghdú, maoirseacht uisce a fheabhsú, agus tacú le folláine tionóntaí. Suiteáladh braiteoirí sa cheathrú ráithe den bhliain 2023, agus tá faireachán le tosu sa chéad ráithe den bhliain 2024.

Áireofar iad seo a leanas leis na príomhréimsí a ndíreofar orthu ó thaobh na hInbhuanaitheachta de sa bhliain 2024:




Beartas agus Straitéis Forbartha Inbhuanaithe na Gníomhaireachta a chur ar bhonn foirmiúil agus a ghlacadh, rud lena mbunófar tosaíochtaí straitéiseacha na Gníomhaireachta sa réimse seo, lena sainaithneofar na gníomhartha is gá chun na cuspóirí sin a chomhlíonadh agus a leadbú ar fud na Gníomhaireachta, agus lena dtacófar leis an nGníomhaireacht eirí ina ceannaire margaidh maidir le pobail inacmhainne inbhuanaithe a fhobairt.



Treochláir um Gníomhú ar son na hAeráide a chur le chéile chun spriocanna laghdú carbón chorpraithe agus oibríochtúil a bhunú ar fud tithe ar cíos de réir costais agus tithe inacmhainne ar díol.



Forbairt a dhéanamh ar mhodheolaíocht um úsáid talún a mheasúnú le haghaidh láithreáin phíblíne na Gníomhaireachta, lena n-áireofar úsáidí atá ann cheana agus atá beartaithe agus saintréithe éiceolaíocha agus bithéagsúlachta, chun tacú le spriocanna a bhunú le haghaidh bithéagsúlacht bhreisithe ar leibhéal na punainne.



Straitéis ullmhachta don Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corporáideach a chur ar bhonn foirmiúil agus a chur chun feidhme don Gníomhaireacht, chun tacú leis an nGníomhaireacht tuairisc a thabhairt amach anseo ar na rioscaí sóisialta agus comhshaoil atá ann agus ar an dóigh a dtéann gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta i bhfeidhm ar dhaoine agus ar an gcomhshaol.



“...ar mhodheolaíocht um úsáid talún a mheasúnú le haghaidh láithreáin phíblíne na Gníomhaireachta, lena n-áireofar úsáidí atá ann cheana agus atá beartaithe agus saintréithe éiceolaíocha agus bithéagsúlachta, chun tacú le spriocanna a bhunú le haghaidh bithéagsúlacht bhreisithe ar leibhéal na punainne.



Téama 5

An Creat Eagraíochta a Neartú

Sprioc

Cumas, struchtúr agus méid eagraíochta na Gníomhaireachta a scálú chun a chinntiú go mbeidh sí breá-ábalta a sainordú iomlán a chomhlíonadh, agus í ag oibriú go freagrach agus ag freastal ar a geallsealbhóirí ar bhealach tréadhearcach éifeachtach.

Dul Chun Cinn

Tá an Gníomhaireacht tiomanta dá chinntiú go bhfuil creat fóntha bainistíochta riosca i bhfeidhm aici, agus bhí sé mar aidhm le gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu sa bhliain 2023 ancreat sin a athrú agus a bhreisiú chun a chinntiú go bhfuil cur chuige cuimsitheach i bhfeidhm le haghaidh sainaithint, measúnú, maolú agus faireachán a dhéanamh ar rioscaí.

Ina theannta sin, tá an Gníomhaireacht ag coinne leis go mbeidh leathnú incriminteach ann chun a chinntiú go mbeidh dóthain cumais agus acmhainní i bhfeidhm chun na cuspóirí straitéiseacha atá aici a bhainistiú agus a chomhlíonadh go héifeachtach. Dá réir sin, rinne sí bearta le linn na bliana 2023 chun cur chuige pleanálte a ghlaicadh i leith forbairt eagraíochta. Tá mionsonraí faoi na príomhgníomhaíochtaí leagtha amach thíos.



Gníomhaíocht a Cuireadh i gCrích sa bhliain 2023

Ár n Daoine agus Ár nEagraíochta

Tá an Gníomhaireacht tiomanta d'áit oibre atá dearfach agus cuimsitheach a sholáthar, áit a gcothaítear comhoibriú, nuálaíocht, agus díriú ar thorthaí.

Tháinig athrú suntasach ar an Gníomhaireacht sa bhliain 2023, ar lena linn a mhéadaigh an líon iomlán fostaithe atá aici faoi 60% go 112 dhuine san iomlán. Cé gur cuireadh leis na foirne uile, sannadh baill foirne go príomha do na feidhmeanna seo a leanas: Soláthar; Tógáil; Forbairt; Pleanáil Straitéiseach; agus Bainistíocht Sócmhainní. Leanadh le buón tallainne oilte éagsúla na Gníomhaireachta a neartú a bhuí leis na baill foirne nua sin.

Cuireadh pleananna daonchumhachta le chéile le linn na bliana chun a chinntiú go bhfuil acmhainní barrmhaith i bhfeidhm chun tacú le spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha na Gníomhaireachta a chomhlíonadh sa todhchaí.

Tá an Gníomhaireacht tiomanta d'fhorbairt ghairmiúil leantach na príomhshócmhainne atá againn – ár ndaoine – agus rinneamar bearta sa bhliain 2023 chun tacú le comhghleacaithe tabhairt faoi dheiseanna oiliúna agus forbartha, lenar áiríodh tríd an Scéim Tacaíochta Oideachais, agus trí sholáthar deiseanna oiliúna ag saineolaithe ábhair.

Ag breathnú ar aghaidh, leanfaidh an fhoireann Foghlama agus Forbartha le teacht ar bhealaí inar féidir an t-eispéireas foghlama is fearr is féidir a sholáthar trí mheascán d'oiliúint inmheánach agus d'oiliúint sheachtrach.

Éagsúlacht agus Cuimsiú

Tá an Gníomhaireacht tiomanta do chultúr oscailte dearfach a sholáthar dár bhfostaithe agus do gach duine a oibríonn inár n-eagraíochta.

Gníomhaíonn Dinit ag an Obair chun treoir a thabhairt dúinn maidir leis an dóigh a n-idirghníomhaímid le comhghleacaithe, le claint agus le gach geallsealbhóir. Tá beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm chun cultúr dearfach, measúil agus comhoibríoch a chothú laistigh den Gníomhaireacht, agus leabaíodh iad sin trí threoir leanúnach agus trí sheisiúin oiliúna idirghníomhaí fostaithe a sholáthar. Leanaimid le hobair i gcomhpháirt le grúpaí amhail an Tionscnamh Doirse Oscailte agus Fostóirí ar son an Athraithe, agus rachaimid sa tóir ar dheiseanna chun comhoibriú den sórt sin a bhereisiú agus a fhás le linn na bliana 2024.





Soláthair

Tá próisis agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht chun a chinntiú go gcomhlíontar rialacha soláthair phoiblí de bhun reachtaíocht, ciorcláin agus treoirlínte ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar an leibhéal náisiúnta.

Is í an fheidhm Soláthair laistigh den Gníomhaireacht a choimircíonn caiteachas agus a chinntíonn go gcomhlíontar na beartais agus na nósanna imeachta iomchuí.


Oibrímid i gcomhar lenár gcustaiméirí inmheánacha chun a chinntiú go bhfuil socruithe láidre solúbtha conraitheoirreachta i bhfeidhm, ar socruithe iad lena bhfreastalaítear ar a riachtanais agus, an tráth céanna, lena meaitseáiltear cumas agus inniúlacht na margáí lena dtéimid i dteagháil.



Le linn na bliana 2023, bhainistíomar breis agus €143m de chaiteachas laistigh den fheidhm Soláthair le níos mó ná 130 soláthróir.



Thugamar isteach samhail nua oibriúcháin lena gcumasaítear rochtain éasca ar sheirbhísí soláthair. Ar an tstí sin, cinntítear go mbíonn rochtain ag ár gcustaiméirí inmheánacha ar na daoine cearta san áit cheart agus ag an am ceart.



Thionscnaíomar próiseas Pleanála Ilbhliantúla Soláthair, áit a gcuirtear riachtanais phleanáilte le chéile i bplean leanúnach.



D'fhorbraíomar samhlacha comhlíontacha éifeachtúla conraitheoirreachta, ar samhlacha iad lena gcumasaítear rochtain níos éasca ar earraí agus ar sheirbhísí.

Rialachas agus Comhlíonadh

A bhui leis an ról uathúil atá ag an nGníomhaireacht sa chóras talún agus tithíochta, cuirtear ar a cumas tacú le teacht ar réitigh ar phríomhdhúshláin shistéamacha a bhaineann le tithíocht inacmhainne agus shóisialta a sholáthar. Tá rún daingean againn tacú leis an bpobal agus ár gcuid acmhainní a úsáid ar bhealach stuama, éifeachtach agus tréadhearcach ar mhaithe le tionchar buan dearfach a bhaint amach.

Oibríonn an Gníomhaireacht mar Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe atá faoi theorainn scaireanna, agus tá sí freagrach as na hoibleagáidí reachtúla uile atá leagtha amach san Acht fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún, 2021 (a síníodh ina dhlí an 21 lúil 2021). Tá an Gníomhaireacht faoi réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus an Chóid Caiteachais Phoiblí (dá gníomhaíochtaí neamhchráchtála).



“

TÁ AN GHNÍOMHAIREACHT
TIOMANTA DO CHULTÚR
RIALACHAIS CHORPARÁIDIGH
LÁDIR A CHOHTÚ...

Comhaontú Soláthair Feidhmíochta Rialachais agus
Comhaontú Formhaoirseachta



Is é an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a cheapann an Bord agus tá an Bord cuntasach don Aire. Bíonn rialachas na Gníomhaireachta faoi fhormhaoirseacht a Boird, a shocraíonn mórchuspóirí straitéisearcha na Gníomhaireachta, a sholáthraíonn ceannaireacht ar phríomhthosaíochtaí gnó agus a dhéanann formhaoirseacht ar fheidhmeanna na Gníomhaireachta.

An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú



Úsáideann an Gníomhaireacht an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) mar bhunsraith lena creat rialachais. Tá an Gníomhaireacht tiomanta do chultúr rialachais chorparáidigh ládir a chohtú agus dá gcuid beartas rialachais agus nósanna imeachta rialachais a athbhreithniú ar bhonn tráthrialta chun a chinntíú go n-oibríonn an Gníomhaireacht de réir ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh, go ngníomhaíonn sí go stuama, go heiticiúil agus go tréadhearcach agus go seolann sí a gníomhaíochtaí i gcomhréir lena freagrachtaí reachtúla.

Cód lompair agus Coinbhleacht Leasa



Ghlac an Gníomhaireacht nósanna imeachta an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an Achta um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001, ar bhonn riarracháin. De bhreis air sin, d'fhorbair an Gníomhaireacht Cód lompraíochta do bhaill foirne agus comhaltaí Boird na Gníomhaireachta. Faoin gCód, ní mór do chomhaltaí Boird na Gníomhaireachta a leasanna a chlárú trí dhearbhú bliantúil a chur isteach.

Sláinte agus Sábháilteacht



Tá rún daingean ag an nGníomhaireacht obair i gcomhréir leis na forálacha den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, de na Rialachán um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007 go 2021, de na Rialachán um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil), 2013 go 2021, agus le reachtaíocht ghaolmhar eile. Sa bhliain 2023, lean an Gníomhaireacht le forbairt a dhéanamh ar a beartais agus a nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta, le faireachán a dhéanamh ar shláinte agus sábháilteacht trí chigireachtaí/iniúchtaí a dhéanamh, agus le hoiliúint chuí sláinte agus sábháilteachta a chur ar bhaill foirne.

Saoráil Faisnéise agus Rochtaí ar Faisnéis maidir leis an gComhshaol



Is comhlacht poiblí chun críocha an Acharta um Shaoráil Faisnéise, 2014, í an Gníomhaireacht. De bhreis ar fhórálacha na reachtaíochta um shaoráil faisnéise, féadfar faisnéis maidir leis an gcomhshaol a iarraidh ón nGníomhaireacht de bhun na Rialachán um Rochtaí ar

Faisnéis maidir leis an gComhshaol, 2007-2018. Sa bhliain 2023, fuair an Gníomhaireacht 43 iarraidh saorála faisnéise. Díobh sin, géilleadh do thrí cinn, géilleadh go páirteach do 26 cinn, agus diúltáodh géilleadh do 14 cinn. Ní bhfuarthas aon iarrataí faoi na Rialachán um Rochtaí ar Faisnéis maidir leis an gComhshaol sa bhliain 2023.

Tá mionsonraí faoi ghníomhaiocht sa bhliain 2023 tugtha thíos. Is féidir iad a fháil ar shuíomh Gréasáin na Gníomhaireachta freisin.

Cumarsáid le Geallsealbhóiri

12

Cheist
Pharlaiminteacha

53

Cheist ón Oireachtas

3100

Ceist Ghinearálta

An Ghaeilge



Leagtar amach in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 na dualgais atá ar chomhlachtaí poiblí maidir le seirbhísí a sholáthar sa Ghaeilge agus maidir leis na cearta atá ag an bpobal chun leas a bhaint as na seirbhísí sin. Chun cloí leis na dualgais atá leagtha amach san Acht, chonraigh an Ghníomhaireacht aistritheoirí seachtracha chun a chinntiú go ndéantar aon doiciméadach iomchuí agus an fhaisnéis statach ar shuíomh Gréasán na Gníomhaireachta a aistriú agus a fhoilsiú ar bhealach tráthúil. Chomh maith leis sin, tháirg an Ghníomhaireacht a lógó, a stáiseanóireacht agus a sínithe ríomhphoist i bhformáid dhátheangach i nGaeilge agus i mBéarla agus cinntíonn sí go bhfoilsítear foileacháin iomchuí sa dá theanga.

An Dualgas um Chomhionannas agus Cearta an Duine



Féachann an Ghníomhaireacht leis an gcomhionannas a chur chun cinn, leis an idirdhealú a chosc, agus le cearta an duine atá ag a cuid fostaithe agus geallsealbhóiri agus ag gach duine a ndéanann a cuid beartas agus pleannanna difear dóibh a chosaint. Tá an Ghníomhaireacht tiomanta dá chinntiú go mbreithnítear an comhionannas agus cearta an duine inár ngnáthoibríochtaí laethúla. Tá an Ghníomhaireacht tiomanta dá creat rialachais a neartu chun comhlíonadh Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chinntiú.



Cosaint Sonraí agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí



Tá an Ghníomhaireacht tiomanta do chloí leis na hoibleagáidí atá uirthi faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Is rialaitheoir sonraí cláraithe faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí í an Ghníomhaireacht.

Rinne an Ghníomhaireacht sraith beartas agus nósanna imeachta a phorbairt agus a chur chun feidhme ar fud gach aonaid gnó chun tacú le comhlíonadh an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus leanann sí de na beartais agus na nósanna imeachta sin a athbhreithniú agus a oiriúnú de réir mar is gá. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar oibriú an chreata um Chomhlíonadh Cosanta Sonraí. Rinne Bord na Gníomhaireachta athbhreithniú ar na beartais agus na nósanna imeachta sin, agus cheadaigh sé iad i mí na Nollag 2023. Cuireadh iad i bhfeidhm do bhaill foirne na Gníomhaireachta ina dhiaidh sin.

I measc na bpriomh-mhíreanna eile atá i bhfeidhm tá ráitis phríobháideachta na heagraíochta (atá ar fáil ar www.lda.ie), ina dtugtar tuiscint d'úsáideoirí seirbhise ar conas a dhéanann an Ghníomhaireacht sonraí pearsanta a úsáid agus a chosaint. Tá fardal i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht ina mionsonraítear an tsaolré sonraí pearsanta (taifead próiseála).

Sa bhliain 2023, rinne an Ghníomhaireacht na nithe seo a leanas:



Comhaontuithe próiseála sonraí agus comhaontuithe rialaitheoirí compháirteacha a athbhreithniú agus a nuashonrú, de réir mar ba ghá.



Ceithre mheasúnú tionchair ar chosaint sonraí agus measúnú leasa dhilisteanáigh amháin a chur i gcrích.



Deich seisiún feasachta agus oiliúna a reáchtáil

Ár mBord

Amhail an 31 Nollaig 2023,
chuimsigh an Bord ar The Land
Development Agency DAC na
daoine seo a leanas:



Cormac O'Rourke
Cathaoirleach



John Coleman
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
agus Comhalta Boird



Geraldine Smith
Comhalta Boird



Ann Markey
Comhalta Boird



Michelle Norris
Comhalta Boird



Brian Keogh
Comhalta Boird



John O'Connor
Comhalta Boird



Seamus Neely
Comhalta Boird

Ráitis Airgeadais

An bhliain dar críoch an

31 Nollaig 2023



| | |
|---|------------|
| Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile | 80 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 81 |
| Ráiteas Rialachais | 91 |
| Ráiteas faoi Rialú Inmheánach | 101 |
| Ráiteas faoi Fhreagracht na Stiúrthóirí | 107 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 108 |
| Tuarascáil Iniúchóireachta Forvis Mazars | 110 |
| Ráitis Airgeadais | 113 |
| Ráiteas loncaim | 114 |
| Ráiteas faoi loncam Cuimsitheach | 115 |
| Ráiteas faoin Staid Airgeadais | 116 |
| Ráiteas faoi Athruithe i gCothromas | 117 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 118 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 119 |

THE LAND DEVELOPMENT AGENCY DAC
**Stiúrthóirí agus
Faisnéis Eile**

| | |
|--|--|
| Stiúrthóirí | Cormac O'Rourke John Coleman Michelle Norris (31 Nollaig 2023) Seamus Neely Brian Keogh John O'Connor Geraldine Smith Ann Markey |
| Oifig Chláraithe agus Seoladh Gnó | The Land Development Agency DAC An 4ú hUrlár de Theach Áth na Fuinseoige Sráid na Teamhrach Baile Átha Cliath 2 D02 VX67 |
| Rúnaí Cuideachta | Bradwell Limited 10 Ardán Phort an Iarla Baile Átha Cliath 2 D02 T380 |
| Uimhir Chuideachta | 710453 |
| Iniúchóirí | Forvis Mazars (Mazars roimhe sin) Cuntasóiri Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla Ionad Fhearchair Bloc 3 Bóthar Fhearchair Baile Átha Cliath 2 D02 A339 |
| | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1 D01 PF72 |
| Baincéirí | AIB 1-4 Sráid Bhagóid Íochtarach Baile Átha Cliath 2 D02 X342 |
| Súiomh Gréasáin | www.lda.ie |
| Ríomhphost | info@lda.ie |

Tuarascáil na Stiúrthóirí

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig
2023

Tíolacann Stiúrthóirí The Land Development Agency DAC (dá ngairtear anseo feasta "LDA", "an Gníomhaireacht um Fhorbairt Talún", "an Gníomhaireacht" nó "an Chuideachta") tuarascáil agus ráitis airgeadais iniúchta na Cuideachta do thréimhse airgeadais na bliana 2023, ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023 ("an tréimhse airgeadais", "an tréimhse" nó "an bhliain").

AN CHUIDEACHTA

Bunaíodh an Chuideachta de bhun an Achta fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún, 2021 ("an tAcht"). Corpraíodh an Chuideachta in Éirinn an 20 Nollaig 2021 agus thosaigh sí ag trádáil an 31 Márta 2022. Ba ar an dáta sin a d'éirigh an Chuideachta ina heintiteas oibriúcháin comharba don Gníomhaireacht um Fhorbairt Talún a bhí ann roimhe, arbh é an t-eintiteas earramhach a cruthaíodh de bhun an Ordaithe fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún (Bunú), 2018 (I.R. Uimh. 352 de 2018), arna leasú leis an Ordú fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún (Leasú), 2018 (I.R. Uimh. 603 de 2018), arna leasú, agus a discaioileadh an 31 Márta 2022. Aistríodh gach sócmhainn, dliteanas, ball foirne agus feidhm de chuid an eintitis réamhtheachtaigh chuig an gCuideachta de réir an Achta.

Sealbhaíonn an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta úinéireacht thairbhiúil deiridh na Cuideachta trí 924 mhiliún scair ainmniúil agus 1 mhiliún scair ainmniúil a bheith acu faoi seach.

PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Is é príomhghníomhaíocht na Cuideachta fáil agus forbairt talún agus tithíochta inacmhainne agus sóisialta a eáscú lena ligeann ar cíos nó lena cur ar aghaidh chuig úinéireacht phriobháideach. Soláthraíonn an Chuideachta seirbhísí pleána, deartha, tógála agus bainistíochta réadmhaoine i bPoblacht na hÉireann chun an cuspóir sin a bhaint amach.

Tá tithíocht á fáil agus á forbairt ag an gCuideachta faoi láthair, ar tithíocht í a ndéanfar tithíocht shóisialta nó inacmhainne di ar deireadh. Nuair a bheidh siad críochnaithe, díolfaidh an Chuideachta na haonaid shóisialta le húdarás áitiúla iomchuí lena soláthar ar aghaidh d'íarratasóirí ar thithíocht shóisialta.

Is é atá i dtithe inacmhainne ná aonaid inacmhainne ar díol nó aonaid ar cíos de réir costais. Le haonaid inacmhainne ar díol, déantar socrú do thithe inacmhainne a dhíol le hiarratasóirí incháilithe ar ioncam measartha. Oibríonn an Chuideachta i gcompháirt le húdarás áitiúla ar fud an stáit, a éascaíonn an próiseas sin agus a fhoinsíonn iarratasóirí incháilithe.

Is cineál nua cíosa fhadtéarmaigh inbhuanaithe tí i tithíocht ar cíos de réir costais, agus í diríthe ar theaghlaigh ar meánioncam ar mó a n-ioncam ná na teorainneacha tithíochta sóisialta. Faoin tsamhail um thithíocht ar cíos de réir costais, ní shocraítear na cíosanna a ghearrtar i leith tithe ach amháin chun an costas a bhaineann leis na tithe a mhaoiniú, a thógáil, a bhainistiú agus a chothabháil a chumhdach. Nuair a bheidh siad críochnaithe, coinneoidh an Chuideachta úinéireacht na n-aonad sin agus ligfidh sí iad ar cíos go díreach le hiarratasóirí incháilithe.

Cuireann an Chuideachta feidhmeanna poiblí i gcrí freisin, lena n-áirítear máistirphleananna a ullmhú agus talamh atá faoi úinéireacht phoiblí agus talamh eile a chruinníú le haghaidh dlúthfhorbairt chomhleanúnach, agus í ag tacú ar an tsúil sin le beartas Rialtais, lena n-áirítear an Creat Náisiúnta Pleanála.

Is ó scairchaipiteal iofcha na Cuideachta a chistítear feidhmeanna tráchtála, lena n-áirítear infheistíocht caipil a bhaineann le fáil talún agus le forbairt tithíochta. Is ar leithligh uaidh sin le deontais ón Oireachtas a chistítear na feidhmeanna poiblí, amhail an Tuarascáil ar Thailte Poiblí lomchuí a ullmhú.

ATHBHREITHNIÚ GNÓ

Leagtar amach i Ráiteas an Chathaoirligh agus an Phriomhoifigh Feidhmiúcháin sa Tuarascáil Bhliantúil forbairt agus feidhmíocht na Cuideachta le linn na bliana agus na heachtraí suntasacha a thit amach le linn na tréimhse sin. Tá tuilleadh faisnéise faoi straitéis, samhail ghnó agus oibriochtaí na Gníomhaireachta tugtha sa rannán 'Athbhreithniú Gnó' den Tuarascáil.

Shainaithin an Chuideachta na príomhrioscaí seo a leanas, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do ghnóthú a cuspóirí.

| Ainm an Riosca | Tuairisc ar an Riosca | Maolú ar an Riosca |
|---|---|---|
| An Fháil ar Chistiú, agus Foinse agus Struchtúr an Chistiúcháin | Na rioscaí a bhaineann leis an bhfáil ar chistiú do thionscadail ilbhliantúla, agus le foinse agus struchtúr an chistiúcháin sin, a theastaíonn chun plean gnó na Cuideachta a chomhlionadh. | Maoláinn an Chuideachta na rioscaí seo trí na nithe seo a leanas a dhéanamh: |
| An Soláthar Talún agus an Fháil ar Thalamh | Na héiginnteachtaí a bhaineann leis an bhfáil ar tháití (poiblí agus priobháideacha) atá oiriúnach dá gceannach ag an gCuideachta lena bhforbairt agus/nó leis an easpa soláthair ina leith sin. | 1. Cinntítear le próiseas láidre airgeadais, lena n-áirítear buiséadú, soláthar agus breithmeas ar infheistíocht, go gcuireann an Gníomhaireacht teorainn le gníomhaíochtaí soláthair titheachta (e.g., soláthar aonad ar Cíos de réir Costais) chun aillníú leis an gcistíú atá ar fáil; |
| Ceadanna Pleanála atá Inmharthana agus Tráthúil | Na rioscaí a eascaíonn as mainneachtaí na Gníomhaireacht ceadanna pleanála tráthúla a áirití, lena n-áirítear tionchair a bhaineann le hathbhreithnithe breithiúnacha ar dhearradh agus inmharthanach scéimeanna agus ar an bpíblíne forbartha. | 2. Caidreamh leantach leis an Roinn Titheachta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus le NewERA maidir leis an mbeartas um Thithíochta do Chách a chomhlionadh; |

THE LAND DEVELOPMENT AGENCY DAC

Tuarascáil na Stiúrthóirí

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

(ar leanúint)

| Ainm an Riosca | Tuairisc ar an Riosca | Maolú ar an Riosca |
|--|---|---|
| Soláthar Clár | <p>Na rioscaí a bhaineann le moilleanna nach bhuil aon tionchar ná smacht ag an gCuideachta orthu, lena n-áirítear spleáchais ar bhonneagar cumasúchán agus ar cheaduithe a fháil go tráthúil chun gur féidir le tionscadail dul ar aghaidh.</p> | <p>Maoláinn an Chuideachta na rioscaí seo trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:</p> <ol style="list-style-type: none"> Cuirtear próiseas fála agus forbartha talún chun feidhme, ar próiseas é atá ailínithe leis an dea-chleachtais bunaithe agus lena léiritear timpeallacht oibriúcháin uathúil na Cuideachta; Breithnítear gach láithreán, agus cuirtear é faoi réir measúnuithe tosaigh, dícheall cuí dílthíúil agus teicniúil agus athbhreithniú straitéiseach, ina soláthraitear mionanaílis ar an acmhainneacht atá ag gach tionscadal; Tacaítear le breisoideachas, oiliúint agus cóitseáil ar gach leibhéal ar fud na heagraíochta, lena n-áirítear ar leibhéal an Phriomhoifigh Feidhmiúchán agus na Foirne Bainistíochta Feidhmiúchán, mar shásra chun tacú le príomhthallann a fhorbairt agus a choinneáil go leanúna; Breithnítear gach tionscadal, agus cuirtear é faoi réir próiseas athbhreithnithe straitéisigh forbartha chun foinse na rioscaí agus na moilleanna seachtracha a d'fhéadfadh a bheith ann a shaináithint; agus Cuirtear dea-chleachtais bhainistíochta tionscadal i bhfeidhm chun geallsealbhóirí a bainistiú, chun formhaireacht a dhéanamh ar thionscadail, agus chun dúshláin a thuar agus a mhaolú. Tacaítear le breisoideachas, oiliúint agus cóitseáil ar gach leibhéal ar fud na heagraíochta, lena n-áirítear ar leibhéal an Phriomhoifigh Feidhmiúchán agus na Foirne Bainistíochta Feidhmiúchán, mar shásra chun tacú le príomhthallann a fhorbairt agus a choinneáil go leanúna; |
| An Beartas Tithíochta agus an Timpeallacht Rialála | <p>Na dúshláin atá ann spriocanna na Cuideachta a chomhlíonadh i ndáil le tithíocht ar cíos de réir costais, le tithíocht inacmhainne, leis an mbeartas lígin agus le bainistíocht sócmhainní agus, an tráth céanna:</p> <ul style="list-style-type: none"> Na rialachán maidir le tithíocht ar cíos de réir costais agus tithíocht inacmhainne ar díol a chomhlíonadh; Éiginnteachtaí costas foirgniochta a bainistiú; agus Buiséid, costais agus torthaí a réamhaisnéisiú go cruinn. | <p>Áirítear iad seo a leanas leis na gníomhartha maolaitheacha a dhéanann an Chuideachta:</p> <ol style="list-style-type: none"> Glactar páirt sa Scéim um Thionónacht Shlán ar Chíos Inacmhainne, a bhuil mar aidhm léi aghaidh a thabhairt ar dhúshláin inmharthanacha trí infheistíocht cothromais a sholáthar do thionscadail tithíocha ar cíos de réir costais; Cuirtear struchtúr agus próisis éifeachtúla i bhfeidhm laistigh den Chuideachta chun éifeachtúlachtaí costais a bhaint amach agus chun tacú le tionscadail inmharthana tithíocha ar cíos de réir costais; agus Leantar le faisnéis, léargas, agus ceachtanna a fhoghlaímítear a chur in iúl do gheallsealbhóirí rialtais maidir leis na rialachán um thithíocht ar cíos de réir costais, ar mhaithle le hioslaghdú a dhéanamh ar na bacainn a d'fhéadfadh a bheith ann ar rochtain ar scéimeanna forbartha. |
| An Phunann Aonad ar Cíos de réir Costais | <p>Na dúshláin a bhaineann le réadmhaoine ar cíos a thabhairt chuig an margadh ar scála móir, le comhlíonadh dlíthe agus rialachán a chinntí, agus le tithe ardchaighdeáin a bainistítear go gairmiúil a sholáthar do thionóntaí.</p> | <p>Féachann an Chuideachta ar thionóntaí mar phríomh-gheallsealbhóirí, agus úsáideann sí raoi beart chun cabhrú le maolú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le réadmhaoine a ligean ar cíos le tionóntaí:</p> <ol style="list-style-type: none"> Aistriú Tosaigh ón bhForbóir - sula n-aistritear chuig an gCuideachta i, cuirtear gach forbairt faoi réir miomphróiseas aistríte um dhícheall cuí teicniúil agus aimsíu fabhtanna chun a chinntí go bhuil sí comhlíontach agus réidh le tionóntaí; Roghnú Tionóntaí - úsáidtear próiseas iarratais ar thithíocht ar cíos de réir costais atá éifeachtúil agus comhlíontach ó thaobh rialála de chun iarrthóirí a bhféindearbhaíonn go bhuil siad incháilíthe roghnú go randamach trí chranncur le haghaidh mionseiceáil incháilitheachta; Measúnú ar Thionóntaí lonchasacha - déanann gairmithe ceadúnaithe maoine de chuid an Rialála Seirbhísí Maoine measúnú ar thionóntaí ionchasacha faoi na critéir incháilitheachta atá leagtha amach san Acht um Thithíocht Inacmhainne, 2021, agus i gcomhréir leis an treoir ón mBord um Thionónachtai Cónaithe; Ligean ar Cíos - bainistíonn Bainisteoírí seachtracha ceadúnaithe Réadmhaoine an próiseas um ligean ar cíos, áit a dtugtar léasanna do thionóntaí, a gcláraithear leis an mBord um Thionónachtai Cónaithe iad, a dtugtar eochracha dóibh, etc., agus a ndéanann siad conradh bainistíocha tionóntacha sooil; Bainistíocht Tionóntacha agus Réadmhaoine - bainistíonn Bainisteoírí ceadúnaithe Réadmhaoine tionóntaí agus na réadmhaoine le linn thréimhse feidhme na léasanna. Áirítear leis sin sceidil chothabhála coiscíthí agus frithghníomhái réadmhaoine a phleanáil chun dea-bhail a choinneáil ar an gcóiriocht; Athligeán ar Cíos - nuair is infheidhme, ciintítear le próiseas éifeachtúil um athligeán ar cíos go n-íoslaghdaitear an lón réadmhaoine folmha agus costais chothabhála; agus Faireachán agus Tuairisciú - tugann Bainisteoírí Réadmhaoine tuairisc don Chuideachta ar raoi méadraíochta feidhmiúchta, lena n-áirítear tuairisci ioncaim agus caiteachais, cíos, agus réiteach éarlaísi. |

THE LAND DEVELOPMENT AGENCY DAC

Tuarascáil na Stiúrthóirí

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

(ar leanúint)

| Ainm an Riosca | Tuairisc ar an Riosca | Maolú ar an Riosca |
|--|--|---|
| Caidreamh agus Comhoibriú le Geallsealbhóirí | <p>Na rioscaí a eascráonn as spleáchás móir a bheith ann ar thacaiocht ó roinnt geallsealbhóirí seachtracha, lena n-áirítear eintítis rialtais, forbróiri, conraitheoirí, soláthróiri, pobail, etc., chun sainordú, tosaiochtaí straitéiseacha agus tionscadail na Cuideachta a chur i gcrích.</p> | <p>Aithnionn an Chuideachta a thábhactaí atá caidreamh éifeachtach, comhoibriú éifeachtach agus, nuair is cuí, formhaireacht éifeachtach maidir le maolú a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann le geallsealbhóirí.</p> <p>Eintítis Rialtais</p> <ol style="list-style-type: none"> Leis an gcur chuige a ghlacann an Chuideachta i leith caidreamh le geallsealbhóirí, baintear an chothromáocht is gó amach idir an sainordú atá aici (mar atá leagtha amach san Acht fán Gníomhaireacht um Fhorbairt Talún, 2021) a chur i gcrích, freastal ar na hionchsí a dhéanamh mar eintítiseas tráchtala státtaraithe, agus na hoibleagáidí atá uirthi mar chuideachta gníomhaíochta ainmnithe a chomhlionadh; Déanann an Chuideachta caidreamh tráthrialta réamhgníomhach le priomhchinnteoirí laistigh den rialtas láir, laistigh den rialtas áitiúil, agus laistigh de gníomhaireachtai stáit (e.g., an Gníomhaireacht Tithíochta); agus Trí chineálacha núiosacha cur chuige a fhorbairt, a tháistíl agus a chomhroinnt, cothaíonn an Chuideachta caidrimh éifeachtacha a rannchuidíonn le tithíochta a sholáthar. <p>Pobail agus Daoine den Phobal</p> <p>Aithnionn an Chuideachta gur gá luathchaidreamh a dhéanamh leis an bpobal áitiúil chun tacú le pobail bhsíúla a chruthú agus chun tionchar sóisialta dearfach leanúnach a bhaint amach óna cuid gníomhaíochtaí. Chomh maith leis sin, feidhmíonn sí beartas maidir le caidreamh le geallsealbhóirí agus nósannaimeachta goaolmhara chun a chinniú go gcomhoibríonn an Chuideachta a bhealach ardchaighdeáin comhsheasmhach le pobail agus le grúpaí eile. Cuimsíonn an beartas sin gníomhaíochtaí cosúil leo seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> Próisis chomhairliúcháin ar líne; Straitéisí teagmhála lena mbaintear leas as bealaí éagsúla cumarsáide, e.g., suíomh Gréasáin, teileafón, ionad fhisiciúla áitiúla 'buail isteach', cláir fógraí, agus bealaí eile; Luathchaidreamh réamhphleanála agus réamhdheartha; agus Caidreamh le grúpaí pobail áitiúil. <p>Díoltóirí Talún agus Réadmhaoine</p> <ol style="list-style-type: none"> Trí raon cineálacha cur chuige a ghlacadh, coinníonn an Chuideachta píblíne deiseanna ar bun chun cineálacha difríúla díoltóirí a fhostú, lena n-áirítear iad seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> Úinéirí tailte Stáit; Úinéirí talún priobháidi (idir thalamh a bhuil cead pleána aige agus thalamh nach bhuil cead pleána aige); agus Úinéirí forbairt atá críochnaithe/atá á dtogáil. Leis an Tuarascáil ar Thailte Poiblí lomchuí ón gCuideachta, soláthraítear próiseas straitéiseach leanúnach chun sainiúthint agus measúnú a dhéanamh ar thailte tearcúsáidte atá faoi úinéireacht an Stáit lena bhféadfaí tacú le píblíne tailte feideartha a thógáil le haghaidh tithíochta inacmhainne a sholáthar; Trí chaidreamh freagrach margaidh ó ghairmithe seanchleachta infheistíochta, rannchuidítear leis an gclú atá ar an gCuideachta mar ranpháirtí tábhactach sa mhargadh, agus cabhraítear le hinfeistíochtaí luach ar airgead a baint amach; agus Le próisis láidre fála agus forbartha talún, lena n-áirítear athbhreithnithe straitéiseacha forbartha agus dícheall cuí, rannchuidítear le maolú a dhéanamh ar rioscaí fála. |

| Ainm an Riosca | Tuairisc ar an Riosca | Maolú ar an Riosca | Ainm an Riosca | Tuairisc ar an Riosca | Maolú ar an Riosca | |
|--|--|---|----------------------------|---|---|---|
| Caidreamh agus Comhoibriú le Geallsealbhóiri (ar leanúint) | | <p>Forbróiri, Conraitheoirí agus Príomhsholáthróiri</p> <ol style="list-style-type: none"> I gcás forbróiri, conraitheoirí agus príomhsholáthróiri, tá creatáil láidre i bhfeidhm ag an gCuideachta ó thaobh soláthair, bainistiocht conarthai, bainistiocht tionscadal, formhaoirseachta agus cuntasachta de chun a chintiú go leagtar diriú ar fheidhmíocht, ar chomhlíonadh, ar chálíocht, agus ar thithiocht a sholáthar de réir an bhuséid agus an sceidil; Déantar faireachán agus formhaoirseachta leanúnach ar fhobróiri gníomhacha in aghaidh speictream leathan méadraíochta; agus Tugann forbróiri, conraitheoirí agus príomhsholáthróiri dearbhú gach bliain ar a laghad ar a leordhóthana atá bainistiocht riosca, rialuithe inmheána, cobhsaocht airgeadais, athléimneacht oibriochtúil, agus nithe eile. | Sláinte agus Sábháilteacht | An riosca go ndéanfaí diobháil thromchúiseach d'hostaithe, do dhaoine den phobal, do chonraitheoirí nó do dhaoine eile de sheasca gníomhaiochtaí soláthair titheachta a sheoladh thar ceann na Cuideachta. | Oibrionn an Chuideachta i ndlúthchomhar le baill foirne agus le Conraitheoirí chun maolú a dhéanamh ar na rioscail sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le tithe a thógáil agus a sholáthar, lena n-áirítear trí na nithe seo a leanas a dhéanamh: | <ol style="list-style-type: none"> Cothaitear cultúr atá dírithe ar Shláinte agus Sábháilteacht idir Conraitheoirí agus an Ghniomhaireacht, lena n-áirítear feabhsú leanúnach; Déanann an Chuideachta Maoirseoir Tionscadail don Phróiseas Deartha agus Maoirseoir Tionscadail do Chéim na Tógála a cheapadh i scribhinn, agus admháil scriofa á fáil go nglacann siad leis na ceapachán. Ní mór don Chuideachta a bheith réasúnta déimhín de go bhfuil na daoine sin a cheaptar inniúil sna dualgas a chur i gcrích faoi a rialachán agus gur leor an oiliúint atá faigthe acu agus an t-eolas, an taithí agus na hacomhainní atá acu chun an obair a dhéanamh; Déanann an Chuideachta cóip den réamhphlean sláinte agus sábháilteachta, arna ullmhú ag an Maoirseoir Tionscadail don Phróiseas Deartha, a sholáthar do na daoine uile atá á mbreithniú don ról mar Maoirseoir Tionscadail do Chéim na Tógála, ní atá ag cur isteach ar an ról sin, nó déanann sí scórú chun an chóip sin a sholáthar dóibh. Déanann an Maoirseoir Tionscadail do Chéim na Tógála tuilleadh forbartha ar an bPlean Sábháilteachta agus Sláinte, arb é an príomhdoiciméad le haghaidh sláinte agus sábháilteachta a bhainistiú ar an láithreán e; Leagann an Maoirseoir Tionscadail don Phróiseas Deartha an Comhad Sábháilteachta faoi bháradh an chliaint a luaithe a bhíonn an obair críochnaithe. Ina dhiaidh sin, ní mór don chliaint an Comhad Sábháilteachta a choiméad agus a choinneáil ar fáil don déanmas críochnaithe, ar mhaithle le sábháilteachta an úsáideora deiridh agus ar mhaithle le haon chothabháil ní atchóiriú amach anseo a dhéanamh go sábháilteachta ar an déanmas; Tá cleachtais Sláinte agus Sábháilteachta i gcomhréir leis na forálacha den Acht um Shábháilteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, de na Rialacháin um Shábháilteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007 go 2021, de na Rialacháin um Shábháilteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil), 2013 go 2021, agus le reachtaócht ghaolmar eile. Tá córais chuimsitheacha Sláinte agus Sábháilteachta i bhfeidhm, lena n-áirítear measúnuithe riosca, faireachán, círeachtaí, agus córais shábháilte oibre agus oiliúna, ach gan a bheith teoranta dóibh; Déantar formhaoirseachta agus faireachán ar chleachtais Sláinte agus Sábháilteachta Conraitheoirí trí chigireachtaí/iniúchtaí a dhéanamh, agus cuirtear oiliúint chuí sláinte agus sábháilteachta ar bhailí foirne; Tá próisis iniúchóireachta inmheánaí agus seachtraí agus próisis dearbhaithé inmheánaigh agus sheachtraigh i bhfeidhm; agus Tá próisis agus nósanna imeachta freagartha i bhfeidhm le haghaidh teagmhais chriticíula a bhainistiú. |
| Branda agus Dé-Shainordú na Gníomhaireachta | Bíonn dúshláin le sárú ag an gCuideachta a bhaineann leis an dé-shainordú atá aige mar thógáil tithe agus mar sholáthair Titheachta ar Cíos de réir Costais a bhainistiú agus í ag déanamh caidreamh le dioltóiri, le polaiteoíri agus le hionadaithe poiblí eile. | Áirítear iad seo a leanas leis na gníomhartha a dhéanann an Chuideachta chun tacú leis an riosca seo a bhainistiú: | Cúrsaí Comhshaoil | Na rioscái don chomhshaoil agus do dhaoine den phobal a easraíonn as gníomhaiochtaí soláthair tithe na Gníomhaireachta agus as gníomhaiochtaí soláthair tithe de chuid Conraitheoirí agus as neamhchomhlíonadh na reachtaiochta comhshaoil. | Áirítear iad seo a leanas leis na gníomhartha maolaitheacha a dhéanann an Chuideachta: | |
| | | | | | <ol style="list-style-type: none"> Ceanglaítear ar chonraitheoirí plean bainistiochta comhshaoil a sholáthar agus a chur chun feidme, lena n-áirítear bainistiocht dramháiola. Déantar faireachán ar an bplean sin chun comhlíonadh a mheas, agus oriúnaítear an plean de réir mar is gó; Ceanglaítear ar chonraitheoirí faireachán a dhéanamh ar chur chun feidme rialuithe comhshaoil agus ar chomhlíonadh ar bhonn leanúnach; agus Tá próisis agus nósanna imeachta freagartha i bhfeidhm le haghaidh teagmhais chomhshaoil a bhainistiú. | |

THE LAND DEVELOPMENT AGENCY DAC

Tuarascáil na Stiúrthóirí

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

(ar leanúint)

THE LAND DEVELOPMENT AGENCY DAC

Tuarascáil na Stiúrthóirí

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

(ar leanúint)

| Ainm an Riosca | Tuairisc ar an Riosca | Maolú ar an Riosca | |
|--|---|---|--|
| Daoine agus Tallann | An riosca nach n-éireodh leis an gCuideachta an t-eolas, na scileanna, na hinniúlachtai agus an saineolas is gá a mhealladh, a earcú, a fhorbairt agus a choinneáil chun tosaiochtai agus cuspóiri phlean gnó na Cuideachta a chomhlionadh agus chun tacú le pleanaíl chomharbais. | Cuireann an Chuideachta raon gníomhaiochtaí éagsúla i gcrích chun an riosca seo a bhainistiú, lena n-áirítear iad seo a leanas: | <ol style="list-style-type: none"> 1. Cuirtear luachanna Cuideachta i bhfeidhm lena mbrúitear rannpháirtíocht foirne chun cinn agus lena dtacaitear leis an sainordú atá aige, ar luachanna iad a gcloíonn baill foirne go gníomhach leo; 2. Tá pleán ilbhliantúil fórsa saothair i bhfeidhm don Chuideachta, rud ina bhfuil riachtanais shainaitheanta acmhainní; 3. Mar chuid de phleanáil leanúnach fórsa saothair, bíonn baill den Fhoireann Bhainistiochta Feidhmiúcháin, lena n-áirítear an Príomhfigeach Feidhmiúcháin, ag sainiathint príomhbaill fórsa shinsearacha chun comharba/duine ionaid a fhorbairt chun coinnéil eolais agus leanúnachas gnó a chinntiú; 4. Tá straitéis earcaiochta i bhfeidhm lena n-úsáidtear raon leathan uirlisi agus bealaí, lena n-áirítear saineacaitheoirí, comhlactaí gairmiúla iomchuí agus institiúidi triú leibhéal a fhostu; 5. Déantar tuarastail agus sochair a thagarmharcáil go tréimhsíúil chun a chinntiú go mbíonn siad ailiúithe leis an margadh; 6. Tacaítear le breisoideachas, oiliúint agus cónitseáil ar gach leibhéal ar fud na heagraiochta, lena n-áirítear ar leibhéal an Phríomhfigeach Feidhmiúcháin agus na Foirne Bainistiochta Feidhmiúcháin, mar shásra chun tacú le príomhthallann a fhorbairt agus a choinneáil go leanúnach; 7. Tacaítear le breisoideachas agus oiliúint mar shásra forbartha agus coinneála; 8. Tá timpeallacht chomhsheasmhach i bhfeidhm san áit oibre, ar timpeallacht i áta bunaithe ar bheartais chomhaontaithe, ar nósanna imeachta comhaontaithe, agus ar chinedála comhaontaithe cur chuige; agus 9. Tá struchtúr soiléir eagraiochtúil agus freagrachtaí soiléire eagraiochtúla i bhfeidhm lena dtacaitear le cumhachtú agus le cinnseoireacht. |
| An tAthrú Aeráide agus Inbhuanaitheacht | Na dúshláin a chruaítear do shamhail ghnó na Cuideachta mar thoradh ar na Spriocanna maidir leis an Athrú Aeráide agus maidir le hlinbhuanaitheacht do na blianta 2030 agus 2050, mar thoradh ar thimpeallacht mhearrathraitheach rialála, lena n-áirítear oibleagáidí faoī Treoir maidir le Tuairiscí Inbhuanaitheachta Corporáideach, agus mar thoradh ar thosca ábharthachta dúbailte. | Áirítear iad seo a leanas leis na gníomhartha maolaitheacha a dhéanann an Chuideachta: | <ol style="list-style-type: none"> 1. Déantar faireachán ar an timpeallacht rialála agus reachtach, agus déantar measúnuithe tionchair; 2. Oiriúnaítear próisis athbhreithnithe straitéisigh forbartha chun iad a ailiú le hoibleagáidí i leith an athraite aeráide agus na hlinbhuanaitheachta agus le hoibleagáidí eile tuairiscithe; agus 3. Bailitear tacair sonraí agus fainseáil faoi na tionchair a bhíonn ag an gCuideachta ar an gcomhshaoil, ar gheall sealbhóirí, ar an tsocháil/freagracht shóisialta, agus ar rialachas. |
| Ceangaltais Airgeadais agus Bhuiséadachá | <p>Na héiginneachtaí a bhaineann lena inmharthana a bhíonn infheistiochtaí airgeadais láithreacha agus gealdaí ilbhliantúla ar fiú na milliún euro iad, lena n-áirítear i ndáil leis na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> Buiséid agus sólothairtí forbartha, brúnna boilscitheacha, cruinneas réamhainnésithe, ionracas fainseáise agus ionracas toimhdí bunúsacha, élímh chostaí, agus neamhchosaintí airgeadais agus buiséadachá i gcoitinne de dheasca eachtráí nach rabhthas ag coinne leo ar láithréadín/ forbairti/tionscadail; agus Ní eile a chruaíonn neamhchosaintí airgeadais nach mór a chua san direamh is ea an tréimhse cobhsúcháin a bhaineann le titheachtaí ar cíos de réir costais (agus gníomhaiochtaí gaolmhara) sula dtosaítear ar ioncam a ghiniúint ó thionontacht. | Áirítear iad seo a leanas leis an gcur chuige a ghlacann an Chuideachta i leith na rioscaí seo a mhaolú: | <ol style="list-style-type: none"> 1. Breithnítear gach tionscadal, agus cuirtear é faoi réir measúnuithe tosaigh, dícheall cúi airgeadais agus infheistiochta agus athbhreithniú straitéisearch, ina soláthraítear mionanáilis ar an acmhainneacht atá ag gach tionscadal; 2. Déantar mion-athbhreithniú dian ar thionscadail fhéideartha, lena n-áirítear grinnscrúdú agus formhaoisearch ón bhFoireann Bhainistiochta Feidhmiúcháin, ón mBord agus ó fhochoistí; 3. Déantar costais a athbhreithniú agus a thagarmharcáil ar bhonn leanúnach, rud a choinnionn cruinneas samhla ar bun, lena n-áirítear cásanna titheachta ar cíos de réir costais; agus 4. Déanann feidhm inmhéanach bainistiochta costas na Cuideachta athbhreithniú ar an obair a dhéantar chun críocha rialaithe cállochta, agus cinníonn sí go gcuirtear samhlacha caighdeánacha costas na Cuideachta i bhfeidhm. |

| Ainm an Riosca | Tuairisc ar an Riosca | Maolú ar an Riosca | |
|--|---|---|--|
| Beartais na Cuideachta agus Dlíthe agus Rialachán a Chomhlionadh | Rioscaí a bhaineann leis an mainneachtaí beartais, nósanna imeachta agus oibleagáidí dlíthiúla, rialála agus rialachais na Cuideachta a chomhlionadh. | Iomas nach dtiocfaidh aon rioscaí comhlionta chun cinn, chuir an Chuideachta na bearta maolaithe seo a leanas chun feidhme: | <ol style="list-style-type: none"> 1. Sainaithníodh oibleagáidí comhlionta, cuireadh in iúl laistigh den Chuideachta iad, agus sannadh freagrachtaí ina leith; 2. Cuireadh samhail na dTrí Bheart Cosanta chun feidhme, agus bunaíodh príomhfeidhmeanna comhlionta, agus iad ar an dara beart cosanta (dearbú neamhspleách); 3. Tá feidhm Iniuchoireachta Inmheánaí i bhfeidhm, agus í ar an tríú beart cosanta (dearbú neamhspleách); 4. Tá creat rialachais a chuimsíonn oibleagáidí, beartais straitéisearch agus oibríochtúla agus nósanna imeachta i bhfeidhm, agus tacáinn oiliúint fóirne leis; 5. Bunaíodh grúpaí oibre trasfheidhme chun gníomhaiochtaí comhlionta agus pleananna oibre a chomhordú; agus 6. Déanann an lucht bainistiochta, an feidhm Iniuchoireachta Inmheánaí, an Bord, agus fochoisti rialú agus formhaoisearch ar thionscnáimh comhlionta. |
| Cibearshlándáil agus Slándáil Faisnéise | Na rioscaí go bhféadfaidh cibirionsathe difear a dhéanamh don chumas atá ag an gCuideachta sócmhainní faisnéise a oibriú agus a chosaint de dheasca rochtain neamhúdaraithe ar shócmhainní sonrai, neamhchosaint ar chalaois airgeadais, ionsaithe bogearraí éirice agus/nó gadaiocht sonrai. | Ghlac an Chuideachta raon beart chun an riosca cibearshlándála a mhaolú: | <ol style="list-style-type: none"> 1. Déantar faireachán agus tuairisciú leanúnach ar chórais agus lónraí TF; 2. Conraítear sainsoláthraithe seirbhís TF, ar aon dul leis an dea-chleachtas; 3. Úsáidtear uirlisi agus bearta slándála bonneagair agus córas; 4. Soláthraítear oiliúint fóirne agus cothaítear feasacht fóirne, bunaithe ar shraith beartas láidir slándála; 5. Déantar measúnuithe tráthrialta ar an riosca cibearshlándála agus slándála faisnéise chun a dheimhniú go bhfuil inniúlachtai slándála agus an seasamh slándála ag teacht leis an bhfond riosca; agus 6. Seoltar clár um pleanáil freagartha agus um measúnuithe ullmhachta do theagmhais chibearshlándála agus slándála faisnéise. |

STIÚRTHÓIRÍ

Tá ainm na ndaoine a bhí ina Stiúrthóirí tráth ar bith le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2023 leagtha amach thíos:

| Stiúrthóir | An Dáta a Ceapadh an Stiúrthóir | An Dáta a D'éirigh an Comhalta as/a Chuaign Téarma an Stiúrthóra in Éag |
|---|---------------------------------|---|
| Cormac O'Rourke (Cathaoirleach) | 20 Nollaig 2021 | |
| Ann Markey | 23 Samhain 2022 | |
| Brian Keogh | 23 Samhain 2022 | |
| Geraldine Smith | 23 Samhain 2022 | |
| John Coleman (Príomhoifigeach Feidhmiúchán) | 20 Nollaig 2021 | |
| John O'Connor | 23 Samhain 2022 | |
| Michael Stone | 20 Nollaig 2021 | 24 Eanáir 2023 |
| Michelle Norris | 20 Nollaig 2021 | 31 Nollaig 2023 |
| Seamus Neely | 23 Samhain 2022 | |

NA STIÚRTHÓIRÍ AGUS AN RÚNAÍ AGUS A LEASANNA

Ní raibh aon leas tairbhiúil ag na Stiúrthóirí ná ag an Rúnaí sa Chuideachta le linn na tréimhse airgeadais ná ag deireadh na bliana. Tá scairchaipiteal eisithe na Cuideachta faoi úinéireacht iomlán ag an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

TAIFID LEORDHÓTHANACHA CHUNTASAÍOCHTA

Cinntíonn na Stiúrthóirí go gcomhlíonnann an Chuideachta na hoibleagáidí atá uirthi i ndáil leis na taifid chuntasaíochta a cheanglaítear faoi ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, a choimeád, trí úsáid a bhaint as pearsanra cálithe cuntasáochta agus as córais chuí agus nósanna imeachta cuí, mar atá leagtha amach sa Ráiteas faoi Rialú Inmheánach ar leathanach 103. Coimeádtar na taifid chuntasaíochta ag oifig

chláraithe na Cuideachta ar an 4ú hUrlár de Theach Áth na Fuinseoge, Sráid na Teamhrach, D02 VX67.

TORTHAÍ AGUS DÍBHINNÍ

Tá na torthaí don tréimhse agus staid airgeadais na Cuideachta leagtha amach sa Ráiteas loncaim agus sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais ar leathanaigh 116 agus 118 faoi seach.

Níor íoc an Chuideachta aon díbhinní lena scairshealbhóirí le linn na tréimhse agus níl sé beartaithe aici aon díbhinní a íoc don tréimhse reatha.

SCAIRCHAIPITEAL

Tá mionsonraí faoi scairchaipiteal na Cuideachta leagtha amach i Nótá 20 de na Ráitis Airgeadais. Eisíodh 825 milliún scair le linn na tréimhse.

Bhunaigh an Chuideachta dhá fhochuideachta le linn na bliana, ach ní dhearna ceachtar dióibh aon ghníomhaíocht trádála le linn na tréimhse.

(ar leanúint)

EACHTRAÍ Ó DHEIREADH NA TRÉIMHSE

An 6 Márta 2024, achartaodh leasuithe reachtacha lenar gealladh €1.25 milliún eile i gcothromas don Ghníomhaireacht, mar atá leagtha amach i Nótá 2 faoin gceannsteideal 'Gnóthas Leantach'.

An 25 Aibreán 2024, cheadaigh na Stiúrthóirí leithroinnt agus eisiúint scaireanna de 325 mhilliún gnáthscair sa Chuideachta. Ar phraghas suibscríbhinn €1 in aghaidh na scaire, is é €325 mhilliún an praghas comhionmlán suibscríbhinn atá i gceist. Ní bhfuair an Chuideachta aon fháltas ón eisiúint scaireanna sin go fóill.

An 25 Aibreán 2024, cheadaigh na Stiúrthóirí an t-iarratas ar Scéim Infheistíochta um Thionónacht Shláin ar Chios Inacmhainne trí Chomhaontú um Rannpháirtíocht Cothromais. Rinneadh an conradh, agus fuarthas cistíu €60 milliún ón nGníomhaireacht Tithíochta i mí na Bealtaine 2024.

FORBAIRTÍ AMACH ANSEO

Tá Clár buiséadaithe Infheistíochta Caipitil €598 milliún ag an gCuideachta don bhliain 2024. Áirítear leis an Infheistíochta Caipitil atá Beartaithe don bhliain 2024 €298 milliún i ndáil leis an tionscnamh 'Project Tosaigh' agus €300 milliún i ndáil le forbairt dhíreach tithíochta.

SÍNTÍÚIS PHOLAITÍOCHTA

Is deimhin le Stiúrthóirí na Cuideachta nach raibh aon ranníocaíochtaí polaitíochta ann a gceanglaítear iad a nochtadh faoin Acht Toghcháin, 1997.

GNÓTHAS LEANTACH

An 6 Márta 2024, achartaodh leasuithe reachtacha, mar atá leagtha amach in alt 32A den Acht fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún, 2021 (arna chur isteach le halt 69 den Acht Rialtais Áitiúil (Méara Luimnígh) agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2024), lenar gealladh €1.25 milliún eile i gcothromas don Ghníomhaireacht.

Chinn na Stiúrthóirí go bhfuil ionchas réasúnach acu go leanfaidh an Chuideachta lena dliteanaí a għlanadh de réir mar a thagann siad chun bheith dlite agus go mbeidh acmhainn leordhóthanacha aici chun leanúint de bheith ag oibriú ar feadh thréimhse an għnóthais leantaigh, is é sin tréimhse 12 mhí ón

(ar leanúint)

dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais. Tá an Chuideachta ar cheann amháin de na príomhsholáthraithe tithíochta sóisialta agus inacmhainne don Rialtas, agus léirigh na scairshealbhóirí an tiomantas leantach atá acu don Għniomhaireacht trí thrí ranníocaíochta caipitil eile dar luach iomlán €825 mhilliún a sholáthar le linn na tréimhse. Ó dháta an Chlár Comhardaithe, cheadaigh na Stiúrthóirí leithroinnt agus eisiúint scaireanna dar luach €325 mhilliún.

Is é €2.5 milliún luach iomlán na suibscríbhinni scairchaipitil a cheadaítear leis an Acht, agus ní dhearna an Chuideachta aon cheangaltais ar mhó iad ná an luach sin faoin dáta a síniodh na ráitis airgeadais. Tá ionchas réasúnach ag na Stiúrthóirí go mbeidh iarmhéd an chothromais neamħshuibscríofa ar fáil nuair is gá chun a għnómhaċċatai a chistiú. Dénann an Chuideachta athbhreithnithe leanúnacha ar a leachtach chun a chinntiú go bhfuil cistiú leordhóthanach i bhfeidhm chun ceangaltais chaipitil agus oibriúcháin na Cuideachta a mħaoiniú. Ar an gcúis sin, leanann sí le bonn an għnóthais leantaigh a ghlaċad agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aici, mar atá leagtha amach i Nótá 2 de na Ráitis Airgeadais.

INIÚCHÓIR

Ceapadh Forvis Mazars mar iniúchóir na Cuideachta don tréimhse 2023 an 22 Meán Fómhair 2022, de réir alt 47(a) den Acht fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún, 2021. Tá an Chuideachta faoi réir iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste freisin de bhua alt 46(5) den Acht.

RÁITEAS FAOI FAISNÉIS INIÚCHÓIREACHTA IOMCHUÍ

A mhéid ab eol do gach duine de na Stiúrthóirí a bhí san oifig ag an dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais:

- Nil aon fhaisnésis iniúchóireachta iomchuí ann nach bhfuil iniúchóiri na Cuideachta ar an eolas fúthu; agus
- Rinne na Stiúrthóirí na bearta uile ar cheart dóibh iad a dhéanamh mar Stiúrthóirí chun iad a chur ar an eolas faoi aon fhaisnésis iniúchóireachta iomchuí agus chun a shui go bhfuil iniúchóiri na Cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnés sin.

Tugtar an deimhniú sin de réir forálacha alt 330 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, agus ba cheart é a léiriú de réir na bhforálacha sin. Arna ceadú agus arna húdarú lena heisiúint ag an mBord Stiúrthóirí agus arna sínú thar a cheann:

John Coleman

Príomhoifigeach Feidhmiúchán
Cathaoirleach
Dáta: 14 Meitheamh 2024

Cormac O'Rourke

Cathaoirleach
Dáta: 14 Meitheamh 2024

Ráiteas Rialachais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

An 18 Meán Fómhair 2018, bunaíodh leis an Ordú fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún (Bunú), 2018 ("Ordú 2018"), an Gníomhaireacht um Fhorbairt Talún mar chomhlacht chun na seirbhísí atá leagtha amach in Airteagal 5 den Ordú a sholáthar.

Síníodh an tAcht fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún, 2021 ("an tAcht"), ina dhlí an 21 líul 2021. Leis an Acht, foráladh do Chuideachta Gníomhaíochta Ainmhithe ("CGA", nó "DAC" i mBéarla), ar a dtabharfaí The Land Development Agency ("LDA") DAC, a bhunú agus tugadh feidhmeanna don eintiteas mar atá leagtha amach in alt 14 den Acht. Rinne an Oifig um Chlárú Chuideachtaí The Land Development Agency DAC ("an Chuideachta" nó "an Gníomhaireacht") a chorprú an 20 Nollaig 2021.

An 31 Márta 2022, d'eisigh an tAire Tithiochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ("an tAire") an tOrdú fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún, 2021 (Lá Discaoilte), 2022 (lonstraim Reachtúil Uimh. 144 de 2022), rud lenar discaileadh an comhlacht a bunaíodh le hOrdú 2018. An lá céanna, d'eisigh an tAire an tOrdú fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún, 2021 (Tosach Feidhme), 2022 (lonstraim Reachtúil Uimh. 143 de 2022), rud lenar tosaíodh oibriú na Chuideachta agus ailt eile den Acht. Aistríodh na gníomhaíochtaí chuig an gCuideachta bunaithe ar phlean réamhchinntre aistrithe, rud a úsáideadh chun bainistiú agus formhaoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas i measc na bpáirtithe uile lena mbaineann.

Is iad Bord agus fochoistí na Chuideachta a dhéanann formhaoirseacht ar rialachas na Chuideachta. Leagann siad cuspóirí straitéiseacha na Chuideachta síos agus cuireann iad bonn eolais faoi chinntí straitéiseacha ar gach saincheist thábhachtach gnó. Is ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúchán atá an fhreagracht as an gCuideachta a bainistiú, a rialú agus a threorú ar bhonn laethúil. Cloíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúchán leis an treo straitéiseach a leagann an Bord síos agus cinntíonn sé go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an gCuideachta agus ar aon rioscái suntasacha ar dóigh dóibh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúchán mar idirghabháil díreach idir an Bord agus Foireann Bhanistíochta Feidhmiúchán na Chuideachta.

FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Ar bhonn comhchoiteann, tá an Bord freagrach as gníomhaíochtaí na Cuideachta a stiúradh agus a threorú laistigh de chreat um rialuithe inmhéanacha stuama éifeachtacha. Ceanglaítear ar an mBord gníomhú ar bhonn láneolach eiticiúil, de mheon macánta, le dícheall agus cúram cuí, agus chun leas na Cuideachta, agus aird chuí á tabhairt aige ar na freagrachtaí dlíthiúla atá air agus ar na cuspóirí a leag an Rialtas síos.

Tá Beartas um Nithe atá Forchoimeádta dá gCinneadh ag an mBord i bhfeidhm ag an mBord, rud lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- » An Straitéis agus an Plean Gnó cúig bliana a cheadú agus feidhmíocht a athbhreithniú in aghaidh na straitéise, na gcuaspóirí agus an Phlean Gnó;
- » An Tuarascáil Bhliantúil agus na compháirteanna dí a cheadú;
- » Na buiséid airgeadais agus airgeadas a cheadú in aghaidh an Phlean Gnó;
- » An Beartas um Údarás Tarmligthe a cheadú;
- » A chinntí go gcoinnítear córas fóntha rialuithe inmhéanacha agus córas fóntha bainistíochta riosca inmhéánaigh ar bun;
- » A chinntí go gcoinnítear córas éifeachtach bainistíochta riosca ar bun, rud lena sainaithnítear na rioscái atá roimh ghnóthú chuspóirí na Chuideachta agus, nuair is indéanta, lena bhféachtar leis na rioscái sin a mhaolú ar aon;
- » Mórchaiteachais forbartha a cheadú;
- » Ceannacháin shuntasacha, diúscáirtí suntasacha agus scor de shócmhainní a cheadú;
- » Mórchonarthaí a cheadú;
- » Nithe luach saothair a cheadú, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:
 - » An beartas um luach saothair an Lucht Ardbainistíochta (seachas luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh, ar ní é a thagann faoi shainchúram na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe) a chinneadh
 - » Leasuithe suntasacha ar shochair phinsin an

Ráiteas Rialachais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

Phríomhfheidhmeannaigh agus na foirne

- » An beartas um luach saothair na Foirne Bainistíochta Feidhmiúchán (seachas luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh, ar ní é a thagann faoi shainchúram na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe) a chinneadh
- » Na Téarmaí Tagartha a cheadú do gach Coiste Boird;
- » Athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar a feidhmíocht féin, ar a choistí agus ar stiúrthóirí aonair;
- » An Cód lompair Gnó do chomhaltaí Boird a chomhlíonadh; agus
- » Beartas agus nós imeachta um Nochtadh Cosanta a ghlaodh agus a bhainistiú.

Tá an Bord freagrach as an bPríomhoifigeach Feidhmiúchán agus an Fhoireann Bhanistíochta Feidhmiúchán a choinneáil cuntasach as comhlíonadh éifeachtach a bhfreagrachtaí. Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúchán agus an Fhoireann Bhanistíochta Feidhmiúchán atá an fhreagracht as a chinntí go dtugtar don Boird an fhaisnéis ar fad a theastaonn uaidh chun a feidhmeanna a chomhlíonadh. Ní mór don Phríomhoifigeach Feidhmiúchán dearbhú a thabhairt don Boird freisin go bhfuil na feidhmeanna a tharmlig sé chuige á gcur i gcrích go cuí.

Leis an Acht, ceanglaítear ar an gCuideachta ráitis airgeadais a ullmhú i leith a cuid oibríochtaí do gach bliain airgeadais. Ullmaítear na ráitis airgeadais de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, agus de réir Acht na gCuideachtaí, 2014. Agus na Ráitis Airgeadais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an mBord:

- » Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- » Breithíúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh;
- » Na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Chuideachta ag feidhmiú; agus
- » A lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeán chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna Ráitis Airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád, ina noctar, le cruinneas réasúnach tráth ar bith, staid airgeadais na Cuideachta agus go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais an Cód Cleachtais chun Comhlactaí Stáit a Rialú (2016) ("an Cód") agus ceanglais reachtúla eile, lena n-áirítear Acht na gCuideachtaí, 2014. Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus iomláine na fainseáise corporáidí agus airgeadais atá ar fáil.

Tá an Bord freagrach as an bPlean bliantúil Gnó agus an Buiséad bliantúil a cheadú. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Measann an Bord go dtugtar sna Ráitis Airgeadais léargas firinneach cóir ar feidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais na Cuideachta amhail an 31 Nollaig 2023.

STRUCHTÚR AN BHOIRD

Leis an Acht, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht Bord a bheith aici ag a bhfuil cúigear stiúrthóirí ar a laghad agus deichniúr stiúrthóirí ar a mhéad, an Cathaoirleach san áireamh. Is é/í an tAire a cheapann na stiúrthóirí, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Tháinig an Bord le chéile 15 huairé idir an 1 Eanáir 2023 agus an 31 Nollaig 2023. Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí Cathaoirleach amháin agus seachtar comhaltaí ag an mBord. Bhunaigh an Bord ceithre fhochoiste a dhéanann formhaoirseacht ar na réimsí atá sainithe i dtéarmaí tagartha an fhochoiste faoi seach. Is iad seo na fochoistí:

1. An Coiste Iníúchóireachta agus Riosca (a bunaíodh i mí an Mhárta 2023 tar éis comhaltaí breise boird a cheapadh);
2. An Coiste Infheistíochta;
3. An Coiste um Luach Saothair agus Ainmniúchán (a bunaíodh i mí an Mhárta 2023 tar éis comhaltaí breise boird a cheapadh); agus
4. An Coiste um Pleanáil Straitéiseach agus Inbhuanaitheacht.

Is faoi Chathaoirleach, ar comhalta boird é/í, a feidhmíonn gach fochoiste. Beidh triúr comhaltaí ar a laghad ag gach fochoiste. Tá na Coistí i dtéideal iarráidh ar aon fhostaí de chuid na Chuideachta freastal ar a gcuinnithe agus/nó láithreoiréachta a thabhairt acu. Chun tuilleadh fainseáise a fháil faoi choistí an Bhoird, féach na Tuarascálaíochta Coiste ar leathanaigh 97 go 102.

SCEIDEAL FREASTAIL AGUS TÁILLÍ

Mionsonraítear sa tábla thíos róil, freastal agus táillí na gComhaltaí Boird agus Coiste:

| | An Bord | An Coiste Iníúchóireachta agus Ríosca | An Coiste um Luach Saothair agus Ainmniúchán | An Coiste Infheistíochta | An Coiste um Pleanáil Straitéiseach agus Inbhuanaitheacht | An Dáta a Ceapadh an Stiúrthóir | An Dáta a D'éirigh an Comhalta as/a Chuaigh Téarma an Chomhalta in Éag | Táillí € |
|--|---------|---------------------------------------|--|--------------------------|---|---------------------------------|--|----------------|
| An Líon Cruinnithe | 15 | 13 | 1 | 11 | 6 | | | |
| Cormac O'Rourke (Cathaoirleach) | 15 | n/b | 1 | 11 | | 20/12/2021 | | 31,500 |
| John Coleman (Príomhoifigeach Feidhmiúchán) | 15 | 6 ¹ | 1 ¹ | 11 | 6 | 20/12/2021 | | n/b |
| Ann Markey | 13 | 13 | n/b | 8 | | 23/11/2022 | | 15,750 |
| Brian Keogh | 15 | 12 | n/b | 11 | | 23/11/2022 | | 15,750 |
| Geraldine Smith | 13 | 11 | 1 | n/b | | 23/11/2022 | | 15,750 |
| John O'Connor | 14 | n/b | 1 ¹ | 11 | 6 | 23/11/2022 | | 15,750 |
| Michael Stone | n/b | n/b | n/b | n/b | n/b | 20/12/2021 | 24/01/2023 | n/b |
| Michelle Norris | 10 | n/b | 0 | n/b | 5 | 20/12/2021 | 31/12/2023 | n/b |
| Seamus Neely | 14 | 13 | n/b | n/b | 4 ² | 23/11/2022 | | 15,750 |
| Comhaltaí nach Comhaltaí Boird iad: | | | | | | | | |
| Timothy Bouchier-Hayes (Comhalta Seachtrach) | n/b | n/b | n/b | 11 | n/b | | | |
| Barry O'Brien (Feidhmeannach, Ceann Infheistíochta) | n/b | n/b | n/b | 11 | n/b | | | |
| Dearbhla Lawson (Feidhmeannach, Ceann um Pleanáil Straitéiseach) | n/b | n/b | n/b | n/b | 6 | | | |
| Táillí lomlána | | | | | | | | 110,250 |

¹ Mar Breathnóir, seachas comhalta coiste.² Agus é i láthair ag ceithre chruinní de chuid an Choiste um Pleanáil Straitéiseach agus Inbhuanaitheacht, d'fhreastail Seamus Neely ar na cruinnithe uile a raibh sé in ann freastal orthu ó ceapadh é. Cialláonn 'n/b' neamhbhainteach nó nach raibh an duine ina c(h)omhalta coiste nó boird ag an am.**Costais Chomhairleacha**

Airítear le costais chomhairleacha an costas ar chomhairle sheachtrach a chur ar an lucht bainistíochta. Ní áirítear leo an costas ar fheidhmeanna seachfhoinsithe 'gnáthghnó'.

| | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 | An tréimhse náoi mí dar críoch an 31 Nollaig 2022 |
|--------------------------------|--|---|
| Comhairle Dlí | 184,696 | 230,539 |
| Comhairle Chorparáideach | 331,898 | 121,365 |
| Costais Chomhairleacha lomlána | 516,594 | 351,904 |

COTHROMAÍOCHT INSCNE

Le linn na bliana, bhí triúr comhaltaí den inscne bhaineann (33.3%) agus seisear comhaltaí den inscne fhireann (66.7%) ag an mBord. Tá na bearta seo a leanas i bhfeidhm chun cothromaíocht inscne an Bhoird a chothabháil agus chun tacú léi:

- Ní faide ná cúig bliana téarma oifige na gcomhaltaí tofa; agus
- Líontar folántais ar an mBord trí phróiseas na Seirbhise um Cheapachán Phoiblí, ina gcuirtear san áireamh na ceanglaí maidir le héagsúlacht atá leagtha amach i Rannán 4.4 den Chód Cleachtais chun Comhlacthaí Stát a Rialú.

ATHRUITHE PRÍOMHPHEARSANRA

D'éirigh beirt stiúrthóirí as an mBord le linn na bliana.

AN NOCHTADH A CHEANGLAÍTEAR LEIS AN GCÓD CLEACHTAIS CHUN COMHLACHTAÍ STÁIT A RIALÚ (2016)

Ceanglaítear ar an mBord an Cód arna fhoilsíú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016 a chomhlíonadh. Ceanglaítear an nochtadh seo a leanas leis an gCód:

Miondealú ar Shocair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Tá sochair ghearrtéarmacha fostaithe ar fiú níos mó ná €50,000 iad bunaithe ar olltuarastail chonarthacha bhliantúla agus catagóriútar sna bandaí seo a leanas iad:

| Raon | An Líon Fostaithe 31 Nollaig 2023 | An Líon Fostaithe 31 Nollaig 2022 |
|----------------------|-----------------------------------|-----------------------------------|
| €50,001 go €75,000 | 27 | 24 |
| €75,001 go €100,000 | 36 | 15 |
| €100,001 go €125,000 | 15 | 8 |
| €125,001 go €150,000 | 7 | 6 |
| €150,001 go €175,000 | 5 | 3 |
| €175,001 go €200,000 | 1 | 1 |

Costais Dlí agus Socraíochtaí

Níor tabháodh aon chaiteachas sa bhliain 2023 i ndáil le costais dlí ná socraíochtaí.

Taisteal agus Cothú

Catagóriútar caiteachas taistil agus cothaithe mar a leanas:

| | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 | An tréimhse náoi mí dar críoch an 31 Nollaig 2022 |
|--|--|---|
| | € | € |
| Taisteal intíre | | |
| - Bord | 6,886 | - |
| - Fostaithe (POF san áireamh) | 62,030 | 30,712 |
| Taisteal idirnáisiúnta | | |
| - Bord | - | - |
| - Fostaithe | 455 | - |
| lomlán | 69,371 | 30,712 |
| Caiteachas Fáilteachais | | |
| Áirítear an caiteachas fáilteachais seo a leanas leis an Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe loncaim: | | |
| | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 | An tréimhse náoi mí dar críoch an 31 Nollaig 2022 |
| | € | € |
| Fáilteachas foirne | 10,815 | 12,149 |
| Fáilteachas cliant | 394 | 579 |
| lomlán | 11,209 | 12,728 |

RÁITEAS FAOI CHOMHLÍONADH

Tá an Chuideachta faoi réir fhorálacha an Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stát a Rialú agus chuir sí nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntí go gcomhlíontar forálacha an Chód. Ar gach slí ábhartha, chomhlón an Chuideachta an Cód don tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023. I gcás go raibh aon chásanna neamhchomhlíonta ann, nochtadh iad sin sa Ráiteas faoi Rialú Inmheánach.

CÁNACHAS

Níl aon chás ar eolas ann inar mhainnígh an Chuideachta dlíthe cánach a chomhlíonadh. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntí go gcomhlíonn an Bord na hoibleagáidí atá air faoi dhlíthe cánachais ar bhealach eiseamláireach agus go n-íocatar gach dliteanas cánach ar na dátaí dlite iomchuí nó rompu.

ÉAGSÚLACHT AGUS CUIMSIÚ

Is i gcroilár na Gníomhaireachta atá prionsabail an chomhionannais, na dínte, na héagsúlachta agus an neamh-idirdhealaithe. Tá Beartas Comhdheisceanna, Éagsúlachta agus Cuimsithe i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht, rud a foilsíodh laistigh den Ghníomhaireacht agus ar a suíomh Gréasáin. Binn éagsúlach agus cuimsíu ina ngné lárnoch den oiliúint ar fad a chuirtear ar an Lucht Bainistíochta agus ar an bhfoireann agus de gach gníomhaíocht múscailte feasacha.

AN TACHT UM NOCHTADH COSANTA, 2014 (ARNA LEASÚ)

Leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú), ceanglaítear ar an gcomhlacht poiblí nósanna imeachta a bhunú agus a chothabháil le haghaidh déileáil le noctáí cosanta agus faisnéis i scribhinn a sholáthar d'oirbithe maidir leis na nósanna imeachta sin. Tá nósanna imeachta den sórt sin i bhfeidhm ag an gGuideachta. Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta faoi théarmaí na reachtaíochta le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2023.

TUARASCÁLACHA COISTE

1. An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca:

Is é seo a leanas an cuspóir atá ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca:

- Cabhrú leis an mBord formhaoirseacht a dhéanamh ar cháilíocht agus iomláine na Ráiteas Airgeadais, athbhreithniú agus faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na gcorás rialaithe inmheánaigh, na

feidhme iniúchóireachta inmheánaí agus na feidhme comhlíonta, agus breithniú a dhéanamh ar na torthaí ó iniúchtaí reachtúla.

- Cabhrú leis an mBord formhaoirseacht a dhéanamh ar chreat bainistíocha riosca na Cuideachta, lena n-áirítear:
 - An fonn riosca a shuí, faireachán a dhéanamh ar an dóigh a gcloítear le rialachas riosca, agus a chinntí go ndéantar rioscaí a shainainthint, a mheasúnú, a bhainistiú agus a thuairisciú go cuí.
 - Caighdeán a leagan síos le haghaidh faireachán cruinn tráthúil a dhéanamh ar neamhchosaintí móra agus ar chineálacha riosca a bhfuil géarthábhacht leo.
 - Na práisis fhioriomlána mheasúnaithe riosca lena gcuirtear bonn eolais faoi chinnteoireacht na Cuideachta a choinneáil faoi athbhreithniú, á chinntí go n-úsáidtear méadrachtaí cáilíochtaí agus méadrachtaí cainníochtaí araon.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca formhaoirseacht ar oibriú na feidhme Iniúchóireachta Inmheánaí agus na feidhme Bainistíochta Riosca freisin. Is é gnólacht seachfhoinsithe seirbhísí gairmiúla a sholáthraíonn an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí.

Rinneadh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a athchomhdhéanamh i mí an Mhárta 2023. Roimhe sin, chomhlón an Bord róil agus freagrachtaí an Choiste suas go deireadh mhí na Samhna 2022, mar gheall ar an lón beag stiúrthóirí a bhí ann.

Is iad seo na comhaltaí reatha den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (ar ceapadh iad go léir i mí an Mhárta 2023):

- Ann Markey (Cathaoirleach ar an gCoiste)
- Geraldine Smith (Comhalta Boird)
- Seamus Neely (Comhalta Boird)
- Brian Keogh (Comhalta Boird)

Tionóladh cruinní tionscnamh an Choiste nuachomhdhéanta Iniúchóireachta agus Riosca i mí an Mhárta 2023, agus tháinig sé le cheile trí huairé déag san iomlán le linn na bliana. Le cláir oibre na gcrúinnithe, tugtar aghaidh ar na feidhmeanna éagsúla a thagann faoi Théarmaí Tagartha an Choiste, lena n-áirítear athbhreithniú agus grinnscrúdú a dhéanamh ar chreat bainistíocha riosca, feidhm iniúchóireachta inmheánaí, timpeallacht rialaithe inmheánaigh, ráitis airgeadais agus tuarascáil bhliantúil na Cuideachta agus ar na hiniúchtaí seachtracha a rinneadh ar an gGuideachta.

Tuairisciú Airgeadais

Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar na dréachráitis airgeadais bhliantúla don bhliain 2022, ar na ráitis airgeadais eatramhacha

don tréimhse dar críoch an 30 Meitheamh 2023, agus ar na ráitis airgeadais bhliantúla don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus mhol sé don Bhord iad lena gceadú. Dírodh sna hathbhreithnithe sin ar na príomhbhreithiúnaí agus na príomh-mheastachán chuntasaíochta, lenar áiríodh cuntas a thabhairt i sócmhainní ar cíos de réir costais agus caipitíú costas, soiléire agus iomláine na nochtáí ar aon dul leis na caighdeán chuntasaíochta is infheidhme, agus comhlíonadh Acht na gCuideachtaí, 2014, agus na bhforálacha iomchuí den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stát a Rialú. Rinne an Coiste athbhreithniú freisin ar an Ráiteas Rialachais agus ar Thuarascáil na gComhaltaí Boird, agus ar ráitis faoi bhainistíochta riosca lena gcur ar áireamh sna Tuarascálacha Bliantúla iomchuí.

Rialuithe Inmheánacha

Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca breithniú ar raon leathan nithe agus páipéar a bhaineann le saincheisteanna rialaithe inmheánaigh, lenar áiríodh rialuithe TF agus cibeарshlándáil agus slándáil faisnéise. Rinne sé athbhreithniú ar an gcorás rialaithe inmheánaigh do na blianta 2022 agus 2023 araon. Rinne sé athbhreithniú freisin ar na Ráitis faoi Rialú Inmheánach a cuireadh ar áireamh sna ráitis airgeadais do na blianta sin, agus mhol sé don Bhord iad lena gceadú. Bhí na hathbhreithnithe sin bunaithe ar thuarascáil ón lucht bainistíochta maidir leis an athbhreithniú uaidh ar rialuithe inmheánacha agus ar dhearbhuithe gaolmhara, ar thuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí ar athbhreithnithe a cuireadh ar áireamh sa Phlean Iniúchóireachta Inmheánaí, ar chur chun feidhme na moltaí iniúchóireachta inmheánaí, agus ar dhoiciméid agus tuarascálacha eile inar tugadh dearbhú maidir le timpeallacht rialaithe inmheánaigh na Cuideachta. Bunaithe ar an athbhreithniú uaidh ar rialuithe inmheánacha, glacadh plein feabhsúcháin rialuithe sa bhliain 2023 agus an athuair sa bhliain 2024 chun feabhas a chur ar an timpeallacht fhioriomlán rialaithe. Rinneadh dlúthfhaireachán ar an dul chun cinn ar chur chun feidhme an phlean.

Iniúchóireacht Inmheánach

Is é gnólacht seachtrach seirbhísí gairmiúla a sholáthraíonn feidhm iniúchóireachta inmheánaí na Cuideachta. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bord formhaoirseacht ar an bhfeidhm sin. Cheadaigh an Coiste Plean rioscabhunaithe Iniúchóireachta Inmheánaí do thréimhse leanúnach trí bliana, agus rinne sé formhaoirseacht ar a chur chun feidhme. Rinne sé athbhreithniú ar na príomhfionnachtana ó na hathbhreithnithe iniúchóireachta aonair agus ar an dóigh ar fheagair an lucht bainistíochta dóibh. Rinne sé faireachán ar chur chun feidhme na moltaí iniúchóireachta sin, agus

fuir sé tuairiscí tráthrialta ar stádas na ngníomhartha a bhí fós amuigh. Chomh maith leis sin, rinne sé athbhreithniú ar an gCáirt Iniúchóireachta Inmheánaí agus mhol sé roinnt athruithe ina leith. Cheadaigh an Bord na hathruithe ina dhiaidh sin. Gabhadh comórtas soláthair le haghaidh seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí de láimh sa dara leath den bhliain 2023, agus é faoi fhormhaoirseacht ag an gCoiste. Dámhadh don ghnólacht rathúil conradh don chéad trí bliana eile.

Bainistíocht Riosca

Le linn na bliana 2023, rinne an Coiste breithniú ar fheabhsuithe ar an mBeartas Bainistíochta Riosca agus ar an dóigh a n-oibrítear é, agus cheadaigh sé na feabhsuite sin. Tháinig sé le cheile leis na ceannairí gnó ar na príomhaonaid ghnó chun plé a dhéanamh ar na príomhrioscaí ina réimsí féin. Rinne sé breithniú ar an gclár rioscaí corporáideacha roinnt uaireanta freisin, agus mhol sé athruithe air chun cabhrú le rioscaí a shainainthint agus a bhainistiú.

Iniúchóireacht Sheachtrach

Is é Forvis Mazars iniúchóir reachtúil na Cuideachta. Tá an Chuideachta faoi réir iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste freisin. Rinne an Coiste athbhreithniú ar na pleannána iniúchóireachta seachtráil, ar na príomhréimsí dírithe, agus ar na téarmaí comhaontaithe. Rinne sé breithniú freisin ar na meabhráin maidir le conclúid iniúchóireachta deiridh a d'eascair as a chuid oibre iniúchóireachta féin. Rinne sé breithniú ar neamhspleáchas Forvis Mazars, agus é ag teacht ar an gconclúid go raibh sé neamhspleách go fóill le linn na bliana. Rinne sé athbhreithniú ar chálíocht an iniúchta freisin. Maidir leis an iniúchadh deireadh bliana don bhliain 2023, rinne an Coiste caidreamh leis an dá iniúchóir chun feabhas a chur ar an leibhéal comhordúcháin ar mhaithle hiniúchadh éifeachtach, éifeachtúil agus tráthúil a sholáthar. Mhol an Coiste beartas maidir le Seirbhísí Iniúchóireachta iad lena cheadú ag an mBord freisin. Níor sholáthair Forvis Mazars aon seirbhís den sórt sin sa bhliain 2023.

Athbhreithniú ar Oibríochtaí agus Éifeachtacht an Choiste

Ar aon dul le dea-chleachtas rialachais, rinne an Coiste athbhreithniú ar a éifeachtacht i dtús na bliana 2024, agus é ag teacht ar chomhaontú ar réimsí lena bhforbairt chun a éifeachtacht oibriúcháin a chothabháil agus a fheabhsú. Rinne sé athbhreithniú ar a Théarmaí Tagartha freisin, ar cheadaigh an Bord iad.

2. An Coiste Infheistíochta

Is é cuspóir an Choiste Infheistíochta cabhrú leis an mBord infheistíochtaí tráchtála na Gníomhaireachta a rialú agus a bhainistiú, agus na nithe seo a leanas a dhéanamh go háirithe:

- Comhairle a chur ar an nGníomhaireacht maidir lena straitéis infheistíochta, go háirithe i ndáil le tithíocht a fhorbairt agus a sholáthar.
- Formhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéis infheistíochta agus ar sholáthar na tithíochta.
- Measúnú a dhéanamh ar dheiseanna infheistíochta/forbartha aonair agus ar na modhanna cistiúcháin le haghaidh na deiseanna sin a thapú, agus a chinneadh cé chomh maith agus a thagann na deiseanna sin le straitéis agus Beartas Infheistíochta na Gníomhaireachta.
- Infheistíochta a dhéanamh i dtithíocht ar cíos de réir costais agus tithíocht shóisialta agus inacmhainne ar díol a sholáthar.
- Tionscadail infheistíochta/forbartha agus cistíú na dtionscadal sin a cheadú agus/nó moltaí a dhéanamh don Bhord i ndáil leis an méid thusa de réir na leibhéal údarás tharmligthe.
- Ceannach beartaithe tailte a mholadh lena cheadú ag an mbord agus/nó moltaí a dhéanamh don Bhord, de réir mar is gá.

Feidhmíonn an Coiste Infheistíochta faoi údarás tarmligthe ó Bhord na Gníomhaireachta. Is ar an mBord atá an fhreagracht deiridh air as cinntí infheistíochta na Gníomhaireachta a dhéanamh. Is gnách go mbaineann na cinntí infheistíochta sin leis na costais ar thógáil dhíreach tithíochta a chur ar aghaidh ar thailte Státfhoinsithe agus le hidirbhearta le soláthraithe tithíochta, amhail iad sin faoi 'Project Tosaigh'. Faoi réir nósanna imeachta rialaithe agus Bheartas Infheistíochta na Gníomhaireachta, tá an Coiste Infheistíochta freagrach as cinntí áirithe infheistíochta a cheadú laistigh den údarás tarmligthe a dheonaigh an Bord dó. I gcás gurb é an Bord an t-údarás ceadúcháin cuí, molann an Coiste Infheistíochta tograí lena mbreithniú ag an mBord.

Cuimsíonn an Coiste Infheistíochta ceathrar comhaltaí neamhfheidhmiúcháin den Bhord, comhalta seachtrach, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Ceann Infheistíochta. Ba iad seo na comhaltaí den Choiste Infheistíochta le linn na bliana 2023:

- John O'Connor (Cathaoirleach Reatha ar an gCoiste)
- Cormac O'Rourke (Cathaoirleach ar Bhord na Gníomhaireachta)
- Ann Markey (Comhalta Boird)
- Brian Keogh (Comhalta Boird)

- John Coleman (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)
- Timothy Bouchier-Hayes (Comhalta Seachtrach)
- Barry O'Brien (Ceann Infheistíochta)

Tháinig an Coiste Infheistíochta le chéile aon uair déag le linn na bliana 2023.

Ar aon dul le dea-chleachtas rialachais, rinne an Coiste Infheistíochta athbhreithniú ar a éifeachtacht i dtús na bliana 2024, agus é ag teacht ar chomhaontú ar réimsí lena bhforbairt chun a éifeachtacht oibriúcháin a chothabháil agus a fheabhsú.

3. An Coiste um Luach Saothair agus Ainmniúcháin:

Is é seo a leanas an cuspóir atá ag an gCoiste um Luach Saothair agus Ainmniúcháin:

- Cabhrú leis an mBord a chinntíú go gcoinníonn an Bord agus an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin struchtúr cuí, méid chuí agus cothromaócht chuí scileanna ar bun chun tacú le cuspóirí straitéiseacha agus luachanna na Gníomhaireachta um Fhorbairt Talún.
- Cabhrú leis an mBord freastal ar na freagrachtaí atá air i ndáil le cinneadh, cur chun feidhme agus formhaoirseacht a dhéanamh ar shocruithe luach saothair an lucht bainistíochta feidhmiúcháin agus chun gur féidir ardbhaill fairne feidhmiúcháin a earcú, a spreagadh agus a choinneáil.
- Formhaoirseacht a dhéanamh ar na socruithe le haghaidh ceapacháin chuig róil shinsearacha, le haghaidh pleánáil chomharbais, agus le haghaidh na beartais agus an creat luach saothair don fhoireann ar fad a athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh don Bhord ina leith.

Níl an Coiste um Luach Saothair agus Ainmniúcháin freagrach as comhaltaí Boird a cheapadh, as an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin a cheapadh ná as luach saothair an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin a shocrú. Cuimsíonn an Coiste triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin den Bhord. Ba iad seo na comhaltaí den Choiste le linn na bliana 2023:

- Geraldine Smith (Cathaoirleach)
- Cormac O'Rourke (Cathaoirleach ar Bhord na Gníomhaireachta)
- Michelle Norris (Comhalta Boird)

Níor tháinig an Coiste um Luach Saothair agus Ainmniúcháin le chéile ach uair amháin sa bhliain 2023, toisc gur ghabh an Bord iomlán feidhmeanna an Choiste de láimh. Tá sé sin ina léiriú ar an tosaíocht agus an aird a bhíonn á dtabhairt do Bhainistíochta Acmhainní Daonna agus Tallainne laistigh den Gníomhaireachta agus ar an obair atá ar bun chun ardbhainisteoirí agus bainisteoirí gairmiúla a mhealladh, a earcú agus a choinneáil. Ní dhearna an Coiste aon athbhreithniú ar éifeachtacht go luath sa bhliain 2024, mar gheall ar an lón íseal comhaltaí (beirt) a bhí aige ag an am.

4. An Coiste um Pleanáil Straitéiseach agus Inbhuanaitheacht

Is é seo a leanas an cuspóir atá ag an gCoiste um Pleanáil Straitéiseach agus Inbhuanaitheacht:

- Cabhrú le Bord na Gníomhaireachta straitéis na Gníomhaireachta le haghaidh rochtain talún agus forbairt píblínte amach anseo a chur le chéile i gcomhréir leis an gCreat Náisiúnta Pleanála agus chun tacú leis an gcuspóir atá ag an nGníomhaireachta faoi alt 2 de Chuid 1 den Acht fán nGníomhaireachta um Fhorbairt Talún, 2021. Airítear leis sin na nithe seo a leanas, i measc nithe eile:

- Comhairle a chur ar Bhord na Gníomhaireachta maidir le fáil talún straitéis, maidir le pleanáil limistéar straitéiseach (i.e., mórlimistéir fhadtéarmacha thalún lena mbaineann srianta suntasacha pleanála nó bonneagair nó srianta suntasacha eile), agus maidir le forbairt inbhuanaithe tailte straitéiseacha atá oiriúnach do thithíocht nó d'fhorbairt uirbeach.
- Formhaoirseacht a dhéanamh ar an tuairisc a thugtar don Rialtas maidir le tailte poiblí ionchuí (mar atá sainmhíniú san Acht fán nGníomhaireachta um Fhorbairt Talún), tríd an Tuarascáil ar Thailte Poiblí ionchuí a thabhairt cothrom le dáta agus a chothabháil; agus
- Formhaoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus cur chun feidhme Chreat Forbartha Inbhuanaithe na Gníomhaireachta agus ar an bhfaireachán a dhéantar air, agus formhaoirseacht a dhéanamh ar cheanglais ghaolmhara tuairiscithe, ar aon dul le hoibleagáidí reachtúla agus rialála na Gníomhaireachta.

Ba iad seo a leanas na comhaltaí den Choiste um Pleanáil Straitéiseach agus Inbhuanaitheacht le linn na bliana 2023:

- Seamus Neely (Cathaoirleach ar an gCoiste)
- Michelle Norris (Comhalta Boird)
- John O'Connor (Comhalta Boird)
- John Coleman (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)
- Dearbhla Lawson (Ceann um Pleanáil Straitéiseach)

Tháinig an Coiste le chéile sé huairé sa bhliain 2023.

Ar aon dul le dea-chleachtas rialachais, rinne an Coiste athbhreithniú ar a éifeachtacht i dtús na bliana 2024, agus é ag teacht ar chomhaontú ar réimsí lena bhforbairt chun a éifeachtacht oibriúcháin a chothabháil agus a fheabhsú.

BAINISTÍOCHT RIOSCA

Féachann an Chuideachta le riosca a bhainistiú ar bhealach eolach réamhghníomhach, de réir Bheartas agus Chreat Bainistíochta Riosca na Cuideachta, agus de réir an Ráitis faoi Fhonn Riosca uaithi. Tá an leibhéal riosca a nglactar leis ag teacht leis an mbunghníomháocht gnó, agus tuigeann an Chuideachta an tionchar a bheadh ag aon rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus bheadh sí in ann na rioscaí sin a sheasamh. Comhlíonann an Chuideachta na forálacha bainistíochta riosca den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Le linn na bliana 2023, rinne an Bord athbhreithniú ar an gClár Rioscaí agus fuair sé an t-eolas is deireanaí maidir le bainistíochta riosca agus maidir le hardrioscaí agus rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Róil agus Freagrachtaí

An Bord

Tá an Bord freagrach as an bhfoinn riosca a leagan síos agus as formhaoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht bainistíochta riosca ar fud na Cuideachta agus as an ngníomhaíocht sin a threorú.

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Bheartas agus Chreat Bainistíochta Riosca na Cuideachta agus as a chinntí go soláthraitear lecreat bainistíochta riosca na Cuideachta leibhéal chuí neamhspleáchais agus cheistiúcháin. Tugann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuairisc don Bhord.

Samhail na dTrí Bheart Cosanta

Tá Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca na Cuideachta bunaithe ar shamhail na dtrí bheart cosanta. Laistigh den tsamhail sin, gabhann foireann bhainistíochta na Cuideachta (an chéad bheart cosanta) freagracht uirthi féin as na rioscaí a shainaithint agus a bhainistiú. Déanann feidhmeanna éagsúla comhlíonta na Cuideachta (an dara beart cosanta) formhaoirseacht neamhspleách ar an gcéad bheart cosanta agus ceistíonn siad go hoiblacúil é. Déanann siad faireachán agus tuairisciú ar riosca freisin. Is iad an Grúpa Oibre um Bainistíochta Riosca agus an Grúpa Oibre um an gCreat Rialachais a chomhordaíonn an dara beart cosanta. Is ían fheidhm Iniúchóireachta Inmhéánaí an tríú beart cosanta, agus tugann sí dearbhú neamhspleách, réasúnach agus rioscabhunaithe do phríomh-gheallsealbhóirí ar láidreacht chórás bainistíochta riosca na Cuideachta, ar rialachas na Cuideachta agus ar dhearadh agus éifeachtacht oibriúcháin na timpeallachta rialaithe inmhéánaigh.

Iniúchóireacht

De réir ceanglais reachtúla, déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar an gCuideachta de bhun an Acharta fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún agus déanann iniúchóir reachtúil iniúchadh ar an gCuideachta de bhun Acht na gCuideachtaí, 2014. Is é gnólacht seachtrach a sholáthraíonn feidhm iniúchóireachta inmheánaí na Gníomhaireachta, agus é ceaptha chun tuairisc a thabhairt do Choiste Iniúchóireachta agus Riosca na Cuideachta ar obair iniúchóireachta inmheánaí.

Príomhrioscaí agus Príomhéiginnteachtaí

Tá na príomhrioscaí agus na príomhéiginnteachtaí atá roimh an gCuideachta achoimrithe thíos. Tá na gníomhartha um maolú riosca leagtha amach ar bhealach níos mine i dTuarascáil na Stiúrthóirí ar leathanaigh 83 go 92.

An Fháil ar Chistiú, agus Foinse agus Struchtúr an Chistiúcháin

Na rioscaí a bhaineann leis an bhfáil ar chistiú, agus le foinse agus struchtúr an chistiúcháin, a theastaíonn chun Plean Gnó na Cuideachta a chomhlíonadh.

An Fháil ar Thalamh agus an Soláthar Talún

Na héiginnteachtaí a bhaineann leis an bhfáil ar thailte (poiblí agus príobháideacha) atá oiriúnach dá gceannach ag an gCuideachta lena bhforbairt agus/nó leis an easpa soláthair ina leith sin.

Ceadanna Pleanála atá Inmharthana agus Tráthúil

Na héiginnteachtaí a bhaineann leis an bpróiseas pleanála, a fhágann nach féidir leis an gCuideachta ceadanna pleanála tráthúla a áirithíú, agus tionchar á imirt ar dheardadh agus inmharthanacht scéimeanna agus ar an bpíblíne forbartha.

Soláthar Clár

Na rioscaí a bhaineann le moilleanna nach bhfuil aon tionchar ná smacht ag an gCuideachta orthu, lena n-áirítear spleáchais ar bhonneagar cumasúcháin agus ar cheaduithe a fháil go tráthúil chun gur féidir le tionscadail dul ar aghaidh.

(ar leanúint)

An Beartas Tithíochta agus an Timpeallacht Rialála

Na dúshláin atá ann spriocanna na Cuideachta a chomhlíonadh i ndáil le tithíocht ar cíos de réir costais, le tithíocht inacmhainne, leis an mbeartas ligin agus le bainistíocht sócmhainní agus, an tráth céanna:

- Na rialachán maidir le tithíocht ar cíos de réir costais agus tithíocht inacmhainne ar diol a chomhlíonadh;
- Éiginnteachtaí costas foirgníochta a bhainistiú; agus
- Buiséid, costais agus torthaí a réamhaisnéisiú go cruinn.

An Phunann Aonad ar Cíos de réir Costais

Na dúshláin a bhaineann le réadmhaoine ar cíos a thabhairt chuig an margadh ar scála mó�, le comhlíonadh dlithe agus rialachán a chinntíú, agus le tithe ardchaighdeán a bhainistítear go gairmiúil a sholáthar do thionónthaí.

Caidreamh agus Comhoibriú le Geallsealbhóirí

Na rioscaí a eascraíonn as spleáchas móra a bheith ann ar thacaíocht ó roinnt geallsealbhóirí seachtracha, lena n-áirítear eintitis rialtais, forbróirí, conraitheoirí, soláthróirí, pobail, etc., chun sainordú, tosaíochtaí straitéiseacha agus tionscadail na Cuideachta a chur i gcrích.

Branda agus Dé-Shainordú na Gníomhaireachta

Bíonn dúshláin le sárú ag an gCuideachta a bhaineann leis an dé-shainordú atá aige mar thógálaí tithe agus mar sholáthraí Tithíochta ar Cíos de réir Costais a bhainistiú agus í ag déanamh caidreamh le dioltóirí, le polaitoíri agus le hionadaithe poiblí eile.

Sláinte agus Sábháilteachta

Is eol don Chuideachta go gcuireann na gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreán a fhorbairt agus le tithe a thógáil baill foirne, conraitheoirí agus daoine den phobal faoi réir an riosca go ndéanfaí síobháil thromchúiseach dóibh, agus oibríonn sí go réamhghníomhach chun rioscaí den sórt sin a mhaolú.

(ar leanúint)

THE LAND DEVELOPMENT AGENCY DAC

Ráiteas Rialachais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

(ar leanúint)

Cúrsaí Comhshaoil

Na tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag gníomhaíochtaí na Cuideachta (Conraitheoirí san áireamh) ar an gcomhshaoil, ar thionchair iad a d'fhéadfadh, mura mbainisteofaí go leordhóthanach iad, difear a dhéanamh do dhaoine den phobal, damáiste a dhéanamh don chomhshaoil, agus a bheith ina gcúis leis an mainneachtain dlithe comhshaoil agus rialachán chomhshaoil a chomhlíonadh.

Daoine agus Tallann

An riosca nach n-éireodh leis an gCuideachta an t-eolas, na scileanna, na hinniúlachtaí agus an saineolas is gó a mhealladh, a earcú, a fhorbairt agus a choinneáil chun tosaíochtaí agus cuspóirí phlean gnó na Cuideachta a chomhlíonadh agus chun tacú le pleánáil chomharbais.

An tAthru Aeráide agus Inbhuanaitheacht

Na dúshláin a chruthaítear do shamhail ghnó na Cuideachta mar thoradh ar na Spriocanna maidir leis an Athru Aeráide agus maidir le hlnbhuanaitheacht do na blianta 2030 agus 2050, mar thoradh ar thimpeallacht mhearathraitheach rialála, lena n-áirítear oibleagáidí faoin Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, agus mar thoradh ar thosca ábharthachta dúbailte.

Ceangaltais Airgeadais agus Bhuiséadacha

Na héiginnteachtaí a bhaineann lena inmharthana a bhíonn infheistíochtaí airgeadais láithreacha agus gealta ilbhliantúla ar fiú na milliúin euro iad, lena n-áirítear i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- Buiséid agus soláthairí forbartha, brúnna boilscitheacha, cruinneas réamhaisnéisithe, ionracas faisnéise agus ionracas toimhdí bunúsacha, élimh chostais, agus neamhchosaintí airgeadais agus buiséadacha i gcoitinne de dheasca eachtraí nach rabhthas ag coinne leo ar láithreán/forbairtí/tionscadail; agus
- Ní eile a chruthaíonn neamhchosaint airgeadais nach móra chur san áireamh is ea an tréimhse cobhsúcháin a bhaineann le tithíocht ar cíos de réir costais (agus gníomhaíochtaí gaolmhara) sula dtosaítear ar ioncam a ghiniúint ó thionónacht.

Beartaí na Cuideachta agus

Dlíthe agus Rialachán a Chomhlíonadh

Rioscaí a bhaineann leis an mainneachtain beartaí, nósanna imeachta agus oibleagáidí dlíthiúla, rialála agus rialachais na Cuideachta a chomhlíonadh.

Cibearshlándáil agus Slándáil Faisnéise

Na rioscaí go bhféadfadh cibirionsaithe difear a dhéanamh don chumas atá ag an gCuideachta sócmhainní faisnéise a oibriú agus a choisint de dheasca rochtain neamhúdaraithe ar shócmhainní sonraí, neamhchosaint ar chalaois airgeadais, ionsaithe bogearraí éirice agus/nó gadaíocht sonraí.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

RAON FREAGRACHTA

Thar ceann na Gníomhaireachta um Fhorbairt Talún ("an Chuideachta", "LDA" nó "an Ghníomhaireacht"), aithním an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntí go ndéantar córas éifeachtach rialithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú.

Cabhraíonn rialú inmheánach linn na príomhthosaíochtaí atá againn a chomhlíonadh, agus cuimsíonn sé ár struchtúr, ár ról agus ár bħfreagrachtaí, ár n-iompraíochtaí, ár gċorais, ár mbeartais, ár nósanna imeachta agus ár gcleachtais, ár gċuraimi, ár gcultúr, agus an dóigh a n-úsáidimid acmhainní.

Áirítear leis an gcóras rialithe inmheánaigh rialuithe airgeadais, rialuithe oibriúcháin agus rialuithe comhlíonta agus córais bhainistíochta riosca lena dtacaítear le tosaíochtaí straitéiseacha agus cuspóirí plean gnó na Cuideachta a chomhlíonadh agus lena gcosnaítear an pobal mar aon le cistí agus sócmhainn eile as a bħfuli an Chuideachta freagħach.

Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlacthaí Stáit a Rialú (2016), ar threoir a eisíodh ina dhiaidh sin sa bhliain 2017, ar iarscríbhinní breise a eisíodh sa bhliain 2020, agus ar na hoibleagáidí gaolmhara dlithiúla, rialála agus rialachais atá ar chomhlacht tráchtála stáit agus ar chuideachta gníomhaíochta ainmnithe.

CUSPÓIR AN CHÓRAIS RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Tá an córas rialithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inglelactha, seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainn, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí nó go mbraittear iad ar bhealach tráthúil.

Bí córas rialithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir a eisíodh, i bhfeidhm sa Chuideachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus suas go dtí an dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais.

athbhreithniú agus grinnscrúdú orthu ar leibhéal feidhmiúcháin tríd an ngrúpa oibre um bainistíocht riosca agus tríd an gclár rioscaí corporáideacha.

AN CREAT RIOSCA AGUS RIALAITHE

Agus í faoi stiúir ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, cinntíonn an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin go bħfuil beartais chuí agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun tacú le dea-shocruithe rialachais, ceannaireachta agus bainistíochta agus chun rialú agus formhaoirseacht éifeachtach a chur chun feidhme. Leis na nósanna imeachta sin, tacaítar freisin le rioscaí éritheacha a shainainthint agus le measúnú, maolú agus bainistiú a dhéanamh ar riosca ón taobh straitéiseach agus oibríochtúil de.

Mar chuid dá chinntí go gcoinnítear córais éifeachtacha bhainistíochta riosca ar bun agus go ndéantar breithniú ar an mórrhimpeallacht rialithe, tugtar tús áite do nósanna imeachta rialithe, agus déantar tuairisci bainistíochta ar phrómhrioscaí agus príomhéginn teachtaí laistigh de na haonaid għnó agus na rannóga gnó a thabhairt i láthair agus a phle mar chuid de chlár oibre an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Cuireann obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca leis an rannchuidiú a dhéanann na Comhaltaí Boird leis an mbainistiú agus leis an bhformhaoirseacht a dhéanann an Bord ar na rioscaí, na bagairti agus na deiseanna a bhionn roimh an nGníomhaireacht. Cuireann sí leis an léargas a thugann na Comhaltaí Boird ina leith sin freisin. Leis an gclár rioscaí a thugtar i láthair ar leibhéal corporáideach, curtuar bonn eolais faoin athbhreithniú agus faoi na pléití a dhéanann an Bord ar riosca, faoi na príomhgniżomhartha bainistíochta, agus faoi na rialuite lena għur ar aghajid ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Chomh maith leis sin, éascaónn na pléití ar riosca mionbhreithniú a dhéanamh ar an ról a bhionn ag príomh-gheallsealbhóri seachtracha agus ar na hionchais a bhionn acu i ndáil le sainordú na Gníomhaireachta a chomhlíonadh agus i ndáil le socruthe líadre rialachais agus rialithe a chinntí. Cé gur féidir leis an mBord, leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus leis an lucht bainistíochta ciunti, gníomhartha agus tionscnaimh a chur ar aghajid lena soláthar ar bhonn inmheánach laistigh den Gníomhaireacht, is gá bainistiú a dhéanamh freisin ar chinntí agus gníomhartha tħabbhatacha de chuid geallsealbhóri seachtracha.

Cuimsíonn an córas rialithe an timpeallacht rialithe (an dóigh a leagann an bord, an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin agus an lucht bainistíochta an cur chuige i leith rialithe sios agus an dóigh a n-imriżiż siad tionchar ar an aird a thugann an fhoireann ar fad ar rialú) agus na príosí rialithe (na beartais, na nósanna imeachta agus na gníomhaíochtaí atá deartha agus a oibrítear chun rioscaí a bainistiú agus a mhaolú de réir leibhéal inglelactha).

Rinne an Bord agus an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin bearta tomhaiste chun a chinntí go bhfeidhmítar timpeallacht chuí rialithe agus príosí éifeachtacha rialithe laistigh den Chuideachta, ar nithe iad lena għinnti teat feidhmiú leordhóthanach agus éifeachtach oibríochtúil na Gníomhaireachta.

I għomhthéis an chreata riosca agus rialithe, tá na nithe seo a leanas i measc na bpríomhshocruitha agus na bpríomheilminti:

- » Soiléire maidir le ról agus freagħraħtaí, agus comhlíonadh éifeachtach dualgas, ról agus freagħraħtaí acu sin a bħfuil curaġġi ceannaireachta agus rialachais orthu, lena n-āirítar an Bord, na Coistí, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an lucht bainistíochta, agus an fhoireann;
- » Coistí Boird, atá ar bun agus a oibríonn de réir téarma tagħarha atá ceadaithe ag an mBord;
- » Athbhreithnithe ar éifeachtach an Bhoird agus na gCoistí, a dhéantar chun feidhmíocht aonair agus feidhmíocht chomhchoiteann a bħreithniú agus a uasmhéadú;
- » Cuntasach lāidir, a fheidhmítar trí chaidreamh idir an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin ag cruinniż Boird agus Coiste, áit a ndéantar ceistiú cuiðiħeħ agus a dtugtar tacaħoħt chui mar għnás agus a mbionn deis ann tairbhe a bhaint as an għrionnacht chomhchoiteann agus as na léargas chomhchoiteanna ar fud na dtħblá fai seach;
- » Próiseas comhaontaithe pleanála straitéis, arb ē an toradħ deirid a bhionn air leaganacha nuashonraithe de Ráiteas Straitéise agus Plean Gnó na Gníomhaireachta;
- » Straitéisí agus Pleananna Gnó atá formhuinithe ag an mBord, ar nithe iad a sholáthraítar don Roinn agus a bhfaightear aiseolas ina leith;
- » Dul chun cinn ar bhainistíochta riosca a leabú ar fud na Gníomhaireachta, lena n-āirítar beartas agus príoseas nuashonraithe bainistíochta riosca a cheadú, lena għinnti teat go ndéantar rianu agus faireachán ar na príomhrioscaí, na priomhéginn teachtaí agus na priomhdheiseanna, áit a mbionn bainistíochta riosca ina mir thráthrialta ar an gclár oibre do chruinniż Boird agus Coiste i għona;
- » Feidhm Príomhoifigħ Riosca, a bunaíodh sa bhliain 2023 nuair a ceapadh príomhoifigeach riosca nua. Soláthraíodh olliūnt agus tacaħoħt bainistíochta riosca sa cheathrū rátithe den bhliain 2023. Ba ē an toradħ a bhí ar an obair sin għur cuireadh cláir riosca le chéile d'aonaid għnó agus go ndearnad dréachtchlár nuashonraithe riosca corporáideacha a fħorbairt agus a leagan faoi bħráid an Bhoird agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Ina theannta sin. Cuireadħ tús le hobair ar an ráiteas faoi fħonn riosca a nuashonru sa bhliain 2023, agus tabħarfar an obair sin chun crīche sa bhliain 2024;
- » Feidhm thiomnaħtie soláthair laistigh den Chuideachta, rud a oibríonn i għomhrir leis na ceanglais agus na treoiri l-Dea-ħleħxa ó thaobh soláthair chorparáidigh de;
- » Creat rialachais atá curtha in oiriūnt don Gníomhaireachta, lena n-āirítar grúpa oibre

- » feidhmiúcháin don chreat rialachais agus ardbhainisteoir creata rialachais;
- » Grúpaí oibre feidhmiúcháin éagsúla eile, lena n-áirítear an Bord Bainistóchta Forbartha/an Coiste Feidhmiúcháin um Bainistóchta Forbartha, rud ar coiste feidhmiúcháin é a dhéanann measúnú ar thionscadail shuntasacha agus tograí suntasacha laistigh den Chuideachta, an grúpa oibre um bainistóchta riosca agus an grúpa oibre um inbhuanaitheacht;
- » Tionscadail, pleannana, agus spriocanna tosaíochta ar leibhéal aonaid gnó, lena ngabhann tosaíochtaí clár gaolmhar oibre a thuairiscítear don Bhord agus do a Coistí Boird tríd an bhFoireann Bhainistóchta Feidhmiúcháin agus tríd an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin;
- » Clár mionsonraithe Oibleagáidí, lena nasctar Sceideal na Nithe atá forchoimeádtá don Bhord, beartais, agus nósanna imeachta le chéile, mar aon le dualgais shonracha atá tarmligthe chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ról ainmnithe eile laistigh den Ghníomhaireacht;
- » Beartais agus nósanna imeachta Straitéiseacha agus Oibríochtúla atá ceadaithe agus a chuirtear chun feidhme ar leibhéal forfheidhmiúcháin, lena n-áirítear an Próiseas Fála agus Forbartha Talún agus eilimintí compháirteacha a ailíníonn le prionsabail an Chóid Caiteachais Phoiblí/na dTreoirlínte Bonneagair;
- » Cumarsáid thráthrialta, múscailt feasachta thráthrialta agus oiliúint thráthrialta don fhoireann ar fad maidir le Beartais agus Nósanna Imeachta Straitéiseacha ar fud na bliana agus de réir mar is gá;
- » Socruithe bainistóchta tionscadal agus socruithe rialachais do thionscadail agus clár laistigh den Chuideachta;
- » Cód lompair Gnó lena gceanglaítear ar chomháiltá Boird, ar an lucht bainistóchta agus ar an bhfoireann na caighdeán eiticiúla agus iompraíochta is airde a chothabháil;
- » A chinntíú go gcomhlíontar beartas agus oibleagáidí na Gníomhaireachta maidir le Dearbhú Leasanna, mar atá sainaitheanta i gcóid iomchuí rialachais ghairmiúil agus i dtreoir údarásach iomchuí;
- » Beartais agus nósanna imeachta maidir le Bainistóchta Caipítel Dhaonna, ar nithe iad lena dtacaítear le feidhmíocht foirne agus lena gcinntítear go mbíonn oiliúint ghairmiúil agus theicniúil agus forbairt ghairmiúil leantach ar fáil chun freastal ar riachtanais na Gníomhaireachta;
- » Raon beartas agus nósanna imeachta airgeadais chun a chinntíú go ndéantar idirbhearta airgeadais de réir an dlí, go dtabhaítear go cuí iad, go n-údaraítear go cuí iad, agus go dtugtar cuntas cuí iontu;
- » Athbhreithnithe córasacha, ar nithe iad a dhéanann an fheidhm Iníúchóireachta Inmheánaí de réir an phlean chomhaontaithe iniúchóireachta;
- » Cloí le teorainneacha údarúcháin agus le socruithe tarmligthe;
- » Freagrachtaí airgeadais agus cuntasacht chomhfhreagrach a shannadh ar leibhéal bainistóchta;

THE LAND DEVELOPMENT AGENCY DAC

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

FAIREACHÁN AGUS ATHBHREITHNIÚ LEANÚNACH

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun le haghaidh faireachán agus feasachta a dhéanamh ar phróisis rialaithe inmheánaigh. Ag gníomhú di trίna clár iniúchtaí, déanann an fheidhm Iníúchóireachta Inmheánaí measúnú agus faireachán neamhspleách ar éifeachtacht na bpriomhrialuithe inmheánacha laistigh den eagraiocht. I gcás go sainaithnítar easnaimh rialaithe, comhaontaítear moltaí le haghaidh feasachta i gcomhar leo sin atá freagrach astu. Tugann an gnólacht Iníúchóireachta Inmheánaí tuairisc go tráthrialta ar a mhéid atá moltaí curtha chun feidhme ag an lucht bainistóchta.

CIBEARSHLÁNDÁIL AGUS SLÁNDÁIL FAISNÉISE

Feidhmíonn an Chuideachta beartas um obair chumaisc, lena n-éascaítear obair na Gníomhaireachta de réir mar a leanann sí lena soláthar foinne a mhéadú, agus eisítear ríomhaire glúine agus fón pórcha chugach ball foinne, ar nithe iad lena gcuimsítear fiordheimhniú dhá fhachtóir agus gnéithe eile slándála a bhaineann le rochtain shlán ar Wi-Fi.

Sainaithníodh creat measúnaithe riosca agus bainistóchta riosca TF agus cibearshlándála agus slándála faisnéise na Cuideachta mar réimse a bhfuiltear le diríú leantach a leagan air sa bhliain 2024, mar gheall ar chineál éabhlóideach na gcibearbhagairí agus na hoibre a dhéanann cibearchoirpigh.

Leantar le hardtosáocht a thabhairt do cibearshlándáil agus slándáil faisnéise, d'athshlánnú ó thubaistí agus do leanúnachas gnó chun a chinntíú go gcumhdaímid an Gníomhaireacht agus go gcosnáímid priomhshócmhainní faisnéise.

Cuireadh raon tionscnamh sonrach ar aghaidh sa bhliain 2023, lenar áriodh bearta slándála balla dóiteáin agus córas tástála tráthrialta, feasachta beartais, oiliúint agus feasachta foirne, agus socruithe slándála Wi-Fi, amhail criptí agus dianghlásáil pasfhocal.

DÚSHLÁIN EACNAMAÍOCHA AGUS INFHEISTÍOCHTA

Cé gur cuireadh fálte mhór roimh chaipitliú na Gníomhaireachta agus roimh na gealltanais a tugadh tacú le tosaíochtaí ár bplean gnó, ar nithe iad a d'eascair as an gcaidreamh gníomhach a rinneamar leis an Rialtas sa bhliain 2023 maidir leis an ngá atá le caipiteal cothromais a mhéadú don Ghníomhaireacht, leanann boilsciú de bharr costais foirgniochta, an rátá luaineach úis agus an timpeallacht infheistíochta le dúshlán infheistíochta agus bainistíochta airgeadais a chruthú don Chuideachta.

Toisc riosca go fóill i ndáil leis na dálaí reatha sa mhargadh fiach agus i ndáil le céim aibíochta na Gníomhaireachta araon is ea an cumas atá ag an nGníomhaireacht a bonn cístiúcháin caipitil a leathnú trí mhaoiniú fiach amach anseo (e.g., an cumas giniúna ioncaim sa ghearrthéarma).

Ós rud é go bhfuil an Ghníomhaireacht faoi réir Phrionsabal an Oibreora Geilleagair Margaidh i ndáil lena gníomhaíochtaí eacnamaíocha, déanann an Ghníomhaireacht tagarmharcáil i ndáil le príomhghníomhaíochtaí eacnamaíocha. Bíonn ceanglais toraidh tagarmharcála ina léiriú ar dhálaí reatha margaidh, ar dálaí iad a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'inmharthanacht, go háirithe i dtimpeallacht ardráta úis.

Leanann impleachtaí fadtéarmacha agus cineál luaineach na ndúshlán maicreacnamaíoch i gcoitinne le riosca a chruthú maidir leis an íosráta toraidh tagarmharcála agus toimhdí eile infheistíochta a bhaint amach.

Tá an Scéim Infheistíochta um Thionóntacht Shlán ar Chíos Inacmhainne ("STAR") ar cheann amháin de na bearta is tábhactaí chun tacú leis an nGníomhaireacht i ndáil le hinmharthanacht agus inbhuanaitheacht airgeadais na samhla oibriúcháin um thithíocht ar cíos de réir costais. Déantar faireachán agus bainistiú seasta ar thionchar STAR ar ár staid caipitil, ar ár bhfiach agus ar ghiarál na Gníomhaireachta. Cé go bhféadfadh STAR tionchar dearfach a imirt ar inmharthanacht na tithíochta ar cíos de réir costais, áirítear leis na tosca riosca ina leith cineál reatha chomhaontú STAR (an t-aicmiúchán idir fiach agus cothromas) agus an fioras go bhféadfadh gur mhó an t-éileamh ar an scéim ná an cistiu a sholáthraíonn an Rialtas faoi láthair. Leanaimid le caidreamh fairsing a dhéanamh leis na scairshealbhóirí maidir le gnéithe difriúla a

(ar leanúint)

imríonn tionchar ar shainordú na Gníomhaireachta, lena n-áirítear ceanglais chaipitil chun tacú le hinfheistíocht i gcláir um thithíocht ar cíos agus um thithíocht ar cíos de réir costais, mar aon leis na tionchair a imríonn critéir incháilitheachta le haghaidh tithíocht ar cíos de réir costais ar éifeachtacht na scéime.

Is tríd an rialáil a bhunaíonn an Rialtas na critéir incháilitheachta ioncaim le haghaidh tithíocht ar cíos de réir costais. D'fhéadfadh aon athruithe rialála difear a dhéanamh do thoimhdí na Gníomhaireachta maidir le frithghealladh agus inmharthanacht na tithíochta ar cíos de réir costais.

Maidir le faireachán, formhaoirseacht agus rialú a dhéanamh ar ár staid caipitil agus airgeadais, tugaimid tuairisc thráthrialta don Bhord maidir le húsáid réamh-mheasta caipitil na Gníomhaireachta agus idirbhearta á ndéanamh nó á mbreithniú lena gceadú ag an mBord ar deireadh. Ina theannta sin, leanann an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin, an Bord agus na Coistí le grinnscrúdú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht airgeadais, ar an staid airgeadais agus ar shreabhadh airgid ar bhonn leanúnach.

SOLÁTHAR

Tá an Ghníomhaireacht faoi réir Threoir 2014/24/AE ón Aontas Eorpach ("AE"), arna cur chun feidhme in Éirinn le Rialachán an Aontais Eorpaigh (Dámhachtain Conarthaí Údarás Phoiblí), 2016, i leith soláthar earráí, oibreacha agus seirbhísí os cionn tairseachá luacha áirithe arna leagan síos ag AE. D'eisigh an Oifig um Sholáthar Rialtais Treoirlínte Soláthair Phoiblí le haghaidh Earráí agus Seirbhísí (Leagan 2: Arna Eisiúint i mí Eanáir 2019) ó shin i leith, lena gceanglaítear ar chomhlactaí poiblí na treoirlínte sin a chur chun feidhme do luachanna os cionn na dtairseach réamhluata AE agus do luachanna faoi bhun na dtairseach sin araoan.

Is de réir reachtaíocht AE agus intíre agus de réir treoirlínte agus beartais iomchuí maidir le soláthar oibreacha, earráí agus seirbhísí a fhreastalaítear ar riachtanais soláthair na Gníomhaireachta.

Bhraith an Ghníomhaireacht ar roinnt maoluithe agus ar roinnt athruithe/modhnuithe conartha le linn na bliana 2023, ar nithe iad nach ionann iad agus soláthar neamhchomhlíonta. Bhí 47 gconradh dar luach foriomlán €2.1m faoi réir maolaithe nó achrú/modhnú conartha sa bhliain 2023.

Sainaithníodh 4 phróiseas soláthair dar luach iomlán €133k a bheith neamhchomhlíontach.

TIONSCNAIMH THOSAÍOCHTA Ó THAOBH RIOSCA AGUS RIALAITHE DE DON BHLIAIN 2024

Sa Ráiteas faoi Rialú Inmheánach don bhliain 2022, tugadh roinnt gealltanais i ndáil le córais bhainistíochta riosca, i ndáil le beartais agus nósanna imeachta an chreata rialachais, i ndáil le príomhphearsanra bainistíochta a earcú, lena n-áirítear an Príomhoifigeach Airgeadais agus an Príomhoifigeach Riosca, agus i ndáil leis an bpróiseas dearbhaile rialithe a forbairt chun bonn eolais a chur faoi dhearbhuithe cuntasacha agus rialithe bainistíochta ar bhealach níos fíorr. Cé go ndearnamar dul chun cinn seasta láidir i ngach ceann de na réimsí sin, aithnítear go mbeidh tuilleadh forbartha ag teastáil chun dea-rialachas, timpeallacht éifeachtach rialithe agus cultúr éifeachtach rialithe a chothú de réir mar a leathnaíonn an Gníomhaireacht i gcomhréir leis an sainordú atá uirthi, le Beartas Tithíochta an Rialtais agus le scéimeanna nua.

Áirítear iad seo a leanas leis na tosaíochtaí don bhliain atá le teacht: leanúint le béim a chur ar an timpeallacht rialithe agus ar struchtúr eagraiochtúla; bainistíochta riosca a leabú tuilleadh; acmhainní a chur ar fáil chun beartais agus próisis shaincheaptha agus nósanna imeachta saincheaptha de chuid na Gníomhaireachta a nuashonrú agus a chur i bhfeidhm; caidreamh a dhéanamh leis an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí; agus feabhas a chur ar thuairisciú feidhmíochta, ar shlándáil faisnéise agus cibearshlándáil, agus ar shocruithe pleánála leanúnachais gnó i gcoitinne.

Bhí córas cuntasáiochta atá bunaithe ar Excel i bhfeidhm ag an gCuideachta le linn na bliana. Cé go bhfuil an Chuideachta den tuairim gur córas leordhóthanach é an córas cuntasáiochta atá i bhfeidhm, measann sí freisin nach córas barrmhaith é. Mar sin, tá rialuite cúiteacha i bhfeidhm aici chun aon rioscaí a thiocfaidh chun cinn a mhaolú. Ina theannta sin, níor sainaithníodh aon laigí ábhartha sa bhliain 2023. Tá pacáiste comhtháite bogearraí cuntasáiochta á chur chun feidhme ag an gCuideachta faoi láthair, agus meastar go gcuirfear an obair sin i gcrích sa bhliain 2024.

(ar leanúint)

ATHBHREITHNIÚ AR ÉIFEACHTTACHT

An obair a dhéanann Bord na Cuideachta chun faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialithe inmheánaigh, biónn sí bunaithe ar breithniú agus athbhreithniú ar raon foinsí dearbhaile, lena n-áirítear iniúchóireacht inmheánach, athbhreithnithe tríú páirtí, tosca bainistíochta riosca, cláir oibre de chuid an Bhoird agus na gcoistí, caidreamh le scairshealbhóirí agus socrutithe formhaoirseachta agus, rud ríthábhachtach, dearbhuithe ón bPríomhfheidhmeannach, ón bhFoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin agus ón lucht bainistíochta i gcoitinne ar fud na heagraíochta ar fad.

A bhuí leis na dearbhuithe rialithe a thugtar, agus leis an eolas agus an léargas comhchoiteann agus aonair atá ag comhaltaí Boird agus Coiste ar na gníomhaíochtaí agus ar na cláir oibre, is féidir machnamh eolach a dhéanamh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht na socrutithe rialithe agus bainistíochta riosca don bhliain 2023. Mar sin, meastar timpeallacht rialithe agus córais rialithe inmheánaigh na Cuideachta a bheith leordhóthanach. D'ainneoin an dul chun cinn seasta a rinneadh sa bhliain 2023, toradh eile atá ar an athbhreithniú is ea go gcabhráitear le haird a tharraingt ar réimsí lena bhfeabhsú. Tacóidh na réimsí sin le forbairt leantach na Gníomhaireachta, agus obair thosaíochta ar siúl laistigh den Chuideachta agus beartaithe don bhliain 2024.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an chórais rialithe inmheánaigh don bhliain 2023 ag an gcuinniú de chuid an Bhoird an 28 Márta 2024.

Cormac Ó Rourke
Cormac O'Rourke
Cathaoirleach an Bhoird
Dáta: 14 Meitheamh 2024

Ráiteas Faoi Fhreagracht na Stiúrthóirí

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

Tá na Stiúrthóirí freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an dlí agus na rialachán is infheidhme in Éirinn.

Ceanglaítear le dlí cuideachtaí na hÉireann ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliaín airgeadais. Faoin dlí, roghnaigh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir FRS 102 "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Eirinn" arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais. Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní ceadmhach do na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a cheadú ach amháin i gcás gur deimhin leo go dtugtar iontu léargas firinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta amhail deireadh na tréimhse agus ar bhabhs ná caillteanas na Cuideachta don tréimhse agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí, 2014, ar shlá eile.

Aagus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí:

- » beartais oriúnacha chuntasaíochta a roghnú do ráitis airgeadais na Cuideachta agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- » breithiúnais agus meastachán atá réasúnach agus stuama a dhéanamh;
- » a lua gur ullmaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaiochta is infheidhme, na caighdeán sin a shainainthint, agus an tionchar a bhí ag aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeán sin, agus na cúiseanna le haon imeachtaí den sórt sin, a leagan amach; agus
- » na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Chuideachta i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntí go gcoimeádann an Chuideachta taifid leordhóthanacha chuntasaíochta, ná go gcuireann sí faoi deara go gcoimeádfar taifid leordhóthanacha chuntasaíochta, lena ndéantar idirbherta na Cuideachta a mhíniú agus a thaifeadadh i gceart, lena gcumasaítear sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús ná caillteanas na Cuideachta a chinneadh le cruinneas réasúnach tráth ar bith, lena gcumasaítear dóibh a chinntí go gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus tuarascáil na Stiúrthóirí Acht na gCuideachtaí, 2014, agus lena gcumasaítear iniúchadh ar na ráitis airgeadais a cheadú ach amháin i gcás gur deimhin leo go dtugtar iontu léargas firinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta amhail deireadh na tréimhse agus ar bhabhs ná caillteanas na Cuideachta don tréimhse agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí, 2014, ar shlá eile.

Is iad na Stiúrthóirí atá freagrach as cothabháil agus ionláine na faisnéise corporáidí agus airgeadais atá ar áireamh ar shuíomh Gréasán na Cuideachta. Is féidir go mbeidh an reacthaíocht lena rialaítear ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais i bPoblacht na hÉireann difriúil leis an reacthaíocht i ndlíní eile.

Sínithe thar ceann na Stiúrthóirí

John Coleman

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Dáta: 14 Meitheamh 2024

Cormac O'Rourke

Cathaoirleach
Dáta: 14 Meitheamh 2024



Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

The Land Development Agency DAC

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais The Land Development Agency DAC don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, mar a cheanglaítear faoi fhórálacha alt 46 den Acht fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún, 2021. Cuimsónn na ráitis airgeadais an ráiteas ioncaim, an ráiteas faoi ioncam cuimsitheach, an ráiteas faoin staid airgeadais, an ráiteas faoi athruithe i gcothromas, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus na nótáí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim:

- go dtugtar léargas firinneach cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Gníomhaireachta ag an 31 Nollaig 2023 agus ar a hioncam agus a caiteachas don bhliain 2023, agus
- gur ullmaíodh na ráitis airgeadais i gceart de réir an chreata tuairiscithe airgeadais atá leagtha amach i nótá 2 leis na ráitis airgeadais.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht arna bhfogairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta san agusín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeán sin. Táim neamhspleách ar an nGníomhaireacht agus tá mo fhreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé agus go bhfuil sí oriúnach do bhunús a thabhairt le mo thuairim.

Conclúidí maidir le gnóthas leantach

D'ullmaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantacha. Mar atá tuairiscithe san agusín a ghabhann leis an tuarascáil seo, déanaim conclúid

- ar cé chomh horiúnach is atá sé gur bhain na stiúrthóirí úsáid as bonn gnóthais leantacha
- ar cé acu is ann nó nach ann d'éiginneach ábhartha a bhaineann le heachtraí ná dálá a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar an gcumas atá ag an gcuideachta leanúint de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Tuarascáil ar fhasnéis seachas na ráitis airgeadais agus ar ábhair eile

Chuir na stiúrthóirí fasinéis áirithe eile i láthair i dteannta na ráiteas airgeadais. Cuimsónn sí sin an tuarascáil bhliantúil, lena n-áirítear tuarascáil na stiúrthóirí, an ráiteas faoi rialú inmheánach, agus an ráiteas faoi fhreagracht na stiúrthóirí. Tá cur síos déanta san agusín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisc a thabhairt ar fhasnéis den sórt sin agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscim trí eisceacht.

Spleáchas ar chóras cuntasaiochta atá bunaithe ar scarbhileog

Sa ráiteas rialachais a tíolacadh in éineacht leis na ráitis airgeadais, aithnítear an fhreagracht atá ar an mBord as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád agus as cothabháil agus ionláine na fasinéise corporáidí agus airgeadais atá ar fáil.

Ba ghá lón suntasach leasuithe a dhéanamh ar na dréachráitis airgeadais a tíolacadh lena n-áirítear.

Nochtar sa ráiteas faoi rialú inmheánach go mbaineann an Ghníomhaireacht um Fhorbairt Talún úsáid as córas cuntasaiochta atá bunaithe ar scarbhileog faoi láthair, ar córas é a dteastaíonn méid suntasach idirghabhála láimhe ina leith. Luagh an Bord gur deimhin leis go bhfuil rialuithe cúiteacha i bhfeidhm chun maolú a dhéanamh ar rioscái a easraíonn as an gcorás reatha a úsáid. Tá sé beartaithe ag an mBord bogearraí cuntasaiochta uathoibríthe a chur i bhfeidhm sa bhliain 2024.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
14 Meitheamh 2024

Freagachtaí na Stiúrthóirí

Mar a mhionsonraítear i dtuarascáil na stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freaghrach as

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 46(2) den Acht fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún, 2021
- a chinntí go dtugtar léargas firinneach cóir sna ráitis airgeadais de réir an chreata tuairiscithe airgeadais atá leagtha amach i nótá 2 leis na ráitis airgeadais
- rialtacht na n-idirbheart a chinntí
- a mheas cé acu is cuí nó nach cuí bonn gnóthais leantaigh na cuntasáiochta a úsáid, agus
- cibé rialú inmheánach a chinntí sé a bheith riachtanach a chur i bhfeidhm chun gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaitear orm faoi alt 46 den Acht fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún, 2021, ráitis airgeadais na Gníomhaireachta a iniúchadh agus tuairisciú orthu do Thithe an Oireachtas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-ionmláine saor ó mhíráiteas ábhartha, biodh calaois nó earráid mar chúsí leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéil ard dearbhaite. Mar sin féin, ní deimhníú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhionlán go bhféadfáí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamafocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráitis airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinníomh sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainainthint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais de bharr calaoise nó earráide; ceapaim nósannaimeacha iniúchóireachta atá freagrúil do rioscaí sin agus curím i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfi míráiteas ábhartha de bharr calaoise néarbharr earráide, toisc go bhféadfadh claochnáitreachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósannaimeacha iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach do na cùinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtachta na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar a chuí atá na beartais chuntasáiochta a úsáideadh agus ar a réasúnai atá na meastacháin chuntasáiochta agus an noctadach gaolmhar.

- Déanaim cinneadh ar a chuí atá sé bonn gnóthais leantaigh na cuntasáiochta a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, déanaimid cinneadh ar cé acu is ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le heachtraí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar an gcuamas atá ag an nGníomhaireacht leanúint de bheith ag feidhmiú mar gnóthas leantach. Má chinntí gur ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaitear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an noctadach gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, i gcás nach leor an noctadach sin, ceanglaitear orm mo thuairim a athrú. Tá mo chinntí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh eachtraí nó dálaí amach anseo a chur faoi deara go scórfeadh an Gníomhaireacht de bheith ina gnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an noctadach, agus ar cé acu a chuirtear nó nach gcuítear na hidirbhearta agus na heachtraí bunúsacha i láthair ar bhealach cóir sna ráitis airgeadais.

Téim i dtéagmháil leo sin bhfuil freagachtaí rialachais orthu as raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus as fionnachtana suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnáimh shuntasacha ar an rialú inmheánach a shainainthim le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscíomh trí eisceacht i gcás, i mo thuairimse,

- nach bhfuil mé an fhaisnéis agus na m'iniúthe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasáiochta chun mé a chumasú i m'iniúchadh reidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasáiochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais sin, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaite in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaitear orm faoi na Caighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bheithiú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh go bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó go bhfuil an chuma uirthi ar shíle eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinním go ndearnadh míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaitear orm an florais sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagarth do na cùinsí speisialta a bhaineann le comhlacthaí Stáit maidir lena mbainistíú agus lena n-oibriú. Tuairiscíomh i gcás go sainainthim go bhfuil ábhair ábhartha ann a bhaineann leis an dóigh ar cuireadh gnó poiblí i gorúch.

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscíomh i gcás go sainainthim aon chásanna ábhartha ann nár caiteadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe iontu nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú iontu.

Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách do chomhaltaí The Land Development Agency DAC

Tuarascáil ar an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Tuairim

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais The Land Development Agency DAC ('an Chuideachta') don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023. Cuimsíonn na ráitis airgeadais sin an ráiteas faoi ioncam ciumsitheach, an ráiteas faoi ioncam ciumsitheach eile, an ráiteas faoin staid airgeadais, an ráiteas faoi athruithe i gcothromas, an ráiteas faoi shreabhadh airgeadais agus na notaí le ráitis airgeadais na Cuideachta, lena n-áirítear an achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasáiochta atá leagtha amach i nótá 2. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh le linn ullmhú na ráiteas airgeadais ná Acht na gCuideachtaí, 2014, agus FRS 102, "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i Poblacht na hÉireann", arna eisiúint sa Ríocht Aontaithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

Is é seo a leanas ár dtuairim ar na ráitis airgeadais a ghabhann leis seo:

- tugtar léargas firinneach cóir iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta amhail an 31 Nollaig 2023 agus ar a caillteanas don bhliain dar críoch an dáta sin;
- ullmhaodh iad i gceart de réir FRS 102; agus
- ullmhaodh iad i gceart de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

Bonn na tuairime

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (Éire) agus de réir an dlí is infheidhme. Maidir leis na freagachtaí atá orainn faoi na caighdeán sin, tá tuilleadh cur síos déanta orthu sa rannán 'Freagachtaí an Iniúchóra as na Ráitis Airgeadais a Iniúchadh' den tuarascáil uainn.

Táimid neamhspleách ar an gCuideachta i gcomhréir leis na ceanglais eiticiúla atá ábhartha dár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí (Éire) arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasáiochta na hÉireann (IAASA), agus chomhlíonamar na freagachtaí eiticiúla eile atá orainn i gcomhréir leis na ceanglais sin.

Creidimid gur leor agus cuí an fianaise iniúchóireachta a fuaireamar chun bonn a thabhairt dár dtuairim.

Conclúidí maidir le gnóthas leantach

Agus na ráitis airgeadais ár n-iniúchadh againn, thángamar ar an gconclúid gur cuí atá an úsáid a bhain na stiúrthóirí as bonn gnóthais leantach na cuntasáiochta nuair a bhí na ráitis airgeadais ár n-ullmhú aige.

Bunaithe ar an obair a rinneamar, níor shainainthíomar aon éiginnteachtáí ábhartha a bhaineann le heachtraí nó dálaí a d'fhéadfad, ar bhonn aonair nó ar bhonn comhchoiteann, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar gnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta a údaráitear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Tá cur síos déanta sna rannán iomchuí den tuarascáil seo ar na freagachtaí atá ar na stiúrthóirí maidir le nithe gnóthais leantach.

Faisnéis eile

Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsítear san fhaisnéis eile an fhaisnéis atá ar áireamh i dtuarascáil na stiúrthóirí, seachas na ráitis airgeadais agus ár dtuarascáil iniúchóra orthu sin. Ní chumhdaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, seachas a mhéid a luaitear a mhalaírt go follasach inár dtuarascáil, ní chuirimid aon chinneadh dearbhaite in iúl ina leith.

Tá freagracht orainn an fhaisnéis eile atá curtha i láthair a léamh agus, le linn dúinn é sin a dhéanamh, a mheas cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis

airgeadais nó leis an eolas a ghnóthaíomar le linn an iniúchta nó cé acu is cosúil nó nach cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha uirthi. Má shainaithnímid aon neamhréireachtaí ábhartha nó aon mhíráitis ábhartha dhealraitheacha den sórt sin, ceanglaítear orainn a chinneadh cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh gur ann do mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó do mhíráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinneamar, go gcinnimid go ndearnadh míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orainn an fíoras sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith sin.

Tuairim ar ábhair eile arna bhforordú ag Acht na gCuideachtaí, 2014

Inár dtuairim, tuairiscímid, bunaithe ar an obair a rinneadh le linn an iniúchta:

- go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil na stiúrthóirí don bhliain airgeadais dá bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe ag teacht leis na ráitis airgeadais;
- gur ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí de réir na gceanglas dlíthíúil is infheidhme;
- gur leor taifid chuntasáiochta na Cuideachta chun sinn a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais; agus
- go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasáiochta.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúchán ar fad a mheasaimid, de réir mar is fearr is eol dúinn agus a chreidimid, a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta.

Ábhair a cheanglaítear orainn a thuairisciú trí eisceacht

Bunaithe ar an eolas agus an tuiscint ar an gCuideachta agus ar a timpeallacht, a gnóthaíodh le linn an iniúchta, níor shainaithníomar aon mhíráitis ábhartha i dtuarascáil na stiúrthóirí.

Ceanglaítear orainn le hAcht na gCuideachtaí, 2014, tuairisc a thabhairt duit i gcás go bhfuilimid den tuairim nár chloígh an Chuideachta le ceanglais ceann ar bith de na haitl ó alt 305 go halt 312 den Acht, a bhaineann le noctáí maidir le luach saothair agus idirbhhearta na stiúrthóirí. Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith sin.

Freagrachtaí faoi seach

Freagrachtaí na stiúrthóirí as na ráitis airgeadais

Mar atá mínithe ar bhealach níos mine sa ráiteas faoi fhreagrachtaí na stiúrthóirí ar leathanach 4, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an creata tuairiscithe airgeadais is infheidhme, ar ráitis iad ina dtugtar léargas firinneach cóir, agus as cibé rialú imheánach a mheasann an lucht bainistíochta a bheith riachtanach a chur i bhfeidhm ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, tá freagracht ar na stiúrthóirí as cumas na Cuideachta chun leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach a mheasúnú, agus iad ag noctadh ábhair a bhaineann le gnóthas leantach, de réir mar is cuí, agus ag úsáid bhonn gnóthais leantaigh na cuntasáiochta, seachas i gcás go bhfuil sé beartaithe ag an lucht bainistíochta an Chuideachta a leachtú nó scor d'oibríochtaí nó i gcás nach bhfuil aon rogha réalafóch eile aige ach déanamh amhlaidh.

Freagrachtaí an iniúchóra as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-ionmláine saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint ina gcuirtear ár dtuairim ar áireamh. Cé gur ardleibhéal dearbhaile é dearbhú réasúnach, ní ráthaíonn sé go mbraithfear míráiteas ábhartha, i ngach cás inarb ann dó, nuair a dhéantar iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iníúchóireacht (Éire). Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhionlán go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Tá cur síos breise ar na freagrachtaí atá orainn i leith an iniúchta ar na ráitis airgeadais le fail ar shuíomh Gréasán Údarás Maoirseachta Iníúchta agus Cuntasáiochta na hÉireann ag:

http://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf. Tá an cur síos sin mar chuid den tuarascáil iniúchóra uainn.

An cuspóir atá lenár n-obair iniúchóireachta agus na daoine a bhfuil freagrachtaí orainn ina leith

Déantar an tuarascáil uainn chuig na comhalaí den Chuideachta, mar chomhlacht, agus chucu sin amháin, de réir alt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Thugamar faoinár n-obair iniúchóireachta chun go bhféadfaimis tuairisc a thabhairt do chomhalaí na Cuideachta ar na hábhair sin a gceanglaítear orainn tuairisc a thabhairt dóibh orthu i dtuarascáil iniúchóra, agus ní ar chúis ar bith eile. A mhéid a cheadaítear le dlí, ní ghlaicaimid le freagracht d'aon duine ná ní ghabhaimid aon fhreagracht orainn fein d'aon duine, ach amháin don Chuideachta agus do chomhalaí na Cuideachta mar chomhlacht, maidir lenár n-obair iniúchóireachta don tuarascáil seo ná leis na tuairimí atá déanta againn.

Michael Tuohy
ar son agus thar ceann Forvis Mazars
Cuntasóirí Caire agus Gnólacht Iníúchóireachta Reachtúla
Ionad Fhearchair, Bloc 3
Bóthar Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
Dáta: 17 Meitheamh 2024

Ráitis Airgeadais

THE LAND DEVELOPMENT AGENCY DAC

Ráiteas loncaim

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 € | An tréimhse naoi mí dar críoch an 31 Nollaig 2022 € |
|--|-------|---|--|
| Láimhdeachas | 4 | 25,127,448 | 2,303,006 |
| Costas Díolachán | 4 | (24,361,262) | (2,303,006) |
| Ollbhrabús | | 766,186 | - |
| Ioncam Eile | | | |
| Deontais ón Oireachtas | 5 | 855,104 | 768,475 |
| Ioncam Eile | 6 | 2,223,578 | - |
| Ioncam lomlán Eile | | 3,078,682 | 768,475 |
| Caiteachais | | | |
| Caiteachais Oibriúcháin: | | | |
| Táillí Gairmiúla | 7 | 8,009,526 | 6,284,501 |
| Costais Foirne | 8 | 9,033,213 | 4,993,474 |
| Cumarsáid agus TF | 9 | 653,216 | 500,279 |
| Cíos, Muirir Sheirbhísé agus Rátaí | 10 | 656,700 | 330,125 |
| Riarachán Oifige | 11 | 472,531 | 196,623 |
| Costais Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin | 13 | 118,285 | 44,823 |
| Dímheas | 14 | 2,373,384 | 110,688 |
| Amúchadh | 15 | 89,179 | 66,885 |
| Caiteachas lomlán | | (21,406,034) | (12,527,398) |
| Caiteachas Cánach | | - | - |
| Caillteanas don Tréimhse tar éis Cánach | | (17,561,166) | (11,758,923) |

Tá na nótaí a ghabhann leo ina gcuid dhílis de na ráitis airgeadais.

Arna cheadú lena eisiúint ag an mBord Stiúrthóirí an 14 Meitheamh 2024

John Coleman

John Coleman
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Dáta: 14 Meitheamh 2024

Cormac Ó'Rourke

Cormac Ó'Rourke
Cathaoirleach an Bhoird
Dáta: 14 Meitheamh 2024

THE LAND DEVELOPMENT AGENCY DAC

Ráiteas faoi loncam Cuimsitheach

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 € | An tréimhse naoi mí dar críoch an 31 Nollaig 2022 € |
|---|-------|---|--|
| Easnamh don tréimhse airgeadais | | (17,561,166) | (11,758,923) |
| Gnóthachan achtúireach ar scéimeanna pinsean | | | |
| Gnóthachan/(Cailteanas) mar gheall ar athrú i dtiomhdí | 12b | (51,127) | 472,605 |
| Coigeartú ar an tsócmhainn cistiúchán iarchurtha sochair scoir | 12b | 48,677 | (253,360) |
| Cailteanas iomlán don tréimhse airgeadais | | (17,563,616) | (11,539,678) |

Tá na nótaí a ghabhann leo ina gcuid dhílis de na ráitis airgeadais.

Arna cheadú lena eisiúint ag an mBord Stiúrthóirí an 14 Meitheamh 2024

John Coleman
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Dáta: 14 Meitheamh 2024

Cormac Ó Rourke
Cathaoirleach an Bhoird
Dáta: 14 Meitheamh 2024

THE LAND DEVELOPMENT AGENCY DAC

Ráiteas faoin Staid Airgeadais

amhail an 31 Nollaig

| | Nótaí | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 € | An tréimhse naoi mí dar críoch an 31 Nollaig 2022 € |
|--|-------|---|--|
| Sócmhainní Neamhreatha | | | |
| Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh | 14 | 428,535,545 | 28,888,062 |
| Sócmhainní Doláimhsithe | 15 | 208,825 | 298,004 |
| | | 428,744,370 | 29,186,066 |
| Sócmhainní Reatha | | | |
| Féichiúnaithe agus suimeanna infhaigte eile | 16 | 29,478,405 | 14,500,976 |
| Stoc | 17 | 41,784,719 | 2,159,838 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 18 | 427,185,101 | 54,126,292 |
| | | 498,448,225 | 70,787,106 |
| Creidiúnaithe: Suimeanna a bheidh dilité laistigh de bhliain amháin | | | |
| Suimeanna iníochta trádála agus suimeanna iníochta eile | 19 | 30,612,053 | 10,902,679 |
| | | 30,612,053 | 10,902,679 |
| Pinsin | | | |
| Oibleagáid Sochair Scoir | 12c | 883,716 | 747,576 |
| Sócmhainn Cistiúchán larchurtha Sochair Scoir | 12d | (445,749) | (383,274) |
| | | 437,967 | 364,302 |
| Glansócmhainní | | | |
| | | 896,142,575 | 88,706,191 |
| Caipiteal agus Cúlchistí | | | |
| Scairchaipiteal | 20 | 925,000,000 | 100,000,000 |
| Ranníocaíocht Caipitil | 21 | 245,869 | 245,869 |
| Easnamh Coinnithe don tréimhse | | (29,103,294) | (11,539,678) |
| | | 896,142,575 | 88,706,191 |

Tá na nótaí a ghabhann leo ina gcuid dhílis de na ráitis airgeadais

Arna cheadú lena eisiúint ag an mBord Stiúrthóirí an 14 Meitheamh 2024

John Coleman
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Dáta: 14 Meitheamh 2024

Cormac Ó Rourke
Cathaoirleach an Bhoird
Dáta: 14 Meitheamh 2024

THE LAND DEVELOPMENT AGENCY DAC

Ráiteas faoi Athruithe i gCothromas

don bhliain dar crioch an 31 Nollaig 2023

| | Scairchaipiteal € | Ranníocaíocht Caipitil € | Cailteanais Choinnithe € | Cothromas lomlán € |
|---|----------------------|--------------------------------|--------------------------------|--------------------------|
| Ag an 1 Eanáir 2023 | 100,000,000 | 245,869 | (11,539,678) | 88,706,191 |
| Scairchaipiteal Eisithe | 825,000,000 | - | - | 825,000,000 |
| Ranníocaíocht caipitil | - | - | - | - |
| Cailteanas don tréimhse | - | - | (17,561,166) | (17,561,166) |
| Ioncam Cuimsitheach | - | - | (2,450) | (2,450) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023 | 925,000,000 | 245,869 | (29,103,294) | 896,142,575 |
| | Scairchaipiteal € | Ranníocaíocht Caipitil € | Cailteanais Choinnithe € | Cothromas lomlán € |
| Ag an 20 Nollaig 2022 (Dáta an Chorpaithe) | - | - | - | - |
| Scairchaipiteal Eisithe | 100,000,000 | - | - | 100,000,000 |
| Ranníocaíocht caipitil | - | 245,869 | - | 245,869 |
| Cailteanas don tréimhse | - | - | (11,758,923) | (11,758,923) |
| Ioncam Cuimsitheach | - | - | 219,245 | 219,245 |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2022 | 100,000,000 | 245,869 | (11,539,678) | 88,706,191 |

Tá na nótaí a ghabhann leo ina gcuid dhílis de na ráitis airgeadais

THE LAND DEVELOPMENT AGENCY DAC

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

don bhliain dar crioch an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | An bhliain dar crioch an 31 Nollaig 2023 € | An tréimhse naoi mí dar críoch an 31 Nollaig 2022 € |
|---|-------|---|--|
| Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | | |
| Easnamh don tréimhse | | (17,563,616) | (11,539,678) |
| <i>Coigeartuithe do na nithe seo a leanas:</i> | | | |
| Gluaiseacht i bpinsin | 12 | 73,665 | (151,037) |
| Dímheas réadmhaoine, gléasra agus trealamh | 14 | 2,373,384 | 110,688 |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe | 15 | 89,179 | 66,885 |
| Sócmhainn larchurtha Sochair Scoir | 12 | (48,677) | 243,952 |
| Oibleagáid Sochair Scoir | 12 | 48,677 | (243,952) |
| <i>Gluaiseachtaí i gcaipiteal oibre:</i> | | | |
| Méadú i stoc | 17 | (39,624,881) | (2,159,838) |
| Méadú i bhféichiúnaithe | 16 | (14,977,429) | (14,094,692) |
| Méadú i suimeanna iníochta | 19 | 19,709,374 | 8,276,299 |
| Eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | (49,920,324) | (19,491,373) |
| Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta | | | |
| Infheistíochtaí i réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 14 | (402,020,867) | (27,625,613) |
| Glanairgead a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta | | (402,020,867) | (27,625,613) |
| Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin | | | |
| Fáltais airgid ó scairchaipiteal a eisiúint | 20 | 825,000,000 | 100,000,000 |
| Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin | | 825,000,000 | 100,000,000 |
| Glanmhéadú in airgead agus i gcoibhéisí airgid | | 373,058,809 | 52,883,014 |
| Airgead agus coibhéisí airgid i dtús na tréimhse | | 54,126,292 | 1,243,278 |
| Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na tréimhse airgeadais | | 427,185,101 | 54,126,292 |

Tá na nótaí a ghabhann leo ina gcuid dhílis de na ráitis airgeadais.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

1. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Tá The Land Development Agency DAC ina Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe atá faoi theorainn scaireanna agus atá corporaite agus cláraithe i bPoblacht na hÉireann faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 (Uimhir Chláraithe: 710453). Tá seoladh oifig chláraithe na Cuideachta léirithe ar leathanach 82. Is iad príomhghníomhaíochtaí na Cuideachta ná titheocht shóisialta agus inacmhainne a forbairt agus a fháil. Baineann na ráitis airgeadais leis an mbliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023. Tá The Land Development Agency DAC bunaithe faoi láthair mar Eintiteas Leasa Phoiblí, mar atá sainmhínithe faoi FRS 102.

2. BEARTAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA

Tá an bonn cuntasáiochta agus na beartais shuntasacha chuntasáiochta ar ghilc an Chuideachta iad leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad le linn na bliana airgeadais.

Bonn an Ullmhúcháin

Ullmháiodh na ráitis airgeadais seo don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 de réir Acht na gCuideachtaí, 2014, agus FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais sa Ríocht Aontaithe ("FRS 102"). Comhlíonann na Ráitis Airgeadais an Cód Cleachtais chun Comhlacthaí Stát a Rialú freisin.

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in euro (€), arb é airgeadra feidhmiúil agus láithritheach na Cuideachta agus airgeadra na príomhthimpeallachta eacnamaíche ina bhfeidhmíonn sí é.

Ullmháiodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Gnóthas Leantach

Creideann na Stiúrthóirí go bhfuil an Chuideachta i rocht maith chun a rioscaí cistiúcháin a bhainistiú go rathúil.

Léirítear i réamhaisnéisí na Cuideachta go bhfuiltear ag súil leis go nglanfaidh an Chuideachta a dliteanais de réir mar a thagann

siad chun bheith dlite le linn thréimhse an ghnóthais leantaigh. Tá an Ghníomhaireacht ar cheann amháin de na príomhsholáthraithe titheocha sóisialta agus inacmhainne don Rialtas, agus léirigh na scairshealbhóirí an tiomantas leantach atá acu don Ghníomhaireacht trí €1.25 billiún eile i gcothromas a chur ar fáil don Ghníomhaireacht, i dteannta an €1.25bn a gheall siad cheana féin. Is é €2.5 billiún luach iomlán na suibscríbhinní scairchaipil ag na scairshealbhóirí a cheadaítear leis an Acht amhail an 6 Márt 2024 trí alt 32A den Acht fán nGníomhaireacht um Forbairt Talún, 2021 (arna chur isteach le halt 69 den Acht Rialtais Áitiúil (Méara Luimnigh) agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2024), agus ní dhearna an Ghníomhaireacht aon cheangaltais ar mhó iad ná an luach sin faoin dáta a síniódh na ráitis airgeadais. Tá ionchas réasúnach ag na Stiúrthóirí go mbeidh iarmhéid an chothromais neamhshuibscríofa ar fáil nuair is gá chun a gníomhaíochtaí a chistiú.

Tá na Stiúrthóirí agus an Coiste Iníúchóireachta agus Riosca, ó bunaíodh i mí an Mhárta 2023 é, ag déanamh athbhreithniú ar na príomhghnéithe de ghníomhaíochtaí na Cuideachta ar bhonn leanúnach, agus athbhreithnionn siad, nuair is cuí, na toimhdí critiúla ar a bhfuil a straitéisí fadtéarmacha bunaithe. Tá gníomhaíochtaí na Cuideachta faoi réir tosca riosca, lena n-áirítear rioscaí pleanála, rioscaí costais, rioscaí margaidh, rioscaí oibriúcháin, rioscaí boilscithe, rioscaí úis, agus rioscaí eile. Rinne na Stiúrthóirí athbhreithniú ar

na tosca riosca sin agus ar an bhfaisnéis iomchuí ar fad chun measúnú a dhéanamh ar an gcumas atá ag an gCuideachta leanúint de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.

Tar éis breithniú a dhéanamh ar na fíoraí atá leagtha amach thusa, chinn na Stiúrthóirí go bhfuil ioncasas réasúnach acu go leanfaidh an Chuideachta lena dliteanais a għlanadh de réir mar a thagann siad chun bheith dlite ar feadh thréimhse an ghnóthais leantaigh agus, dá bharr sin, ullmháitear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthas leantai. Chinn na Stiúrthóirí nach ann d'aon éiginnteachtaí ábhartha a bhaineann le heachtraí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar an gcumas atá ag an gCuideachta leanúint de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach ar feadh an chéad 12 mhí eile, an tréimhse a chumhdaitear leis an measúnú.

Is é an tréimhse measúnaithe a úsáideann na Stiúrthóirí ná an tréimhse dhá mhí dhéag ón dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais seo.

BEARTAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA AR LEANÚINT

Deontais ón Oireachtas

Sócmhainní réadmhaoine agus Dímheas

Aithnítear ioncam deontais ón Oireachtas sa Ráiteas ioncaim tar éis na coinniollacha a ghabhann leis na deontais a chomhlónadh. Maidir le deontais ón Oireachtas a fhaightear sula sásaitear na critéir le haghaidh aithint ioncaim, is mar ioncam iarchurtha a thaifeadtar sa mhír "Féichiúnaithe agus suimeanna infhaigte eile" sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais iad.

Aicmítear Sócmhainní Réadmhaoine mar "Sócmhainní atá á dtogál" nó mar "Sócmhainní ar Cíos de réir Costais". Is ar a gcostas a luaitear sócmhainní réadmhaoine atá á dtogál. Áirítear le costais na costais deartha agus forbartha a thabhaítear le linn na tréimhse pleánala, deartha agus forbartha. Maidir leis na costais a thabhaítear, cláraítear mar chaiteachas iad ar gach tionscadal go dtí go measfar gur dóigh gur chuig an gCuideachta a shreabhfaidh na tairbhí eacnamaíocha amach anseo a bhaineann leis an tionscadal agus gur féidir costais a thomhas ar bhealach iontaofa. Ní dhímheastar sócmhainní atá á dtogál go dtí go mbeidh siad críochnaithe agus réidh lena n-úsáid. Déantar amhlaidh chun a chinntí nach ndímheastar iad ach amháin i dtréimhsí ina bhfuiltear ag súil leis go mbainfear tairbhí eacnamaíocha amach.

Is é is Sócmhainní ar Cíos de réir Costais ann ná tithe a ligtear ar cíos le tionóntaí mar thionóntachtaí ar cíos de réir costais. Tá siad ainmnithe mar thithe ar cíos de réir costais ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi alt 30 den Acht um Thithíocht Inacmhainne, 2021.

Is ar a gcostas a luaitear Sócmhainní ar Cíos de réir Costais, agus imdhealaítear iad ina dtalamh, ina struchtúr agus ina dtacar sonrach compháirteanna móra ar gá iad a athsholáthar go tréimhsíúil. Aithnítear gach compháirt ar an mbonn ábharthachta agus sna cásanna sin ina bhfuil difríocht mhór ann idir a saol úsáideach eacnamaíoch agus é sin atá ag an gcuid eile den struchtúr. Muirearaítear dímheas ar chompháirteanna réadmhaoine tithíochta chun costas na gcompháirteanna a dhíluacháil go dtí a luach iarmharach measta (bunaithe ar an toimhde nach bhfuil aon luach iarmharach orthu), de réir méid cothrom, thar a saol úsáideach eacnamaíoch, mar a leanas:

| Compháirt | Blianta |
|-------------------------|---------|
| Struchtúr Tithíochta | 100 |
| Díon | 50 |
| Fuinneoga agus Doirse | 25 |
| Leictreachas agus Téamh | 25 |
| Seomraí Folchta | 25 |
| Cistineacha | 20 |

(ar leanúint)

(ar leanúint)

Sócmhainní seasta eile agus dímheas

Is ar a gcostas stáiriúil, lúide dímheas carntha agus soláthar do bhearnú, a luaitear sócmhainní seasta, gan sócmhainní ar cíos de réir costais ná sócmhainní atá á dtogál a áireamh. Ríomhtar an muirear dímheasa chun costas bunaidh na sócmhainní inláimhsithe, lúide a luach iarmharach measta, a dhíscróibh thar a saol úsáideach ionchais mar a leanas:

| Feabhsuithe ar Fhoirgnimh Léasacha | Thar théarma léasa 10 mbliana |
|------------------------------------|-------------------------------|
| Troscán agus Feistis | Méid cothrom -10 mbliana |
| Trealamh TF | Méid cothrom -3 go 5 bliana |

Breithnítear luach iarmharach agus saol úsáideach sócmhainní seasta gach bláin chun teacht ar aon táscairí á léiriú gur tháinig aon athrú ina leith sin. I gcás gur ann do tháscairí den sórt sin, déanfar athbhreithniú ar an luach iarmharach, ar an modh dímheasa agus ar na saolta úsáideacha, agus leasófar iad, más gá. Maidir le hathruithe ar rátaí dímheasa a eascraíonn as an athbhreithniú sin, tugtar cuntas iontu go hionchasach thar an saol úsáideach atá fágtha ag na sócmhainní.

Is ionann luach iarmharach agus an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair as sócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, dá mba rud é go mbeadh an tsócmhainn ar aois agus sa riocrt a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saoil úsáidigh cheana féin.

Caiteachas

Cuimsíonn caiteachas caiteachas oibriúcháin agus caiteachas forbartha réadmhaoine. Cuimsíonn caiteachas oibriúcháin costais foirne, táillí Stiúrthóirí, cíos, muirí sheirbhísé, agus táillí gairmiúla. Maidir le caiteachas forbartha réadmhaoine atá de chineál caipítíach nach gcomhlónann na ceanglais chaipitliúcháin go fóill, cuimsíonn sé caiteachas atá sonrach don réadmhaoin. Is ar an mbonn fabhraithe a chuirtear caiteachas ar áireamh.

Sócmhainní doláimhsithe agus amúchadh

Is ar a gcostas a thaifeadtar sócmhainní doláimhsithe ar dtús. Luaitear iad ina dhiaidh sin ar a gcostas lúide aon chailleannais charntha amúchta agus bhearnúcháin. Caipiltítear costais mar shócmhainní doláimhsithe ar bhonn na gcostas a thabhaítear chun an bunachar sonraí sonrach/na bogearraí sonracha a forbairt agus a chur in úsáid. Maidir le haon sócmhainní doláimhsithe a iompraítear de réir suim athluacháilte, taifeadtar iad de réir luach cóir ag an dáta athluachála, mar a chinntear bunaithe ar mhargadh gníomhach, lúide aon chailleannais charntha amúchta agus bhearnúcháin ina dhiaidh sin.

Ríomhtar dímheas chun costas aon sócmhainne, lúide a luach iarmharach measta, a dhíscróibh thar shaol úsáideach na sócmhainne sin mar a leanas:

| | |
|-------------------------------|-------------------------|
| An Clár Tailte Poiblí Iomchuí | Méid Cothrom - 4 bliana |
| Bogearraí Cuntasaíochta | Méid Cothrom - 3 bliana |

Má tá aon léiriú ann gur tháinig aon athrú suntasach ar shaol úsáideach ná luach iarmharach aon sócmhainne doláimhsithe, athbhreithneofar an t-amúchadh go hionchasach chun na meastacháin nua a léiriú.

BEARTAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA AR LEANÚINT

Déantar athbhreithniú ar tháscairí bearnúcháin ag gach dáta tuairiscithe, tráth a dhéantar meastachán ar an tsuim inghnóthaithe i gcás gur ann do tháscairí den sórt sin. I gcás gur mó an glanluach nó an tsuim inghnóthaithe, bearnaítear an tsócmhainn dá réir sin. Déantar athbhreithniú ar bhearnuithe roimhe ag gach dáta tuairiscithe freisin ar mhaithé lena n-aisiompú féideartha. Tosaítear ar chostais a amúchadh nuair atá an tsócmhainn ar fáil lena húsáid. Cláraítear gnáthcostais deisiúcháin agus chothabhála a bhaineann le sócmhainní doláimhsithe mar chaiteachas de réir mar a thabhaítear iad.

Ionstraimí Airgeadais

Roghnaigh an Chuideachta Ailt 11 agus 12 de FRS 102 a ghlaodadh i leith ionstraimí airgeadais.

Airgead agus coibhéisí airgid

Cuimsíonn airgead airgead idir lámha, airgead atá ina seilbh ag gníomhairí bainistíocha, airgead atá ina seilbh ag aturnaetha, agus éarlaisí ar éileamh. Is ionann coibhéisí airgid agus infheistíochaí gearrthármacha ríleachtacha

ar féidir iad a chomhshó go réidh ina suimeanna aitheanta airgid agus lena mbaineann riosca neamhshuntasach go n-athrófaí a luach. Is ar chostas amúchta a ionpraítear airgead agus coibhéisí airgid sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

Léiritear sa Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid na hathruiithe a tháinig ar airgead agus coibhéisí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin, ó ghníomhaíochtaí infheistíocha agus ó ghníomhaíochtaí maioniúcháin le linn na tréimhse. Tuairiscítear an sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin trí úsáid a bhaint as an modh indíreach, áit a nochtar aicmí d'ollfháltais airgid agus d'ollíocaíochtaí.

Féichiúnaithe agus suimeanna infhaigte eile

Tomhaistear féichiúnaithe agus suimeanna infhaigte eile de réir praghas idirbhirt ar dtús (costais idirbhirt san áireamh), ach amháin i gcás na sócmhainní airgeadais sin a aicmítear de réir luach cóir trí

bhrabús nó caillteanas. Tomhaistear sócmhainní den sórt sin de réir luach cóir ar dtús (arb é an praghas idirbhirt gan aon chostais idirbhirt a áireamh é i bhformhór na gcásanna). Ina dhiaidh sin, tomhaistear féichiúnaithe trádála ar a gcostas amúchta trí úsáid a bhaint as an modh éifeachtach úis líuide caillteanas bhearnúcháin do dhrochfhiacha agus d'fhiacha amhrasacha, ach amháin i gcás go mbeadh an éifeacht lascainithe neamhbhartha. I gcásanna den sórt sin, luaitear na suimeanna infhaigte ar a gcostas líuide caillteanas bhearnúcháin do dhrochfhiacha agus d'fhiacha amhrasacha.

Maidir le héaraisí conartha le haghaidh ceannacháin tí de chuid na Cuideachta, aithnítear mar éarlaisí iad nuair a íocatar iad agus aistrítear iad chuig réadmhaoin, gléasra agus trealamh tráth chríochnú dlíthiúil an chonartha, nuair a íocatar an chuid eile den praghas conartha.

Suimeanna iníochta trádála agus suimeanna iníochta eile

Aithnítear suimeanna iníochta trádála agus suimeanna iníochta eile de réir praghas idirbhirt ar dtús, ach amháin i gcás gurb ionann an dliteanas agus idirbhírt maioniúcháin. I gcásanna den sórt sin, tomhaistear an ionstraim de réir luach reatha na n-íocaíochtaí amach anseo arna lascainiú ag ráta úis margaidh. Ionpraítear na hionstraimí sin ina dhiaidh sin ar a gcostas amúchta trí úsáid a bhaint as modh an ráta éifeachtaigh úis.

(ar leanúint)

(ar leanúint)

Stoc

Is ionann stoc agus na costais foirgníochta a tabhaíodh ar sciar na n-aonad inacmhainne ar díol agus sóisialta den láithreán forbartha comhroinnte, is é sin forbairt Chaisleán Sheangánaí i Seanachill, Co. Bhaile Átha Cliath. Luaitear stoc ar a chostas nó de réir glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Baineann costas leis na costais forbartha a tabhaíodh le linn na tréimhse forbartha.

Láimhdeachas agus Costas Díolachán

Is ionann láimhdeachas agus na costais foirgníochta a athmhuiirearaítear ar údarás áitiúla don ghné tithíochta sóisialta de láithreán forbartha comhfhiontair na Cuideachta agus na cíosanna a fhaightear ó thionónaí ag na láithreán tithíochta ar cíos de réir costais de chuid na Gníomhaireachta. Maidir le láimhdeachas ó chostais foirgníochta a athmhuiirearaítear, aithnítear é trí úsáid a bhaint as na costais sonraisc a d'íoc an Ghníomhaireacht, agus cionroinnt iomchuí á déanamh don sciar sóisialta den tionscadal. Ar an dáta a aithnítear díolachán, déantar muirear fritháirimh

ar chostas díolachán agus ar stoc. Tá an Costas Díolachán cothrom le láimhdeachas, toisc nach gcuirtear aon chorrlach i bhfeidhm i leith na gcostas foirgníochta a athmhuiirearaítear ar na húdarás áitiúla. Is ionann ioncam ó thithíocht ar cíos de réir costais agus an t-ollioncam cíosa a fhaightear ó aonaid ar cíos de réir costais ag láithreacha na Gníomhaireachta i nDeilgne agus i bhFearann na Páirce.

Cáin Bhreislúacha

Airítear leis na ráitis airgeadais CBL ar chaitteachas, a mhéid, go dtí seo, nach féidir CBL a ghnóthú ó na Coimisinéirí loncaim de ghnáth. I gcás go meastar an Chuideachta a bheith ar an bpriomhchonraitheoir chun críocha Cánoch Conarthaí lomchuí, tugann an Chuideachta feinchuntas i CBL trí na haighneachtaí a dhéanann sí chuig na Coimisinéirí loncaim. I gcás go bhfuil an Chuideachta cinnte faoi aschur tionachta aon láithreán (nach mbaineann ach le láithreán amháin faoi láthair) agus gur féidir léi, mar sin, inghnóthaitheacht na gné CBL de na costais a tabhaíodh a dheimhniú, aiséilíonn sí CBL den sórt sin sna haighneachtaí a dhéanann sí chuig na Coimisinéirí loncaim. Is glan ar CBL a thuiriscítear láimhdeachas agus stoc.

Soláthairtí

Aithnítear soláthairtí i gcás go bhfuil oibleagáid reatha dhílíthiúil nó chuiditheach ar an gCuideachta mar thoradh ar eachtra ón am atá thart, más dócha go mbeidh eis-sreabhadh tairbhí eacnamaíocha ag teastáil chun an oibleagáid a għlanadħ agus gur féidir meastachán réasúnach a dhéanamh. Tomhaistear soláthairtí de réir luach reatha na għaċċeħas a mheastar a bheith riachtanach chun an oibleagáid a għlanadħ, agus úsáid á baint as ráta réamhchánach lena léirítar measúnu. Margaidh reatha ar an luach céanna airgid agus ar an riosca atá sonrach don oibleagáid.

Airgeadraí coigríche

Maidir le hidirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí seachas euro, taifeadtar iad ag na rátaí a bhí i bhfeidhm ag dáta na n-idirbheart sin. Maidir le sócmhainní agus dliteanas airgid atá ainmnithe in airgeadraí coigríche, aistrítear iad ag an ráta malaire a bhí i bhfeidhm ag dáta an chlárí comhardaithe. Is sa Ráiteas loncaim a dhéileáiltear leis na difrifíochtaí malaire a thagann as sin

BEARTAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA AR LEANÚINT

Sochair Scoir

Mar aon le ceangaltais conarthaach don Phríomhoifigeach Feidhmiúchán maidir le scéim atá fós le bunú, is leis na trí scéim pinsean seo a leanas a sholáthraitear teidíochtaí pinsin fostaithe faoi láthair:

a) Scéim Aoisliúntais na Gníomhaireachta um Fhorbairt Talún 2022 (dúnta d'iontrálaithe nua)

An 24 Mártas 2022, fuair an t-eintiteas réamhtheachtaach ceadú ón Aire Tithóchta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, le toiliú ón Aire Cateachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, chun scéim aoisliúntais na Gníomhaireachta um Fhorbairt Talún 2022 a bhunú. Is scéim sochair shainithe í an scéim, a chistítear ar bhonn íoc mar a thuillir. Dúnadh an scéim d'iontrálaithe nua tráth dhíscaoileadh an eintitis réamhtheachtaigh. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúchán ar áireamh sa scéim seo.

b) An Scéim Pinsean Seirbhís Poiblí Aonair (Scéim Aonair (SPSS)) (dúnta d'iontrálaithe nua)

D'fheidhmigh an t-eintiteas réamhtheachtaach an Scéim Aonair i leith lón beag fostaithe freisin, rud ar scéim sochair shainithe é d'hostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin.

Íocadh ranníocaíochtaí na gcomhaltaí den Scéim Aonair ar aghaidh leis an Roinn Cateachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe. Foráiltear le halt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhís Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, d'íocaíochtaí pinsin a chistí de réir mar a thagann siad chun bheith dílte trí íocaíochtaí a dhéanamh ó chistí a sholáthraíonn an tOireachtas chun na críche sin. Dúnadh an scéim d'iontrálaithe nua tráth dhíscaoileadh an eintitis réamhtheachtaigh.

c) Scéim Ranníocaíochta Sainithe
Feidhmíonn an Chuideachta scéim cheadaithe ranníocaíochta sainithe d'hostaithe reatha agus d'hostaithe nua ar a dtugtar Máistir-lontaobhas Zurich na Gníomhaireachta um Fhorbairt Talún. Déanann na comhaltaí agus an Chuideachta ranníocaíochtaí ag rátaí seasta. Léirtítear sna sochair a fhaightear tráth an scoir ciste carntha gach fostai agus an costas a bhaineann le sochair a cheannach ag an am sin.

Oibleagáid Sochair Scoir – Scéimeanna Sochair Shainithe

Léirtítear i gcostais phinsin, i leith an dá scéim dhúnta sochair shainithe, na sochair phinsin a thuill fostaithe sa tréimhse.

Is sa Ráiteas faoi loncam Cuimsitheach a léirítear gnóthachain achtúireacha nó cailteanas achtúireacha a

eascaíonn as dliteanais agus sócmhainní na scéime. Is ionann Oibleagáidí Sochair Scoir agus luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo atá tuillte ag comhaltaí go dtí seo. Rinne achtúire neamhspleách luacháil ar dhíteanais na scéime amhail an 31 Nollaig 2023 trí úsáid a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta.

Maidir leis an Scéim Aonair, aithníonn an Ghníomhaireachta sócmhainn cistiúcháin iarchurtha pinsin atá le gnóthú i dtréimhse amach anseo.

Sochair bháis

Áracháitear sochair bháis ar bhonn grúpa, agus féadfar iad a íoc i rocht cnapsuime agus/nó i rocht pinsin marthanóra.

Oibleagáid Sochair Scoir – Scéim Ranníocaíochta Sainithe

Sealbhaítear sócmhainní na scéime ranníocaíochta sainithe faoi iontaobhas agus tá siad ar leithligh ó shócmhainní na Cuideachta. Is é an t-aon oibleagáid amháin atá ar an gCuideachta i leith na scéime ranníocaíochta sainithe ná na ranníocaíochtaí sonraithe a dhéanamh agus caiteachais riarracháin a íoc. Maidir le hoibleagáidí i leith ranníocaíochtaí leis an scéim ranníocaíochta sainithe, aithnítear iad mar chaiteachas sa Ráiteas loncaim de réir mar a thabhaítear iad. Is ionann an muirear pinsin don tréimhse airgeadais agus na ranníocaíochtaí iarbhir a d'íoc an Chuideachta.

(ar leanúint)

(ar leanúint)

Sochair Ghearrhéarmacha Fostaithe

Aithnítear sochair ghearrhéarmacha, amhail pá saoire, mar chaiteachas sa bhliain agus muirearaitear ar an Ráiteas loncaim iad. Cuirtear sochair ghearrhéarmacha atá fabhraithe ag deireadh na bliana ar áireamh san fhigiúr "Suimeanna iníochta trádála agus suimeanna iníochta eile" sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

Tá baint ag eintiteas leis an gCuideachta má tá feidhm ag aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

- » tá an t-eintiteas ina chomhlach nó ina chomhfiontar den Chuideachta (nó ina chomhlach nó ina chomhfiontar de bhall de ghrúpa dá bhfuil an Chuideachta ina ball).
- » tá an t-eintiteas agus an Chuideachta araon ina gcomhfiontar den aon triú páirtí amháin.
- » tá an t-eintiteas ina chomhfiontar de thrí heintiteas agus tá an Chuideachta ina comhlach den tríu heintiteas.
- » tá an t-eintiteas ina phlean sochair iarfhostaíochta chun tairbhe d'hostaithe den Chuideachta nó d'eintiteas a bhfuil baint aige leis an gCuideachta.
- » tá an t-eintiteas faoi rialú nó faoi chomhrialú ag duine atá sainitheanta i bpointe (a), (b) nó (c) thusas.
- » tá tionchar suntasach ag duine atá sainitheanta i bpointe (a) ar an eintiteas nó tá sé/sí ina b(h)all de phríomhphearsanra bainistíochta an eintitis (nó de mháthairchomhlacht den eintiteas).
- » soláthraíonn an t-eintiteas, nó aon bhall de ghrúpa dá bhfuil sé ina chuid, seirbhísí príomhphearsanra bainistíochta don Chuideachta nó do mháthairchomhlacht den Chuideachta.

Léasanna oibriúcháin

Is mar léasanna oibriúcháin a aicmítear léasanna ina gcoinníonn an léasór sciar suntasach de na rioscaí agus na luachanna saothair a bhaineann le húníreacht. Maidir le híocaíochtaí a dhéantar faoi léasanna oibriúcháin (glen ar aon dreasachtaí a fhaightear ón léasór), muirearaitear ar an Ráiteas loncaim de réir méid cothrom iad thar shaolré an léasa.

Páirtithe gaolmhara

Chun críocha na ráiteas airgeadais seo, meastar go bhfuil baint ag duine leis an gCuideachta más rud é, maidir leis an duine sin:
(a) go bhfuil rialú nó comhrialú aige/aici ar an gCuideachta;
(b) go bhfuil tionchar suntasach aige/aici ar an gCuideachta; nó
(c) go bhfuil sé/sí ina b(h)all de phríomhphearsanra bainistíochta na Cuideachta nó de mháthairchomhlacht den Chuideachta.

Cánachas

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur níalasach ag an 31 Nollaig 2023 (2022: níalasach) a bhí an muirear cánach reatha agus iarchurtha a bhí le híoc ag an gCuideachta. Níor thaifead an Chuideachta aon sócmhainn iarchurtha cánach toisc nach eol cén uair a d'fhéadfai sócmhainn den sórt sin a úsáid in aghaidh brabús inchánach amach anseo.

Ranníocaíocht Caipítíl

Aistríodh gach sócmhainn agus dliteanais de chuid an eintitis réamhtheachtaigh chuit ag an gCuideachta mar chomaoin nach comaoin airgid de réir an Acta fán nGníomhaireachta um Fhorbairt Talún, 2021. Ba de réir glanluach leabhar a rinneadh na haistrithe uile.

3. BREITHIÚNAIS AGUS MEASTACHÁIN THÁBHACHTACHA CHUNTASAÍOCHTA

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú acu, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a dhéanann difear do chur i bhfeidhm na mbeartas agus do shuimeanna tuairiscithe na sócmhainní, na ndliteanas, an ioncaim agus na gcaiteachas nach bhfuil soiléir go réidh ó fhoinsí eile.

Déantar meastóireacht leanúnach ar bhreithiúnais agus meastacháin, agus bónn siad bunaithe ar eispéiris stairiúla agus ar thosca eile, lena n-áirítear ionchais maidir le heachtraí amach anseo a chreidtear a bheith réasúnach sna himthosca. Déanann an Chuideachta meastacháin agus toimhdí maidir leis an todhchaí. Is annamh is ionann na meastacháin iarmhartacha chuntasaíochta agus na tortaí gaolmhara iarbhí. Is pléite thíos atá na meastacháin agus na toimhdí lena mbaineann riosca suntasach agus a fhágann gur gá coigeartú ábhartha a dhéanamh ar shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas laistigh den chéad bhliain airgeadais eile.

Caipitliú Caiteachais Forbartha

Tá tionscadail as a dtiocfaidh tithe sóisialta agus inacmhainne á bhforbairt ag an gCuideachta faoi láthair. Rinne an Chuideachta athbhreithniú ar an gcaiteachas forbartha a tabháodh sa tréimhse chun measúnú a dhéanamh ar an gcur chuige cuntasáiochta cuí i leith caiteachas atá sonrach don tionscadal. Breithnódh na gnéithe seo a leanas sa mheasúnú sin:

- A thaispeáint gur dóigh go sreabhfaidh aon tairbhe eacnamaíoch amach anseo ón tsócmhainn; agus
- Céim tionscadail reatha na forbartha sa timthriall tionscadail.

Féachaimid ar na critéir seo a leanas nuair a dhéanaimid measúnú ar cé acu a shásaitear nó nach sásaitear pointe (a) ar bhonn tionscadal ar thionscadal:

- Toradh an mheasúnaithe ar indéantacht an tionscadail
- Ceadú ag Tairseach 2(ii) den Nós Imeachta Forbartha
- An measúnú ar an maoiniú atá ar fáil chun an tionscadal a chur i gcrích/a bhainistiú mar chuid den mhéid thus
- An dóchúlacht go bhfaighfear cead pleánála
- An rún atá ag an lucht bainistíochta an tionscadal a chur i gcrích mar atá beartaithe

Sócmhainní ar Cíos de réir Costais

Tá an cur chuige cuntasáiochta a ghlaic an Chuideachta ag teacht leis an treoir faoi mhír 3A d'alt 16 de FRS 102, ina luaitear nach ndéanfar réadmhaoin a shealbhaítear go priomha le haghaidh tairbhí sóisialta a sholáthar a címuí mar réadmhaoin infheistíocha agus go dtabharfar cuntas inti mar Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh. Mar sin, cuirfear costais ar áireamh i gcatagóirí sonracha, mar atá leagtha amach faoi Nóta 2 de na beartais chuntasaíochta faoin teideal "Sócmhainní réadmhaoine agus Dímheas", agus amúchfar iad thar a saol úsáideach.

Bearnú sócmhainní réadmhaoine

Is gá breithiúnas a úsáid agus cinneadh á dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil aon táscáirí ann ar bhearnú shócmhainní réadmhaoine na Cuideachta, lena n-áirítear iad sin a shealbhaítear mar shócmhainní seasta agus mar shócmhainní reatha. Meastar go bhfuil na nithe seo a leanas ina dtáscáirí ar bhearnú, ach is féidir go dtabharfaidh eachtráil eile le fios go mbeidh athbhreithniú bearnúcháin ag teastáil:

- » aon saincheist nár sainaithníodh mar chuid den bhreithmheas tosaigh ar aon réadmhaoin, rud as a dtagann méadú ábhartha i gcostas na réadmhaoine;
- » athrú i mbeartas, rialachán nó reachtaíocht rialtais;
- » laghdú san éileamh ar réadmhaoin;
- » laghdú i margadhluach réadmhaoine ar cíos de réir costais; agus
- » difheidhmeacht réadmhaoine (i.e., tá sé beartaithe an réadmhaoin a athbheochan trí i scartáil).

Mar thoradh ar an mbreithniú bearnúcháin a rinneadh ag deireadh na bliana, níor sainaithníodh aon táscáirí ar bhearnú agus níor ghá aon soláthairtí a dhéanamh. Féach Nóta 14 chun mionsonraí a fháil faoin iarmhéid sócmhainní tithíochta atá faoi réir athbhreithniú bearnúcháin.

Saolta eacnamaíocha sócmhainní in-dímheasa

Braitheann an muirear bliantúil dímheasa go príomha ar shaol measta gach cineál agus gach compháirte de shócmhainní seasta agus réadmhaoine agus, in imthosca áirithe, ar mheastacháin ar luachanna córa agus ar luachanna iarmharacha. Gach bliain, déanann na stiúrthóirí athbhreithniú ar na saolta sócmhainne agus na luachanna iarmharacha sin, agus coigeartaíonn siad iad de réir mar is gá chun go mbeidh siad ag teacht le meastacháin reatha, i bhfianaise athruithe teicneolaíoch, úsáid ionchasach eacnamaíoch agus riocrt fisiciúl na sócmhainní lena mbaineann.

Cur Chuige Cuntasáiochta i leith Pinsean

Tá lion beag ball foirne a fuarthas ar iasacht ar dtús ó Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta páirteach i scéim pinsean sochair shainithe ar a dtugtar Scéim Aoisliúntais na Gníomhaireachta um Phorbairt Talún 2022. Tá Scéim Aoisliúntais na Gníomhaireachta um Phorbairt Talún 2022 dúnta anois. Mar sin féin, is dliteanas de chuid na Gníomhaireachta go fóill iad na sochair a lócadh do bhaill foirne faoin scéim fad a bhí sí ann, agus tugtar cuntas sna sochair sin sna Ráitis Airgeadais de réir FRS 102. Bunaithe ar shainchomhairle achtúireach, rinne na Stiúrthóirí meastacháin ar thosca iomchuí le linn dóibh dliteanas na Gníomhaireachta a chinneadh.

Féach Nóta 12 chun tuilleadh mionsonraí a fháil.

Maidir leis na toimhdí atá taobh thiar de na luachálacha achtúireacha óna gcinntear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéal chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus treorátaí costas cúram sláinte), tugtar iad cothrom le dáta gach bliain bunaithe ar dhálaí reatha geilleagracha agus chun freastal ar aon athruithe iomchuí ar théarmaí agus coinníollacha na bpleannanna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas dul i bhfeidhm ar na toimhdí:

- » An ráta lascaine, athruithe sa ráta toraidh ar bhannaí corporáide ardchaighdeáin
- » Leibhéal chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo
- » Treorátaí costas cúram sláinte agus an ráta boilscithe costas Leighis sna réigiúin iomchuí

Níl an Ghníomhaireacht páirteach sa Scéim Pinsean Seirbhise Poiblí Aonair a thuilleadh, rud ar dliteanas de chuid an Státhiste é anois. Mar sin féin, tugtar cuntas sna sochair a lócadh do bhaill foirne faoin scéim sna Ráitis Airgeadais de réir FRS 102, agus tá an nochtdadh gaolmhar leagtha amach i Nóta 12.

4. Láimhdeachas agus Costas Díolachán

| | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 € | An tréimhse naoi mí dar críoch an 31 Nollaig 2022 € |
|---|---|---|
| Láimhdeachas | 24,086,391 | 2,303,006 |
| Ioncam ó thithíocht ar cíos de réir costais | 1,041,057 | - |
| Láimhdeachas Iomlán | 25,127,448 | 2,303,006 |
| Costas Díolachán | (24,086,391) | (2,303,006) |
| Caiteachais ar thithíocht ar cíos de réir costais | (274,871) | - |
| Costas Iomlán Díolachán | (24,361,262) | (2,303,006) |

Is é príomhghníomhaíocht na Cuideachta fáil agus forbairt tithíochta inacmhainne agus sóisialta a éascú lena ligeann ar cíos nó lena cur ar aghaidh chuijg úinéireacht phríobháideach. Soláthraíonn an Chuideachta seirbhísí pleánaí, deartha, tógála agus bainistíochta réadmhaoine i bPoblacht na hÉireann chun an cuspóir sin a bhaint amach.

Is ionann láimhdeachas agus na suimeanna a athmhuiarearaíodh ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin i leith na gcostas foirgniochta a bhaineann leis an sciar tithíochta sóisialta d'fhorbairt Chaisleán Sheangánaí. Fritháirítear suimeanna láimhdeachais le hiontráil chomhfhreagrach i gcostas díolachán agus i stoc. Is nialasach atá an glanioncam ar na hathmhuirir sin.

Is ionann ioncam ó thithíocht ar cíos de réir costais agus an t-ioncam cíosa a fhaightear ó aonaid ar cíos de réir costais ag láithreacha na Gníomhaireachta i nDeilgne agus i bhFearann na Páirce. Is ionann caiteachas ar thithíocht ar cíos de réir costais agus na costais oibriúcháin agus na costais bainistíochta eastáit a bhaineann leis an ioncam a ghintear ó na haonaid ar cíos de réir costais sin.

5. Deontais ón Oireachtas

Is ó vóta na Roinne a chistítear obair na Cuideachta a bhaineann le gníomhaíochtaí áirithe, lena n-áirítear an Clár Tailte Poiblí iomchuí. Soláthraíonn an Roinn deontas bliantúil stáit don Chuideachta chun tacú leis an obair sin, agus bhí an cistíu iomlán a fuarthas ón Roinn mar a leanas:

| | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 € | An tréimhse naoi mí dar críoch an 31 Nollaig 2022 € |
|--|---|--|
| Ranníocaíochtaí ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | 855,104 | 768,475 |
| Ainm an deontóra | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | |
| Ainm an deontais | Alt 29 den Acht fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún (Seirbhísí Poiblí) | |
| Cuspóir an deontais | Tacú leis an gcaiteachas a bhaineann leis an gclár tailte poiblí iomchuí a fhorbairt agus leis an tuarascáil ar thailte poiblí iomchuí a ullmhú | |
| | | |
| | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 € | An tréimhse naoi mí dar críoch an 31 Nollaig 2022 € |
| Suim an deontais | 855,104 | 768,475 |
| Téarma an deontais iomlán | Bliain amháin | Bliain amháin |
| Suimeanna a bhí dlite i dtús na tréimhse | 268,475 | - |
| Deontas a tógadh chuijg ioncam | 855,104 | 768,475 |
| a) Airgead a fuarthas sa tréimhse | 1,123,579 | 500,000 |
| b) Suimeanna a bhí dlite ag deireadh na bliana | - | 268,475 |

Tá na costais €855,104 (2022: €768,475) a tabhaíodh ar áireamh i Nóta 7 faoin teideal "Táillí Réadmhaoine, lena n-áirítear seirbhísí Ailtireachta". Cuimsíonn siad an costas a bhaineann leis an gcomhairle agus an tacaíocht a bhí ag teastáil chun an clár tailte poiblí iomchuí a chothabháil agus chun an tuarascáil ghaolmhar a tháirgeadh.

6. Ioncam Eile

| | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 € | An tréimhse naoi mí dar críoch an 31 Nollaig 2022 € |
|---------------------------|---|--|
| Ioncam úis | 1,316,853 | |
| Ioncam eile | 906,725 | |
| Ioncam lomlán Eile | 2,223,578 | |

Is ionann ioncam úis agus an t-ús a thuilltear ar bhannaí státhchiste a shealbhaítear le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

Is ionann ioncam eile agus forchúiteamh costas a fhaightear ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach i ndáil le costais deartha an Mhoil Digitsigh. Is ionann an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach agus clár de chuid Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa atá ceaptha chun tacú le tionscnaimh chomhtháite athghiniúna i láirionaid uirbeacha ainmnithe. Is iad tionól réigiúnacha a oibríonn an scéim, agus iad ag gníomhú mar údarás bhainistíochta atá freagrach as caiteachas incháilithe a fhíorú ar thionscadail cheadaithe. Cuireann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta cistí ar fáil (tar éis treoir a fháil ón údarás bainistíochta agus faoi réir fíorú a fháil ón údarás bainistíochta) chun caiteachas a aisíoc le húdarás áitiúla ar bhonn cistiú comhfheaghrach. I gcás na Gníomhaireachta, is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an t-údarás bainistíochta.

7. Táillí Gairmiúla

| | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 € | An tréimhse naoi mí dar críoch an 31 Nollaig 2022 € |
|--|---|--|
| Táillí Réadmhaoine, lena n-áirítear seirbhísí Ailtireachta | 3,639,909 | 3,952,914 |
| Seirbhísí Comhairle Infheistíochta | 2,655,610 | 1,100,573 |
| Táillí Dlí | 607,598 | 450,948 |
| Taighde agus Seirbhísí Comhairle | 11,685 | |
| Comhairle Cánach | 27,060 | |
| Táillí Comhairle Corparáidi | 38,376 | 335,136 |
| Tacaíocht Earcaíochta agus Acmhainní Daonna | 644,177 | 200,388 |
| Iniúchóireacht Inmheánach | 244,451 | 150,096 |
| Iniúchóireacht Sheachtrach | 59,420 | 57,820 |
| Táillí Bainistíochta Réadmhaoine | | 22,872 |
| Seirbhísí Soláthair | 81,240 | 13,754 |
| Táillí Gairmiúla lomláná | 8,009,526 | 6,284,501 |

8. Costais Foirne agus Faisnéis Fostaithe

Lón fostaithe

Bhí an meánlón daoine a bhí fostaithe sa tréimhse airgeadais mar a leanas:

| | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 € | An tréimhse naoi mí dar críoch an 31 Nollaig 2022 € |
|---------------------------------------|---|--|
| Príomhoifigeach Feidhmiúcháin | 1 | 1 |
| Foireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin | 4 | 4 |
| Oibríochtaí | 78 | 60 |
| lomlán | 83 | 65 |

Cuimsíonn costais foirne (costais an phríomhphearsana bainistíochta san áireamh) na nithe seo a leanas:

| | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 € | An tréimhse naoi mí dar críoch an 31 Nollaig 2022 € |
|--|---|--|
| Pá agus Tuarastail (ÁSPC san áireamh) | 7,882,305 | 4,216,469 |
| Scéim Pinsean Ranníocaíochta Sainithe | 671,762 | 347,768 |
| Scéim Pinsean Aoisliúntais na Gníomhaireachta | 71,215 | 63,708 |
| Caiteachas na Scéime Pinsean Seirbhise Poiblí Aonair | 13,798 | 9,408 |
| Ioncam na Scéime Pinsean Seirbhise Poiblí Aonair | (13,798) | (9,408) |
| Caiteachais lasachta | 156,173 | 283,130 |
| Oiliúint Foirne agus Ballraíochtaí Gairmiúla | 51,159 | 39,538 |
| Taisteal agus Cothú | 86,869 | 30,712 |
| Caiteachas Eile ar Fhostaithe | 113,731 | 12,149 |
| Costais Foirne lomláná | 9,033,213 | 4,993,474 |

Is é atá i gceist le Caiteachas Eile ar Fhostaithe ná dearbháin bhrontanais a ceannaíodh ar bhonn aonuaire do gach ball foirne de chuid na Gníomhaireachta.

Sochair Foirceanta

Níor iocadh aon sochair foirceanta le linn na bliana.

8. Costais Foirne agus Faisnéis Fostaithe (ar leanúint)

An Príomhphearsanra Bainistíochta

Sainmhíntear príomhphearsanra bainistíochta mar a leanas in alt 33.6 de FRS 102: "na daoine sin ag a bhfuil údarás agus ar a bhfuil freagacht i leith gníomhaíochtaí an eintitis a phleanáil, a stiúradh agus a rialú, go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear aon stiúrthóir (stiúrthóir feidhmiúchán nó stiúrthóir eile) den eintiteas sin". Chuimsigh príomhphearsanra bainistíochta na Cuideachta ag deireadh na bliana an Bord Stiúrthóirí, an Príomhoifigeach Feidhmiúchán agus baill den Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúchán. Bhí luach iomlán na sochar fostaithe a íocadh leis an bpriomhphearsanra bainistíochta mar a leanas:

| | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 € | An tréimhse naoi mí dar críoch an 31 Nollaig 2022 € |
|---|---|--|
| Pá agus Tuarastail (ÁSPC san áireamh) | 1,065,917 | 726,522 |
| Táillí Stiúrthóirí (ÁSPC san áireamh) | 126,974 | 42,944 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin (gan Pinsean Fabhraithe an Phríomhoifigigh Feidhmiúchán atá leagtha amach thíos a áireamh) | 91,124 | 65,043 |
| Iomlán | 1,284,015 | 834,509 |

Ní dhearna an Chuideachta aon iasachtaí, aon quasi-iasachtaí ná aon idirbhearta creidmheasa leis na Stiúrthóirí le linn na tréimhse airgeadais. Áirítear leis na Táillí Stiúrthóirí a íocadh, mar atá leagtha amach thusa, €117,376 (ÁSPC san áireamh) a bhaineann leis an mbliaín fhioscach 2023 agus €9,598 a bhaineann leis an mbliaín 2022.

Luach Saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúchán

Tá luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúchán mar a leanas:

| | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 € | An tréimhse naoi mí dar críoch an 31 Nollaig 2022 € |
|--------------------------------|---|--|
| Tuarastal | 200,000 | 167,005 |
| Feithicil Chuideachta | 13,042 | 7,010 |
| Ranníocaíocht Árachais Sláinte | 5,189 | 3,892 |
| Iomlán | 218,231 | 177,907 |

Faigheann an Príomhoifigeach Feidhmiúchán tuarastal bliantúil €200,000 (2022: €200,000) agus liúntas árachais sláinte €5,200 (2022: €5,200). Ní bhfuair an Príomhoifigeach Feidhmiúchán aon iocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht le linn na tréimhse. Tá teidlioctaí pinsin an Phríomhoifigigh Feidhmiúchán ar aon dul leis na hoibleagáidi conarthacha atá ar an nGníomhaireacht scéim aoisliúntais a bhunú don Phríomhoifigeach Feidhmiúchán. Fad atáthar ag feitheamh le ceadú a fháil chun scéim den sórt sin a bhunú, tá soláthar €60,708 (2022: €43,751) atá bunaithe ar thoinhdí achtúireacha ar áireamh sa ríomhaireacht pinsin atá mionsonraithe i Nóta 12 chun soláthar a dhéanamh don dliteanas pinsin sin.

Rinne an Chuideachta comhaontú léasa oibriúchán an 27 líil 2023 le haghaidh fheithicil leictreach chuideachta an Phríomhoifigigh Feidhmiúchán. Mairfidh an léas sin trí bliana agus is é €14,149, CBL san áireamh, an muirear bliantúil ina leith. Maidir le comhaontú léasa trí bliana roimhe a rinneadh an 16 Meitheamh 2020 agus a raibh costas bliantúil €9,334, CBL san áireamh, ag baint leis, chuaigh sé in éag le linn na bliana.

9. Cumarsáid agus TF

| | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 € | An tréimhse naoi mí dar críoch an 31 Nollaig 2022 € |
|---------------------------------|---|--|
| Fógrán agus Foilseacháin | 81,565 | 81,735 |
| Caidreamh Poiblí agus Cumarsáid | 188,770 | 92,924 |
| Caiteachais TF | 382,881 | 325,620 |
| Iomlán | 653,216 | 500,279 |

10. Cíos, Muirir Sheirbhíse, agus Rátai

| | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 € | An tréimhse naoi mí dar críoch an 31 Nollaig 2022 € |
|-------------------|---|--|
| Cíos | 444,613 | 270,648 |
| Muirir Sheirbhíse | 41,314 | 35,739 |
| Rátai | 104,846 | 23,738 |
| Feistiú | 65,927 | - |
| Iomlán | 656,700 | 330,125 |

11. Riarachán Oifice

| | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 € | An tréimhse naoi mí dar críoch an 31 Nollaig 2022 € |
|--|---|--|
| Árachas | 222,644 | 74,594 |
| Táillí Bainc agus Ús Diúltach | 3,576 | 31,642 |
| Cothabhlí Oifice | 40,441 | 26,988 |
| Teileafón | 45,143 | 26,082 |
| Fóntais | 34,347 | 21,980 |
| Cruinnithe, Comhdhálacha agus Seimineáir | 47,555 | 8,018 |
| Caiteachais Ghinearáltá | 78,825 | 7,319 |
| Iomlán | 472,531 | 196,623 |

12. Pinsin

i. Scéimeanna Pinsean

Scéim Ranníocaíochta Sainithe

Feidhmíonn an Gníomhaireacht scéim pinsean ranníocaíochta sainithe (Máistir-lontaobhas Zurich na Gníomhaireachta um Fhorbairt Talún) d'fhostaithe reatha agus d'fhostaithe nua. Déanann comhaltaí scéime agus an Chuideachta ranníocaíochtaí ag rátaí seasta. Léirítear sna sochair a fhaightear tráth an scoir ciste carnta gach fostáig agus an costas a bhaineann le sochair a cheannach ag an am sin. Is nochta i Nótá 8 atá na ranníocaíochtaí a rinne an Chuideachta leis an scéim ranníocaíochta sainithe le linn na tréimhse.

Scéimeanna Sochair Shainithe

Sular thosaigh an Chuideachta ag trádáil an 31 Márta 2022, d'fheidhmigh an t-eintiteas réamhtheachtach dhá scéim pinsean sochair shainithe do bhaill foirne, ba iad sin: an Scéim Pinsean Seirbhise Poiblí Aonair agus Scéim Aoisliúntais na Gníomhaireachta um Fhorbairt Talún 2022. Tá an dá scéim dúnta anois d'iontráilte nua. Tá scéim pinsean sochair shainithe don Phríomhoifigeach Feidhmiúchán á bunú ag an nGníomhaireacht faoi láthair, ar aon dul leis na ceangaltais chonarthacha atá i bhfeidhm.

Scéim Pinsean Seirbhise Poiblí Aonair (Scéim Aonair (SPSS))

Thóg an Státhiste na dliteanais a bhaineann leis an Scéim Aonair air féin roimh dhíscáileadh an eintits réamhtheachtaigh agus, dá bhrí sin, aistríodh chuig an gCuideachta iad, mar aon le sócmhainn chomhfhreagrach chun freagacht an Státhiste ina leith sin a léiriú. Maidir leis na sochair is iníoctha le comhaltaí den Scéim Aonair, déantar socrú dóibh faoi théarmáí na scéime sin faoi bhainistíocht na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Scéim Aoisliúntais na Gníomhaireachta um Fhorbairt Talún (LDASS)

Dliteanas de chuid na Cuideachta is ea na sochair is iníoctha le comhaltaí de Scéim Aoisliúntais na Gníomhaireachta um Fhorbairt Talún 2022. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúchán ar áireamh sa scéim.

ii. Costas Pinsin

Léiríodh sa tuarascáil achtúireach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 gur méadaíodh €747,576 ag an 31 Nollaig 2022 go €883,716 ag an 31 Nollaig 2023 na dliteanais a bhaineann leis an Scéim Aonair, le Scéim Aoisliúntais na Gníomhaireachta um Fhorbairt Talún 2022 agus leis an gceangaltais conarthach don Phríomhoifigeach Feidhmiúchán maidir le scéim atá fós le bunú. Is féidir é sin a chur síos go príomha don athrú €25,245 i dtóimhdí agus don chailteanas €25,882 ó thaithí, mar gheall ar an gcoigeartú a rinneadh ar shochair na Scéime Aonair faoin treoir-uimhir praghnsanna do thomholtóirí a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis. Cuimsionn an costas seirbhise reatha agus an glanioncam úis iarmhéid na muirear don bhliain 2023, is é sin €81,013.

Tá na gluaiseachtaí sin leagtha amach go mion thíos.

a) Anailís ar Chostaí Iomlána Sochair Scoir

| An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 | | | |
|--|---------|--------|----------|
| | LDASS € | SPSS € | IOMLÁN € |
| Costas seirbhise reatha * | 52,081 | | 52,081 |
| Ús ar dhliteanais scéime pinsean | 15,134 | 13,798 | 28,932 |
| Cistiú larchurtha atá Infhaighte | | | |
| Muirear iomlán scéime sochair shainithe | | | 81,013 |
| Costais phinsin scéim ranníocaíochta sainithe na Gníomhaireachta | | | 671,762 |
| Costais phinsin iomlána | | | 752,775 |

* Baineann an costas seirbhise reatha leis an soláthar conarthach pinsin don Phríomhoifigeach Feidhmiúchán.

12. Pinsin ar leanúint

b) Anailís ar an tSuim atá Aitheanta in Ioncam Cuimsitheach

| | LDASS € | SPSS € | IOMLÁN € |
|---|----------|----------|----------|
| Gnóthachan/(Caillteanas) ó Thaithí ar Dhleiteanais | 10,464 | (36,346) | (25,882) |
| Gnóthachan/(Caillteanas) ar Athruithe i dToimhdí Achtúireacha | (12,914) | (12,331) | (25,245) |
| Muirear iomlán scéime sochair shainithe | (2,450) | (48,677) | (51,127) |

c) Gluaiseacht i nglanoibleagáidí sochair scoir le linn na tréimhse

| | LDASS € | SPSS € | IOMLÁN € |
|---|-----------|-----------|-----------|
| Dliteanas amhail an 31 Nollaig 2022 | (364,302) | (383,274) | (747,576) |
| Costais Seirbhise Reatha | (52,081) | - | (52,081) |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe | (4,000) | - | (4,000) |
| Costais Úis | (15,134) | (13,798) | (28,932) |
| Athrú i dToimhdí Achtúireacha | (12,914) | (12,331) | (25,245) |
| Gnóthachan/(Caillteanas) ó Thaithí | 10,464 | (36,346) | (25,882) |
| Iarmhéid iomlán scéime sochair shainithe* | (437,967) | (445,749) | (883,716) |

*áirítear le hiarmhéid na scéime sochair €104,459 (2022: €43,751) a bhaineann leis an soláthar do glanoibleagáidí sochair don scéim atá fós le bunú don Phríomhoifigeach Feidhmiúchán.

12. Pinsin ar leanúint

Le linn na bliana, athluacháladh an Scéim Aonair ó €383,274 go €445,749 mar a leanas:

| | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 |
|---|--|
| | € |
| An Scéim Pinsean Aonair | |
| An Scéim Pinsean Seirbhise Poiblí Aonair | € |
| Dliteanas amhail an 31 Nollaig 2022 | (383,274) |
| Costas Úis | (13,798) |
| Athrú i dToimhdí * | (12,331) |
| Caillteanas ó thaithí * | (36,346) |
| Caillteanas ar phinsin don tréimhse | (62,475) |
| Dliteanas Phlean ag an 31 Nollaig 2023 | (445,749) |

* Cé nach bhuil na gluaiseachtaí seo léirithe sa Ráiteas loncaim, tá siad ar áireamh sa Ráiteas faoi loncam Cuimsitheach.

d) Glansócmhainn cistiúcháin iarchurtha le haghaidh pinsean – SPSS

| | |
|---|----------------|
| Sócmhainn a ithníodh i dtús na tréimhse | 383,274 |
| Méadú i gcistiú atá inghnóthaithe sa bhliain | 62,475 |
| Sócmhainn Cistiúcháin Iarchurtha Deiridh | 445,749 |

e) Toimhdí Achtúireacha

Maidir leis an luacháil ar na dliteanas scéime a úsáideadh don nochtadh faoi Alt 28 de FRS 102 dar teideal 'Sochair Fostaithe', bhí sí bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán a ndearna achtúire cárliche neamhspleách í ag an 31 Nollaig 2023. Tomhaiseadh dliteanas scéime pinsean trí úsáid a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta.

12. Pinsin ar leanúint

f) Toimhdí Airgeadais

| | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 |
|------------------------------|--|
| Ráta lascaine | 3.30% |
| Ráta méadaithe i dtuarastail | 3.40% |
| Ráta boilscithe | 2.40% |
| Méaduithe pinsin amach anseo | 2.40% |

Is é an ráta lascaine an ráta úis a úsáidtear chun oibleagáidí sochair iarfhostaíochta a lascainiú, agus cinntear é bunaithe ar thorthaí margaidh ar bhannaí corporáide ardchaighdeáin. Tá an ráta lascaine 3.30% a úsáideadh sa luacháil achtúireach bunaithe ar thorthaí atá ar fáil ar bhannaí corporáide ardchaighdeáin atá ainmnithe in euro agus a bhfuil fad ama cuí i gceist leo.

Tá an ráta boilscithe 2.9% a toimhdíodh ag teacht leis an sprioc fhadtéarmach atá ag an mBanc Ceannais Eorpach do bhoilsciú sa limistéar euro, arna coigeartú chun boilsciú intuigthe reatha a léiriú bunaithe ar thorthaí margaidh agus ar thorthaí babhtála. Toimhdítéar go méadóidh pinsin agus tuarastail ar aon dul le boilsciú.

Toimhdí Déimeagrafacha

Tá an líon daoine sa Chuideachta ar comhaltaí scéime iad ró-íseal chun aon mheastacháin fhiúntacha a tháirgeadh agus a analísíú ar leibhéal mhortlaíochta amach anseo. Mar thoradh air sin, úsáideadh na táblai caighdeánacha mortlaíochta seo a leanas le linn an luacháil achtúireach a dhéanamh:

| | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 |
|------------------------------|--|
| Mortlaíocht roimh an Scor | Dada |
| Mortlaíocht tar éis an Scoir | Fir: 58% ILT15 Mná: 62% ILT15 |

Déantar leis na boinn mhortlaíochta thusa soláthar d'fheabhsuite ar ionchas saoil le himeacht ama, a fhágann go mbeidh an t-ionchas saoil ag brath ar an mbliain ina mbainfidh an comhalta aois scoir amach. Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas caighdeánach saoil do chomhaltaí de na scéimeanna pinsean:

| Aois Reatha | Ionchas Saoil na bhFear | Ionchas Saoil na mBan |
|-------------|-------------------------|-----------------------|
| 45 | 24.3 bliain | 26.4 bliain |
| 65 | 22.1 bliain | 24.3 bliain |

12. Pinsin ar leanúint

g) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe, na sócmhainní agus na ngnóthachan agus na gcaillteanas ó thaithí

| | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 |
|--|--|
| Difríocht idir an t-ús ionchais agus an t-ús iarbír ar shócmhainní scéime pinsean: | |
| Suim (€) | n/b |
| Céadán de shócmhainní scéime pinsean | n/b |
| Caillteanas ó thaithí ar dhliteanais scéime pinsean: | |
| Suim (€) | (25,882) |
| Céadán de dhliteanais scéime pinsean | (2.9%) |
| Suim iomlán atá aitheanta in loncam Cuimsitheach: | |
| Suim (€) | (51,127) |
| Céadán de dhliteanais scéime pinsean | (5.8%) |

13. Costais Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin

| | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 € | An tréimhse naoi mí dar críoch an 31 Nollaig 2022 € |
|---------------------------------|--|---|
| Táillí Stiúrthóirí | 110,250 | 44,124 |
| Taisteal agus Cothú Stiúrthóirí | 6,886 | 379 |
| Cruinnithe Stiúrthóirí | 1,149 | 320 |
| Iomlán | 118,285 | 44,823 |

14. Réadmhaoin, Gléasra, agus Trealamh

| | Sócmhainní ar Cíos de réir Costais | Sócmhainní atá á dTógáil | Feabhsuithe Léasacha | Daingneán agus Feistis | Trealamh TF | Iomlán |
|-----------------------------------|------------------------------------|--------------------------|----------------------|------------------------|-------------|-------------|
| Costas | € | € | € | € | € | € |
| Iarmhéid Tosaigh ag an 01/01/2023 | 11,010,661 | 17,720,792 | 47,962 | 43,466 | 175,869 | 28,998,750 |
| Breiseanna | 295,810,775 | 106,006,835 | | 27,642 | 175,614 | 402,020,866 |
| Athaicmiú | | | | | | |
| Iarmhéid Deiridh ag an 31/12/2023 | 306,821,436 | 123,727,627 | 47,962 | 71,108 | 351,483 | 431,019,616 |

| Dímheas | | | | | | |
|------------------------------------|-------------|-------------|--------|--------|---------|-------------|
| Iarmhéid Tosaigh ag an 01/01/2023 | 25,326 | | 4,496 | 4,052 | 76,814 | 110,688 |
| Muirear don tréimhse | 2,271,744 | | 5,995 | 6,094 | 89,550 | 2,373,384 |
| Iarmhéid Deiridh ag an 31/12/2023 | 2,297,070 | | 10,491 | 10,146 | 166,364 | 2,484,071 |
| Glanluach Leabhar ag an 31/12/2023 | 304,524,366 | 123,727,627 | 37,471 | 60,962 | 185,119 | 428,535,545 |

14. Réadmhaoin, Gléasra, agus Trealamh (ar leanúint)

| | Sócmhainní ar Cíos de réir Costais | Sócmhainní atá á dTógáil | Feabhsuthe Léasacha | Daingneán agus Feistis | Trealamh TF | lomlán |
|-----------------------------------|------------------------------------|--------------------------|---------------------|------------------------|-------------|------------|
| Costas | € | € | € | € | € | € |
| Iarmhéid Tosaigh ag an 20/12/2021 | | | | | | |
| Sócmhainní a Aistríodh | | | 47,962 | 43,466 | 175,869 | 267,297 |
| Breiseanna | 11,010,661 | 16,614,952 | | | | 27,625,613 |
| Athaicmiú | | | | | | 1,105,840 |
| Iarmhéid Deiridh ag an 31/12/2022 | 11,010,661 | 17,720,792 | 47,962 | 43,466 | 175,869 | 28,998,750 |

| Dímheas | | | | | | |
|------------------------------------|------------|------------|--------|--------|--------|------------|
| Iarmhéid Tosaigh ag an 20/12/2021 | | | | | | |
| Muirear don tréimhse | 25,326 | | 4,496 | 4,052 | 76,814 | 110,688 |
| Iarmhéid Deiridh ag an 31/12/2022 | 25,326 | | 4,496 | 4,052 | 76,814 | 110,688 |
| Glanluach Leabhar ag an 31/12/2022 | 10,985,335 | 17,720,792 | 43,466 | 39,414 | 99,055 | 28,888,062 |

14. Réadmhaoin, Gléasra, agus Trealamh (ar leanúint)

Áirítear le Sócmhainní atá á dTógáil na hoibreacha tógála atá ar siúl agus na costais deartha a thabhaítear ag láithreán i gcás go meastar gur dóigh gur chuig an gCuideachta a shreadhfaidh na tairbhí eacnamaiocha amach anseo a bhaineann leis an tionscadal agus gur féidir costais a thomhas ar bhealach iontaofa. Cuimsíonn siad sin na tionscadail seo a leanas: Caisleán Sheangánaí i Seanchill, Co. Bhaile Átha Cliath; Ospidéal Chaoimhín i gCo. Chorcaí; Dún Úi Dhubhuí ar an Nás, Co. Chill Dara; Fearann an Chaisleán i mBaile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath; Baile an Haicéadaigh ar na Scéirí, Co. Bhaile Átha Cliath; Gairdíní San Treasa i mBaile Átha Cliath 8; Caisleán na Croma i mBaile Átha Cliath 17; Cluain Ghrifín i mBaile Átha Cliath 13; an Cloigín Gorm i mBaile Átha Cliath 12; Bóthar na Díge i gCo. na Gaillimhe; Gort na Silíní i mBaile Átha Cliath 10; agus an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar i nDún Droma, Baile Átha Cliath 14.

Áirítear le Sócmhainní atá á dTógáil Talamh ab fhiú €56,140,863 ag an 31 Nollaig 2023 (2022: €1,105,840) ag Cúirt San Tomás i mBaile Átha Cliath 8, ag Ospidéal Chaoimhín, ag Cluain Ghrifín, ag Dún Úi Dhubhuí, agus ag Cluain Saileach i mBaile Átha Cliath 15.

Áirítear le Sócmhainní atá á dTógáil athaicmiú a bhaineann le láithreán a ceannaíodh ag Cúirt San Tomás sa bhliain 2021, ar aicmigh eintiteas réamhtheachtach na Gníomhaireachta é mar réadmhaoin infheistíochta roimhe sin. Tar éis an cur chuige cuntasáiochta a athbhreithniú, d'athaicmigh an Chuideachta an tsócmhainn mar réadmhaoin, gléasra agus trealamh.

I mí na Nollag 2023, d'iarr an Chuideachta €4,068,461 a íostarraingt ó Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, atá ag fáil airgead ó Chiste na Láithreán Seirbhísithe do Thionscadal Eastát Chaisleán Sheangánaí i Seanchill, Co. Bhaile Átha Cliath. Baineann an íostarraingt le luach na n-oibreacha bonneagair láithreán a cuireadh i gcrích go dtí seo chun tógáil 306 aonad cónaithe ar Cíos de réir Costais a eascú. Tá na haonaid á bhforbairt ag an nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún i gcompháirt le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Tá na príomhbheartais chuntasáiochta maidir leis an dóigh a gcaitear le Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh leagtha amach i Nótá 2.

15. Sócmhainní Doláimhsithe

| | An Clár Tailte Poiblí lomchuí | Forbairt Bogearraí | lomlán |
|---|-------------------------------|--------------------|---------|
| Costas | € | € | € |
| Iarmhéid Tosaigh ag an 01/01/2023 | 304,697 | 60,192 | 364,889 |
| Breiseanna | | | |
| Iarmhéid Deiridh ag an 31/12/2023 | 304,697 | 60,192 | 364,889 |
| Amúchadh | | | |
| Iarmhéid Tosaigh ag an 01/01/2023 | 66,885 | | 66,885 |
| Muirear don tréimhse | 89,179 | | 89,179 |
| Iarmhéid Deiridh ag an 31/12/2023 | 156,064 | | 156,064 |
| Glanluach Leabhar ag an 31/12/2023 | 148,633 | 60,192 | 208,825 |

15. Sócmhainní Doláimhsithe (ar leanúint)

| | An Clár Tailte Poiblí lomchuí | Forbairt Bogearrai | lomlán |
|---|-------------------------------|--------------------|----------------|
| Costas | € | € | € |
| Iarmhéid Tosaigh ag an 20/12/2021 | | | |
| Sócmhainní a Aistríodh | 304,697 | 60,192 | 364,889 |
| Breiseanna | | | |
| Iarmhéid Deiridh ag an 31/12/2022 | 304,697 | 60,192 | 364,889 |
| Amúchadh | | | |
| Iarmhéid Tosaigh ag an 20/12/2021 | | | |
| Muirear don tréimhse | 66,885 | 66,885 | 66,885 |
| Iarmhéid Deiridh ag an 31/12/2022 | 66,885 | 66,885 | 66,885 |
| Glanluach Leabhar ag an 31/12/2022 | 237,812 | 60,192 | 298,004 |

Thosaigh an Chuideachta ar bhogearraí cuntasaíochta a chur chun feidhme sa bhliain 2022, agus tá na costais forbartha á gcaipití liú aici. Tosófar ar chostais forbartha bogearraí a amúchadh nuair a bheidh an tsócmhainn ar fáil lena húsáid.

16. Féichiúnaithe agus suimeanna infhaighte eile

| | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 € | An tréimhse naoi mí dar críoch an 31 Nollaig 2022 € |
|---|--|---|
| Suimeanna a bheidh infhaighte laistigh de bhliain amháin: | | |
| Réamhíocaíochtaí agus Éarlaisí | 16,487,684 | 13,048,748 |
| Féichiúnaithe Eile | 12,990,721 | 1,183,753 |
| Ioncam Fabhráithe Deontais | | 268,475 |
| lomlán | 29,478,405 | 14,500,976 |

17. Stoc

| | Aonaid Inacmhainne ar Díol | Tithíocht Shóisialta | lomlán |
|--|----------------------------|----------------------|-------------------|
| Costas | € | € | € |
| Iarmhéid Tosaigh ag an 01/01/2023 | 1,502,287 | 657,551 | 2,159,838 |
| Breiseanna | 28,116,813 | | 28,116,813 |
| Costais foirgníochta a tabhaíodh | 12,061,830 | 23,532,629 | 35,594,459 |
| Costais a athmhuiirearaíodh (Nóta 4 maidir le Láimhdeachas) | | (24,086,391) | (24,086,391) |
| Costais foirgníochta a tabhaíodh agus nár athmhuiirearaíodh | 41,680,930 | 103,789 | 41,784,719 |

| | Aonaid Inacmhainne ar Díol | Tithíocht Shóisialta | lomlán |
|--|----------------------------|----------------------|------------------|
| Costas | € | € | € |
| Iarmhéid Tosaigh ag an 20/12/2021 | | | |
| Costais foirgníochta a tabhaíodh | 1,502,287 | 2,960,557 | 4,462,844 |
| Costais a athmhuiirearaíodh (Nóta 4 maidir le Láimhdeachas) | | (2,303,006) | (2,303,006) |
| Costais foirgníochta a tabhaíodh agus nár athmhuiirearaíodh | 1,502,287 | 657,551 | 2,159,838 |

Baineann stoc le breiseanna agus le costais foirgníochta a tabhaíodh do na haonaid tithiochta Inacmhainne ar Díol ar láithreáin na Gníomhaireachta ag Caisleán Sheangánaí, ar an Uaimh, i gCill Bharra agus i gCluain Mhór, móide an sciar Tithíocht Shóisialta de na costais foirgníochta a tabhaíodh ag láithreán Chaisleán Sheangánaí ach nár sonrascadh chuig Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin go fóill. Maidir le stoc a shealbhaitear mar Aonaid Inacmhainne ar Díol, gnóthófar costais foirgníochta trí é a dhíol le ceannaitheoirí Aonaid Inacmhainne ar Díol nó trí straitéis eile, de réir mar is gó.

18. Airgead agus coibhéisí airgid

| | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 € | An tréimhse naoi mí dar críoch an 31 Nollaig 2022 € |
|---|--|---|
| Airgead | 124,280,039 | 54,126,292 |
| Bannaí Státhiste GBCN | 300,250,078 | - |
| Cistí atá ina seilbh ag aturnaetha | 2,477,208 | - |
| Cistí atá ina seilbh ag gníomhairí bainistíochta | 177,776 | - |
| Iomlán | 427,185,101 | 54,126,292 |

19. Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile

| | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 € | An tréimhse naoi mí dar críoch an 31 Nollaig 2022 € |
|---|--|---|
| Suimeanna a bheidh iníoctha laistigh de bhliain amháin: | | |
| Fabhruithe | 21,509,344 | 9,152,112 |
| Creidiúnaithe Trádála | 7,054,897 | 773,136 |
| CBL | 1,228,500 | 587,450 |
| Cáin ar Sheirbhísí Gairmiúla | 319,140 | 185,417 |
| ÍMAT/ÁSPC | 323,717 | 204,564 |
| Éarlaisí atá á sealbhú i leith tithíocht ar cíos de réir costais | 176,455 | - |
| Iomlán | 30,612,053 | 10,902,679 |

20. Scairchaipiteal agus Cúlchistí

| | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 € | An tréimhse naoi mí dar críoch an 31 Nollaig 2022 € |
|---|--|---|
| Iarmhéid Tosaigh | 100,000,000 | - |
| Scaireanna a eisíodh le linn na tréimhse ar chostas €1.00 an ceann | 825,000,000 | 100,000,000 |
| Iarmhéid Deiridh | 925,000,000 | 100,000,000 |

Le linn na tréimhse, d'eisigh an Chuideachta 825 mhilliún gnáthscair ar chostas €1.00 an ceann (2022: 100 milliún gnáthscair ar chostas €1.00 an ceann) chun ceangaltais chaipítel agus oibríochtaí ginearálta leanúnacha na Cuideachta a mhaoliniú. Sealbhaíonn an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta úinéireacht thairbhiúil deiridh na Cuideachta trí 9 milliún scair ainmniúil agus 1 mhilliún scair ainmniúil a bheith acu faoi seach. Tá tuilleadh íostarraingtí scaireanna nocta faoi Nótá 24 dar teideal "Eachtraí tar éis an Chláir Comhardaithe". Tá aicme gnáthscaireanna amháin ag an gCuideachta, ar scaireanna iad nach ngabhann aon cheart chun ioncam seasta a fháil. Bhí gach suim scairchaipítel iócta ina n-ionláine.

Is é €5,000,000,000 scairchaipiteal údaraithe na Cuideachta, agus é roinnt ina 5,000,000,000 gnáthscair ar chostas €1.00 an ceann.

Foráiltear leis an Acht fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún, 2021, go n-aontóidh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe le bunreacht na Cuideachta agus nach sealbhóidh ach an bheirt sealbhóirí oifige Aireachta sin scairchaipiteal eisithe uile na Cuideachta, aon tráth ar leith.

Tráth chorprú na Gníomhaireachta mar chuideachta gníomháiochta ainmnithe, shuibscríobh an bheirt Airí le haghaidh scaireanna de réir alt 25(2) den Acht fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún. Rinne an Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn, atá faoi bhainistiú agus faoi rialú ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, an t-airgead suibscríbhinne a ioc thar ceann na nAirí, de bhun ordachán ón Aire Airgeadais faoi alt 42B den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014.

Ní fhéadfaidh ach an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe suibscríobh le haghaidh tuilleadh scaireanna sa Chuideachta. Le halt 25(3) den Acht fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún, ceadaítear don Chuideachta, le réamhthoiliú an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, tuilleadh scaireanna a eisiúint chuig an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe. Tá an t-airgead suibscríbhinne le híoc ag an gCiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn faoi alt 42B den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014.

21. Ranníocaíocht Caipitil

Thóg an Chuideachta sócmhainní agus dliteanas iomchuí an eintitis réamhtheachtaigh uirthi féin. Meastar gurb ionann an staid glansócmhainne €245,869 agus Ranníocaíocht Caipitil leis an gCuideachta.

Ba é a bhí i gceist leis an ranníocaíocht caipitil ná na sócmhainní agus na dliteanas seo a leanas a aistriú ón nGníomhaireacht roimhe ag an 31 Márta 2022:

| | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 € | An tréimhse naoi mí dar críoch an 31 Nollaig 2022 € |
|---|--|---|
| Sócmhainní Neamhreatha | 1,738,026 | 1,738,026 |
| Sócmhainní Reatha | 1,649,562 | 1,649,562 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | (2,626,380) | (2,626,380) |
| Glanobleagáid Sochair Scoir | (515,339) | (515,339) |
| Ranníocaíocht Caipitil lomlán | 245,869 | 245,869 |

Níor aistríodh ón eintiteas réamhtheachtach deontas dar luach €976,818 a bhí infhaigte ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Aistríodh dliteanas pinsin agus sócmhainn chomhfheagrach dar luach €627,226 ón eintiteas réamhtheachtach. Mar sin féin, tá siad glanluachálte sa tábla thusa faideal "Glanobleagáid Sochair Scoir".

22. Luach Saothair Iniúchóireachta Seachtraí

Is é Forvis Mazars, Cuntasóirí Caire, iniúchór reachtúil ceaptha na Cuideachta. D'fhabhraigh an Chuideachta €41,820 (2022: €41,820), CBL san áireamh, i leith chostas measta an iniúchta reachtúil ar ráitis airgeadais na Cuideachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023. Ní sholáthraíonn Forvis Mazars aon seirbhísí dearbaithe, aon seirbhísí comhairle cánach ná aon seirbhísí neamhiniúchóireachta eile don Chuideachta.

Tá an Chuideachta faoi réir iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de bhun an Acta. D'fhabhraigh an Chuideachta €17,600 (2022: €16,000) i leith chostas measta an iniúchta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023.

23. Ceangaltais Léasa

Tá ceangaltais ar an gCuideachta i leith léas ar chóiríocht oifige ag Teach Áth na Fuinseoige, Sráid na Teamhrach, Baile Átha Cliath 2, rud a shealbhaitear ar léas deich mbliana a thosaigh i mí Eanáir 2020.

Ag an 31 Nollaig 2023, bhí na ceangaltais iocaíochta léasa íosta amach anseo ar an gCuideachta faoi léasanna neamh-inchealaithe:

| | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 € | An tréimhse naoi mí dar críoch an 31 Nollaig 2022 € |
|---|--|---|
| Iníoctha laistigh de bhliain amháin | 369,747 | 363,690 |
| Iníoctha laistigh de thréimhse idir 2 bhliain agus 5 bliana | 1,451,189 | 1,432,976 |
| Iníoctha tar éis 5 bliana | 358,244 | 716,488 |

Maidir leis na costais i ndáil leis an bhfeistiú agus i ndáil le nithe áirithe eile, seachas gnáthchostais bhunaithe agus oibriúcháin, leithdháileadh iad chun críocha caipitil agus cuireadh ar áireamh iad faoin teideal Feabhsuithe Léasacha i Sócmhainní Seasta. Caitear ar bhealach comhchosúil le feabhsuithe leanúnacha ar an áitreabh.

24. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara/Nochtadh Leasanna

Is cuideachta Éireannach atá faoi úinéireacht an Stáit í an Chuideachta. Mar sin, is páirtí gaolmhara de chuid Rialtas na hÉireann í. Sealbháonn an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe 99.89% den scairchaipiteal eisithe agus sealbháonn an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an 0.11% eile de (féach nota 18 chun tuilleadh mionsonraí a fháil faoi idirbhearta scairbhunaithe le linn na tréimhse).

Corpraíodh dhá fhochuideachta atá faoi lánúinéireacht na Cuideachta le linn na tréimhse, agus LDA Public Services DAC agus LDA Residential Holdings DAC á gcorprú an 11 Deireadh Fómhair 2023. Bhí na cuideachtaí neamhghnómach agus ní raibh siad ag trádáil ag an dáta a síniódh na ráitis airgeadais.

Ní raibh aon leas tairbhiúil ag na Stiúrthóirí sa Chuideachta tráth ar bith le linn na bliana.

Comhlíonn an Chuideachta an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna eisíúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i ndáil le leasanna chomhaltaí agus bhaill foirne na Cuideachta a nochtadh. Tá nósanna imeachta foirmiúla ann chun a chinntí go gcloítear leis an gceanglas sin den Chód.

Rinne an Chuideachta comhaontú leis an nGníomhaireacht Tithíochta agus le Comhairle Contae Lú, áit ar sholáthair na heintitis sin fostáí amháin an ceann don Chuideachta ar shocrú iasachta.

Rinne an Chuideachta comhaontú le Comhairle Cathrach Choráí freisin, áit ar sholáthair an Chuideachta beirt fhostaithe don Chomhairle ar shocrú iasachta.

24. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara/Nochtadh Leasanna (ar leanúint)

Bhí tionscadail ar bun ag an gCuideachta le húdarás áitiúla mar a leanas freisin:

- Seangánach, Baile Átha Cliath:** I gcompháirt le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, soláthróidh an Ghníomhaireacht 597 dteach ar láithreán Sheangánaí i Seanchill. Is mar thithe ar cíos de réir costais (cíosanna inacmhainne) nó mar thithe inacmhainne ar diol a sholáthrófar dhá thrian de na tithe sin.
- Ospidéal Chaoimhín, Corcaigh:** Le tacaíocht ó Chomhairle Cathrach Chorcaí, tá an sainchomhartha thíre aithnidiúil seo i gCorcaigh á athchuspórú ag an nGníomhaireacht ina fhorbairt chónaithe ina mbeidh breis agus 260 teach a chuimseoidh meascán de thionachtaí sóisialta, inacmhainne agus príobháideacha.
- Gairdíní San Treasa (Tionscadal Dhún Uabhair):** I gcompháirt le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, tá forbairt 543 theach nua á cur ar aghaidh ag an nGníomhaireacht. In éineacht le spás tráchtála/miondíola, creis, agus spás pobail/cultúir/ealaíon, beidh na tithe sin ina gcnámh droma do phobal nua leithleach, comhtháite agus uirbeach. Táthar ag súil leis go dtosófar obair ar an láithreán sa bhliain 2024, tar éis cead a dheonú go rathúil sa bhliain 2023.
- Gort na Silíní:** I gcompháirt le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, tá pleananna á gcur ar aghaidh ag an nGníomhaireacht le haghaidh tailte a fhorbairt i mBaile Átha Cliath 10 chun forbairt chónaithe nua mhór úsáide measacha a chruthú thar roinnt céimeanna. Cuimseoidh an fhorbairt 1,100 teach, mar aon le spásanna taitneamhacha poiblí, pobail, miondíola, agus tráchtála.
- Caisleán na Croma:** I gcompháirt le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, tá 146 theach cónaithe nua (idir thithe ar cíos de réir costais agus thithe sóisialta) á bhforbairt ag an nGníomhaireacht ar thailte i mBaile Átha Cliath 5, mar aon le spás pobail, ealaíon agus cultúir. Táthar ag súil leis go dtosófar obair ar an láithreán sa bhliain 2024.
- Dugthailte Chorcaí:** Tá Oifig Soláthair Dhugthailte Chorcaí á hacmhainniú ag an nGníomhaireacht agus ag Comhairle Cathrach Chorcaí i gcomhar le chéile, ar Oifig í atá ag cur ar aghaidh an bhonneagair a theastaíonn chun soláthair criticiúil a dhíghlasail i nDugthailte Chorcaí.
- Bóthar na Díge, Gaillimh:** Tá an fhorbairt seo á cur ar aghaidh chuig céim an iarratais pleanála i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, agus í ceaptha chun scéim athbheochana a bheidh faoi stiúir ag tithíocht chónaithe a sholáthar i gcroílár Chathair na Gaillimhe.
- Bóthar Uí Chiara, Luimneach:** Tá an fhorbairt seo á cur ar aghaidh chuig céim na coimeála láithreán agus na treorach le haghaidh dearadh i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh do láithreán Bhóthar Uí Chiara, atá ar an gcéad tionscadal forbartha faoi cheart pleanála Cheathrú Cholbaird. Tá an Ghníomhaireacht ag tacú le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chun scéim Tithíochta Inacmhainne ar Díol a sholáthar i Mungairit freisin, agus táthar ag súil leis go gcuirfear tú le hobair ar an láithreán le linn na bliana 2024.
- Na Dugaí Thuaidh, Port Láirge:** Tá an Ghníomhaireacht ag déanamh caidreamh le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus leis an bpriomhfhobrór ar an eilimint chónaithe d'athbheochan na nDugaí Thuaidh.

25. Ceangaltais Chaipítel

Ag dáta an chláir comhardaithe, bhí conarthaí dar luach comhionnlán €413 mhilliún déanta ag an gCuideachta le haghaidh tithíocht a sholáthar ar thionscadail soláthair dhírig agus le haghaidh réamhcheannach tithe faoin tionscnamh 'Project Tosaigh'.

26. Eachtraí tar éis an Chláir Comhardaithe

An 6 Márta 2024, achtáodh leasuithe reachtacha lenar gealladh €1.25bn eile i gcothromas don Ghníomhaireacht, mar atá leagtha amach i Nóta 2 faoin gceantteideal 'Gnóthas Leantach'.

An 25 Aibreán 2024, cheadaigh na Stiúrthóirí leithroinnt agus eisiúint scaireanna de 325 mhilliún gnáthscair sa Chuideachta. Ar phraghas subscríbhinn €1 in aghaidh na scaire, is é €325 mhilliún an praghas comhionnlán subscríbhinn atá i gceist. Ní bhfuair an Chuideachta aon fháltais ón eisiúint scaireanna sin go fóill.

An 25 Aibreán 2024, cheadaigh na Stiúrthóirí an t-iarratas ar Scéim Infheistíochta um Thionóntacht Shlán ar Chíos Inacmhainne trí Chomhaontú um Rannpháirtíocht Cothromais. Rinneadh an conradh, agus fuarthas cistíu €60 milliún ón nGníomhaireacht Tithíochta i mí na Bealtaine 2024.

27. Dliteanais Theagmhasacha

Rinne an Chuideachta conarthaí le compháirtithe soláthair, lena bhforáiltear go dtóigfaidh siad aonaid inacmhainne ar diol ar praghas comhaontaite. Más rud é nach bhfoinseofar aon cheannaitheoirí tí do na haonaid sin, foráiltear leis na conarthaí go bhféadfar oibleagáid a chur ar an gCuideachta na haonaid a cheannach agus úinéireacht a thógáil orthu. Amhail an 31 Nollaig 2023, b'ionann costas na hoibleagáide sin, dá dtiocfad sí chun cinn, agus €18 milliún. Más rud é go dtiocfaidh an oibleagáid chonarthach sin chun cinn, déanfaidh an Chuideachta athbhreithníu ar úsáid na tithíochta sin faoi na scéimeanna éagsúla aonad inacmhainne nó aonad ar cíos de réir costais a fheidhmíonn sí.

Le linn na bliana, fuair an Chuideachta cead pleanála le haghaidh 852 theach ar láithreán an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar i nDún Droma. Thionscain duine aonair imeachtaí athbhreithníthe bhreithiúnaigh ina leith sin, agus tá an ní fós ar siúl. D'fhéadfadh gurbh ionann na costais dlí lena mbaineann agus tuairim is €324,000.

28. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Rinne an Bord na Ráitis Airgeadais a cheadú agus a údarú lena n-eisiúint an 14 Meitheamh 2024.



An Ghníomhaireacht Forbartha Talún
The Land Development Agency

Tuarascáil Bhliantúil 2023

The Land Development Agency DAC